# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2013

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

# Tuarascáil Bhliantúil 2013

**Clár na nÁbhar**

Brollach ón Aire 2
Réamhrá ón Ard-Rúnaí 3
Ár Misean 4
Maidir Linn 5
Ár nÉachtaí - 2013 7
**Ráiteas Straitéise 2011 - 2014** 10
1. Fiontar a Chur Chun Tosaigh 11
2. Feabhas a Chur ar Iomaíochas agus ar Rochtain ar Mhaoiniú 16
3. Forbairt Fiontar agus Poist 21
4. Onnmhairí a Mhéadú 32
5. Rialáil 34
6. Nuálaíocht 43
7. Forbairt a dhéanamh ar Earnálacha a bhfuil Gealladh fúthu: 48
**Uachtaránacht na hÉireann ar an AE 2013** 58
**Aguisín 1** 66
Ráitis Airgeadais Iniúchta amhail an 31 Nollaig 2013 66
**Aguisín 2** 77
Billí a foilsíodh in 2013 77
**Aguisín 3** 78
Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2013 78
**Aguisín 4** 79
Éachtaí a baineadh amach le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE 79

# Brollach ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta



Is í seo an tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chuir Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mo láthair agus taispeántar go soiléir inti go bhfuil cruthú agus cosaint post fós lárnach do raon éagsúil ghníomhaíochtaí agus fhreagrachtaí na Roinne. Lainseáladh an dara Plean Gníomhaíochta do Phoist i mí Feabhra 2013. I mórimeacht ó phlean 2012, bhí seacht mbeart um "athchóiriú suaiteach" ann sa Phlean, ina raibh 333 ghníomh a forbraíodh as an dul chun cinn a rinneadh in 2012. D'fhéadfadh na bearta sin tionchar láithreach a imirt. Leis na bearta sin cuirtear dúshlán os comhair an chórais maidir le hathrú uaillmhianach a sholáthar chun tacú le cruthú post.

In 2013, chonaiceamar na leibhéil is airde le os cionn deich mbliana anuas maidir le cruthú post. Chruthaigh cliantchuideachtaí GFT Éireann 13,367 bpost úra, lenar bhain glanmhéadú 7,070 post ar an bhfostaíocht. Tháinig glanmhéadú 5,422 phost i gcliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann sa bhliain chéanna.

Bhí ról lárnach ag an Roinn le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa chéad leath de 2013 maidir le spreagadh an chláir oibre um "fhás agus poist eacnamaíocha inbhuanaithe a chur chun cinn agus buntáiste iomaíoch na hEorpa a fhorbairt" agus cuireadh os cionn 60 mír reachtach aonair i réimsí beartais agus reachtaíochta na Roinne seo ar aghaidh le linn ár n-uachtaránachta ar an AE.

Leanadh le dul chun cinn na hoibre ar chónascadh na 5 chomhlacht um chaidreamh san áit oibre le linn 2013 agus lainseáladh an suíomh gréasáin www.workplacerelations.ie i mí Dheireadh Fómhair 2013. Soláthraítear foinse aonair faisnéise sa suíomh gréasáin sin maidir le reachtaíocht um fhostaíocht, comhionannas agus caidreamh tionsclaíoch agus seirbhísí poiblí lena mbaineann.

Bhí lánscor na mBord Fiontar Contae (BFCanna) agus bunú na nOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁnna) curtha ar aghaidh go maith le linn 2013. Beidh na hOFÁnna ina n-ionad tosaigh do dhuine ar bith a mbeidh faisnéis agus tacaíocht á lorg acu nó a mbeidh gnó á thosú nó á fhás acu in Éirinn. Soláthróidh siad seirbhís tacaíochta níos fearr agus níos comhtháite do mhionghnóthais agus do ghnóthais bheaga in Éirinn.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí agus leis an bhfoireann go léir sa Roinn, ina hOifigí agus ina Gníomhaireachtaí as a n-obair dhochloíte le linn na hUachtaránachta ar an AE, agus iad ag leanúint ag an am céanna leis an obair chrua chun ár mbeartais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme agus na spriocanna inár Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don obair leanúnach dhochloíte a rinne John Perry TD, an tAire Gnóthas Beaga, agus Seán Sherlock TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta, mo chomhghleacaithe Aireachta ag an am sin.

**Richard Bruton**
**An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

# Réamhrá ó John Murphy, an tArd-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2013 na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina bhfuil mionsonraí maidir leis an dul chun cinn a rinneadh ar na gealltanais a tugadh inár Ráiteas Straitéise 2011 - 2014. Ós rud é go raibh Uachtaránacht an AE i seilbh na hÉireann ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 30 Meitheamh 2013, tá caibidil curtha ar leataobh againn sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn maidir leis an eachtra thábhachtach sin agus an ról a bhí ag ár Roinn le linn na hUachtaránachta.



Thar an tréimhse sé mhí d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, bhí an Roinn seo páirteach in os cionn 300 cruinniú sa Bhruiséil agus beagnach 900 cruinniú sa Ghinéiv agus in áiteanna eile. D'eagraíomar 5 cinn de Chomhairlí foirmiúla agus 3 cinn de Chomhairlí neamhfhoirmiúla, chomh maith le roinnt imeachtaí roimh an Uachtaránacht i ndeireadh 2012. I gcomhthéacs na n-acmhainní laghdaithe, tá a fhios agam go maith go raibh ualach breise ar an bhfoireann agus tá moladh mór tuillte acu as a gcomhiarracht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith as ceannaireacht agus tiomantas pearsanta ár nAirí le linn na hUachtaránachta.

Chomh maith leis an Uachtaránacht ar an AE, leanadh le gnáthobair laethúil na Roinne le linn 2013. Lainseáladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist i mí Feabhra 2013. Cuireadh Céim an Choiste de Bhille na gCuideachtaí 2012 i gcrích agus chruthaigh GFT Éireann 7,070 post (glan) úr agus thaifead Cliantchuideachtaí FÉ an méadú foriomlán ab airde i leibhéil fostaíochta le deich mbliana anuas, agus 5,442 phost (glan) cruthaithe. Leanadh le cónascadh na 5 chomhlacht um chaidreamh san áit oibre as éadan agus leanadh le comhtháthú Forfás a chur chun cinn agus tá athrú á dhéanamh ar Fhorbairt Shionainne le bheith ina cuid de Ghrúpa na Sionainne cpt.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an bhfoireann sa Roinn, ina hOifigí agus ina Gníomhaireachtaí as a n-obair chrua leanúnach. In éineacht lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais agus lenár ngeallsealbhóirí éagsúla, leanfaimid leis an obair ríthábhachtach a chur chun cinn chun spriocanna ár Straitéise a bhaint amach sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

**John Murphy**
**Ard-Rúnaí**


# Ár Misean

*Tacaíocht a thabhairt do chruthú post maith trí thimpeallacht gnó iomaíoch a fhorbairt ina n-oibreoidh fiontair ar ardchaighdeán agus ina bhfásfaidh siad i margaí inbhuanaithe*

# Maidir Linn

Tá príomhról ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le cur chun feidhme bheartas an Rialtais um chumas táirgiúil an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú ina dtugtar tacaíocht do chruthú post. Tá sainchúram ag an Roinn freisin maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh a chinntiú, tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint. Trína gníomhaireachtaí agus trína hOifigí, cumhdaítear raon leathan gníomhaíochta i sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú;
- infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh,
- onnmhairí a mhéadú,
- feabhas a chur ar iomaíochas,
- nuálaíocht agus fás a chur chun cinn trí infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt,
- iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnóthais agus do thomhaltóirí,
- seasamh leis an dlí cuideachtaí,
- cearta oibrithe a chosaint, lena n-áirítear an teidlíocht atá acu i leith sábháilteacht agus sláinte cheirde,
- timpeallacht um chaidreamh tionsclaíoch a éascú,
- beartas a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhianaise agus a mbeidh taighde, anailís agus cultúr láidir measúnuithe ina bhonn eolais faoi,
- riachtanais scileanna amach anseo an fhiontair a shainaithint (feabhas a chur ar thairiscint táirgí chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, infheistíocht agus cruthú post a éascú trí ghnóthais dhúchasacha agus feabhas a chur ar iomaíochas, nuálaíocht agus táirgiúlacht na hÉireann), agus
- Ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na hÉireann san AE, EDT, EIS, ECFE agus EDMI.




*Rinneadh na 35 Bhord Fiontar Contae a dhíscaoileadh le dlí an 15 Aibreán 2014 agus bunaíodh agus osclaíodh do ghnó 31 Oifig Fiontair Áitiúil an lá céanna.

**Síníodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) sa dlí an 29 Meitheamh 2014 ina bhfuil foráil déanta i leith Forfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar dháta a dhíscaoilte an 1 Lúnasa 2014.

***Rinneadh cuid de Ghrúpa na Sionainne cpt d'Fhorbairt Shionainne an 14 Samhain 2014 agus rinneadh é a athainmniú mar Fhiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta, agus é ag trádáil mar Fhiontair na Sionainne.

****Bunaíodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2014 i ndiaidh chónascadh an Údaráis Iomaíochta agus na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí

# Ár nÉachtaí - 2013

**Lainseáladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist an 22 Feabhra 2013. Bhí 333 ghníomh ann sa phlean, i gcomparáid le 270 ceann an bhliain roimhe sin. Ag deireadh 2013, bhí 95% de na bearta tacaithe post a gealladh sa chéad bhliain roimhe sin bainte amach.**

Chruthaigh cliantchuideachtaí GFT Éireann 13,367 bpost úra (7,071 ghlanphost úr). Lena chois sin, aistríodh 55 chuideachta ó Fhorbairt Shionainne ag deireadh na bliana, a fhágann go bhfuil 166,184 chliant ag GFT Éireann anois.

**D'fhaomh GFT Éireann 164 thionscadal infheistíochta a raibh 78 gcinn díobh ó chuideachtaí úra- bhí 30% de na tionscadail sin suite lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh.**

Thaifead cliantchuideachtaí FÉ an méadú foriomlán ab airde sna leibhéil fostaíochta le deich mbliana anuas, agus 5,442 phost (glan) cruthaithe. Áirítear leis sin 3,620 post lánaimseartha agus 1,822 phost páirtaimseartha. Ag deireadh na bliana, b'ionann líon na bpost i gcliantchuideachtaí agus 175,750 ceann (149,718 bpost lánaimseartha agus 26,032 phost pháirtaimseartha).

**Bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann na díolacháin onnmhairiúcháin b' airde riamh de €17.1 billiún amach do 2013.**

Comhaontú a fháil i measc Airí Trádála AE chun cainteanna a oscailt ar an gComhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach (TTIP).

Cuireadh Céim an Choiste de Bhille na gCuideachtaí 2012 i gcrích i nDáil Éireann. Beidh sé sin ina phíosa suntasach reachtaíochta a chuirfear in ionad Achtanna uile na gCuideachtaí roimhe seo agus is é an t-athchóiriú is mó a rinneadh sa dlí cuideachtaí le 50 bliain.

**Shínigh an tUachtarán Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 an 23 Nollaig 2013.**

Rinne an tAire díothú Forfás agus comhtháthú an rannáin taighde agus beartas laistigh den Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fhógairt go foirmiúil i mí Aibreáin 2013. Le comhtháthú Forfás, lárófar agus neartófar cumas an Aire agus na Roinne beartas fiontar a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

**Shínigh Micrea-Airgeadas Éireann agus an Ciste Eorpach Infheistíochta comhaontú ráthaíochta lena ndírítear ar thacaíocht a thabhairt do mhionghnóthais agus d'fhiontair fhéinfhostaithe in Éirinn. Táthar ag súil go gcuideofar le 5,500 mionghnóthas ar fud na tíre leis an scéim 10 mbliana, a lainseáladh in 2012. Cuideoidh sé sin le thart ar 7,700 post a chruthú in Éirinn.**

Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar chónascadh na 5 chomhlacht um chaidreamh san áit oibre le linn 2013 agus lainseáladh an suíomh gréasáin www.workplacerelations.ie i mí Dheireadh Fómhair 2013. Soláthraítear foinse aonair faisnéise sa suíomh gréasáin sin maidir le reachtaíocht um fhostaíocht, comhionannas agus caidreamh tionsclaíoch agus seirbhísí poiblí lena mbaineann.

**Idirbheartaíocht rathúil ag Uachtaránacht na hÉireann, i mí an Mheithimh 2013, maidir le comhaontú polaitiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar Fhís 2020, an Creatchlár um Thaighde agus um Nuálaíocht 2014 – 2020 dar luach €79 billiún.**

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le díscaoileadh na mBord Fiontar Contae agus na hOifigí Fiontair Áitiúil úra a bhunú. Tá sé sin ar an mbealach ceart lena sholáthar go luath in 2014.

Aistríodh an Binse Comhionannais ón Roinn Dlí agus Cirt isteach sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Eanáir 2013.

**Ghlac an Rialtas Pleananna Gníomhaíochta, ina raibh 274 ghníomh le chéile, maidir le Beartú Tosaíochta Taighde a Chur Chun Feidhme ar fud na 14 Réimse Tosaíochta, mar aon le creat cuimsitheach um méadracht agus spriocanna chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta poiblí san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht agus sa Nuálaíocht.**

| Ballraíocht an Bhoird Bhainistíochta | |
|---|---|
| John Murphy | Ard-Rúnaí |
| Dermot Curran | Rúnaí Cúnta, an Rannán Nuálaíochta agus Infheistíochta |
| Clare Dunne | Rúnaí Cúnta, an Rannán Iomaíochais agus Post |
| Philip Kelly | Rúnaí Cúnta, an Rannán Seirbhísí Corparáideacha, Gnóthaí AE agus Beartas Trádála |
| Breda Power | Rúnaí Cúnta, an Rannán Tráchtála, Tomhaltóirí agus Iomaíochais |
| Martin Shanagher | Rúnaí Cúnta, an Rannán Gnóthaí Saothair |
| Martin Shanahan** | An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Forfás |

** I mí Lúnasa 2014, d'éirigh Martin Shanahan as an mBord Bainistíochta i ndiaidh a cheapacháin mar Phríomhfheidhmeannach ar GFT Éireann.

**I mí Lúnasa 2014, i ndiaidh chomhtháthú Forfás leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ghlac Declan Hughes, Rúnaí Cúnta, an Rannán Beartas Straitéiseach, ballraíocht sa Bhord Bainistíochta.

# Ráiteas Straitéise 2011 – 2014

1. *Fiontar a Chur Chun Tosaigh*
2. *Feabhas a Chur ar Iomaíochas agus ar Rochtain ar Mhaoiniú*
3. *Forbairt Fiontar agus Poist*
4. *Onnmhairí a Mhéadú*
5. *Rialáil*
6. *Nuálaíocht*
7. *Forbairt a dhéanamh ar Earnálacha a bhfuil Gealladh fúthu*

# 1. Fiontar a Chur Chun Tosaigh

## "AN TÍR BHEAG IS FEARR LE GNÓ A DHÉANAMH INTI A DHÉANAMH D'ÉIRINN AGUS AN TACAÍOCHT IS LEITHNE IS FÉIDIR A BHAILIÚ CHUGAINN FÉIN LAISTIGH DEN RIALTAS AGUS LASMUIGH DE CHUN AN SPRIOC SIN A BHAINT AMACH".

D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, beidh rannpháirtíocht fhairsing le Ranna eile ag teastáil maidir le raon ceisteanna ar fud an Rialtais agus ar leibhéal AE. Tá príomhról ag an Roinn seo maidir le príomhchuspóirí an Rialtais, lena n-áirítear deiseanna poist a chruthú, an t-ualach rómhaorlathais a laghdú ar ghnó, tacaíochtaí fiontar, na cláir oibre um thaighde agus nuálaíocht, beartas trádála, dúshlán iomaíochais, agus rochtain ar mhaoiniú le haghaidh gnó.

Ar leibhéal AE, is againne atá an príomhról agus an ról um chomhordú maidir leis an Iomaíochas, leis an bhFostaíocht agus le Comhairlí Gnóthaí Sóisialta Trádála, agus táimid i gceannas ar ionadaíocht na hÉireann ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), agus an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI). Bhí ár rannpháirtíocht ar leibhéal AE go háirithe suntasach toisc go raibh Éire ar an Uachtarán ar Chomhairle an AE sa chéad leath de 2013. Ba é sin 7ú huair a bhí Éire ina hUachtarán ar an AE agus bhí an Uachtaránacht ar cheann de na tionscadail ba mhó agus ba dhúshlánaí a bhí os comhair na Roinne seo in 2013. Tá tuilleadh sonraí maidir le rannpháirtíocht na Roinne le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE leagtha amach níos déanaí sa tuarascáil seo.

### An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Tá an tAontas Eorpach agus na 28 mBallstát den AE ina mbaill den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Déanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht ar leasanna an Aontais Eorpaigh agus a bhallstát in EDT nuair a thugann Comhairle an Aontais Eorpaigh údarás dó déanamh amhlaidh. Trí Choiste Beartas Trádála na Comhairle agus, ar deireadh, trí Choiste Gnóthaí Eachtracha AE (Trádáil), ar Comhairle Airí Trádála AE é, glacann Éire páirt iomlán i seasamh an AE i ndáil le ceisteanna trádála agus infheistíochta ag an EDT agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a cheapadh. Leanann an Roinn de bheith ina hionadaí láidir do ghnó na hÉireann agus dá leasanna eacnamaíocha domhanda ar fud gach gné de ghníomhaíochtaí EDT.

### Na Tairbhí a bhaineann le Margadh Aonair an AE

Le linn an 20 bliain ina bhfuil sé ann, tá tairbhí ollmhóra bainte amach ag an Margadh Aonair do ghnóthais agus do thomhaltóirí araon ar fud an AE agus tá an acmhainneacht leis borradh láidir a chur faoi gheilleagar an AE ar feadh na mblianta amach romhainn. Tá sé measta go méadófaí OTI an AE faoi 14% dá gcuirfí deireadh leis na srianta uile ar thrádáil laistigh den Aontas Eorpach thar dheich mbliana. Fuair an Coimisiún Eorpach amach go bhféadfaí borradh 2.6% a chur faoin OTI trí dheireadh a chur le srianta ar an earnáil seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, bhí an Roinn páirteach i gcomhar agus in idirghníomhaíocht leanúnach le Coimisiún an AE ar a chuid oibre chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Seirbhísí agus

ar uirlisí comhoibrithe riaracháin an Mhargaidh Aonair, amhail SOLVIT agus an córas Faisnéise um Margadh Inmheánach. Lean Lárionad SOLVIT le líonra neamhfhoirmiúil um réiteach fadhbanna a sholáthar a bhaineann le diúltú chearta an Mhargaidh Inmheánaigh nó le mí-úsáid dhlí an Mhargaidh Inmheánaigh. Tugadh formhór na gcásanna sin chun críche laistigh den spriocdháta deich seachtaine.

### Trasuí Threoracha an AE

Ba i mí na Samhna 2013 a foilsíodh Scórchlár Mhargadh Inmheánach an AE, ina dtugtar tuairisc ar fheidhmíocht na mBallstát maidir le trasuí Threoracha an AE. Taispeánadh ann go raibh easnamh trasuí na hÉireann maidir le Treoracha a thrasuí cothrom le 0.7%. Tá an t-easnamh sin go maith faoi bhun na sprice 1% atá leagtha amach do na Ballstáit.

### An Seimeastar Eorpach

Bhí ról lárnach ag an Roinn freisin maidir le próiseáil an **tSeimeastair Eorpaigh** (timthriall bliantúil um chomhordú beartas eacnamaíoch) agus cur leis na Moltaí a bhaineann go Sonrach le Tír faoi Leith i mbunú Comhairlí (Iomaíochas, Fostaíocht, Beartas Sóisialta agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)) trí Choistí agus trí Ghrúpaí comhairleacha agus ullmhúcháin na gComhairlí, go háirithe an Coiste Fostaíochta agus an Grúpa Ardleibhéil um Iomaíochas agus um Fhás. Baineadh conclúidí ón gComhairle amach ar an Suirbhé Bliantúil Fáis 2013 agus glacadh an Chomhthuarascáil Fostaíochta 2013.

### Cothromaíocht Inscne ar Bhoird

I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thograí maidir le Treoir chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird chuideachtaí liostaithe. D'oibrigh an Roinn seo leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an idirbheartaíocht ag leanúint ar aghaidh le linn 2013, ag cur tacaíochta ar fáil ar ghnéithe dlí cuideachtaí na Treorach a beartaíodh.

### Ról Fhiontraíocht Éireann maidir leis an bhFiontar a Chur chun Tosaigh

Oibríonn Fiontraíocht Éireann (FÉ) mar Ghníomhaireacht de chuid na Roinne agus tá sí freagrach as forbairt agus fás fiontar Éireannach i margaí an domhain. Cuireann obair agus gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann go mór leis an bhfiontar a chur chun tosaigh. Bhain a cliantchuideachtaí na díolacháin onnmhairiúcháin ba mhó riamh de €17.1 billiún amach in 2013, agus fás suntasach bainte amach i margaí an Aigéin Chiúin (méadú 19%) agus na hEorpa Thuaidh (méadú 14%). Tháinig fás 10% ar onnmhairí na hEarnála Bia agus Deochanna.

Ag forbairt ar an gclár gníomhaíochta ar cuireadh tús leis in 2012, rinneadh Rannóg Onnmhaireoirí Féideartha Fhiontraíocht Éireann a leabú in 2013. Tá sé d'aidhm ag Rannán Fhiontraíocht Éireann cuidiú le cuideachtaí úra a bhíonn ag onnmhairiú nó cinn atá ag an luathchéim déileáil leis na dúshláin a bhaineann le dul isteach i margaí úra trí thacaíocht mheantóireachta, airgeadais agus tacadóirí gnó a chur ar fáil. Agus iad dírithe ar níos mó cuideachtaí a spreagadh chun breathnú ar onnmhairiú, tionóladh 10 n-imeacht um Fheasacht Onnmhairiúcháin in 2013, ar ar fhreastail 358 gcuideachta. Lena chois sin, bhí 10 gCeardlann "Onnmhairiú a Iniúchadh" ar siúl le linn na bliana agus d'fhreastail 110 gcuideachta orthu.

Lainseáladh Ciste um Leathnú Post Fhiontraíocht Éireann in 2011 chun cuidiú le cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann fostaíocht mhéadaithe a bhaint amach trí mhéadú ar

dhíolacháin agus ar thrádáil idirnáisiúnta. Cruthaíodh 3,620 glanphost i bhFiontraíocht Éireann in 2013. Is é sin an líon is airde glanphost atá bainte amach ag Cliantchuideachtaí FÉ le 10 mbliana anuas. Tá an Ciste um Leathnú Post deartha chun cuidiú le cliaint ar Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM) iad fás a bhaint amach trí mhéadú ar fhostaíocht. Tugtar tacaíocht ar fiú €150,000 ar a mhéad í ón gCiste chun fostaithe úra a earcú. In 2013, chistigh Fiontraíocht Éireann 102 thionscadal um leathnú (56 cinn in 2012) le ceangaltais de 1,153 phost bhreise (627 gcinn in 2012) dar luach €11 mhilliún (2012 €6.2 milliún).

Le linn na bliana, b'ionann agus 815 cinn líon na gcustaiméirí suntasacha úra thar lear a fuair cliantchuideachtaí le cuidiú ó Fhiontraíocht Éireann. Rud suntasach, bhí 38% de na custaiméirí úra sin lonnaithe i margaí ardfháis. Lena chois sin, fuair 116 cinn dár gcuideachtaí tionscnaimh luathchéime lena mbaineann ardacmhainneacht a gcéad chustaiméir tagartha idirnáisiúnta úr, le cuidiú suntasach ó Fhiontraíocht Éireann arís.

Mar chuid den iarracht atá á déanamh ag Fiontraíocht Éireann acmhainn a fhorbairt i nGnólachtaí Nuathionscanta Ardfheidhmíochta (GNAF), bhain an Ghníomhaireacht triail as Clár um Fhás Luathaithe in 2012, agus bhí 27 nduine de Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin/úinéirí-bainisteoirí páirteach ann. Le linn 2013, rinneadh an tionscnamh sin a leathnú go suntasach agus chuaigh 41 Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eile isteach sa chlár 24 mhí.

D'fhorbair Fiontraíocht Éireann roinnt clár suaitheanta, arna soláthar ag comhpháirtithe oideachais feidhmiúcháin. Dírítear iontu ar thacaíocht a thabhairt do cheannaireacht agus do bhainistíocht agus cumas díolachán agus margaíochta idirnáisiúnta a fhorbairt i measc cuideachtaí Éireannacha. Ghlac thart ar 248 bhfeidhmeannach ó chliantchuideachtaí páirt i gcláir shuntasacha um fhorbairt bainistíochta, agus ghlac 845 fheidhmeannach páirt i gcláir ghearra. Ghabh an dá cheann díobh thar na spriocanna do 2013.

D'fhorbair Fiontraíocht Éireann Tairiscint do Ghó Barainneach a dearadh go sonrach chun cuidiú le cliantchuideachtaí dul i ngleic le fadhbanna iomaíochais. Ó lainseáladh an clár, rinne rannpháirtithe i dteannta a chéile na costais a laghdú faoi na milliúin euro, díolacháin agus aschur a mhéadú agus fostaíocht fhoriomlán a mhéadú. Is féidir an clár a rochtain ar thrí leibhéal um chur chun cinn agus tiomantas a mhéadú, bunaithe ar chumas na cuideachta na huirlisí agus na teicnící barainneacha – is iad sin, *LeanStart*, *LeanPlus* agus *LeanTransform* – a thabhairt isteach. Thacaigh Fiontraíocht Éireann le 143 thionscadal bharainneacha san iomlán le linn na bliana, ina raibh 80 tionscadal *LeanStart*, 43 thionscadal *LeanPlus* agus 20 tionscadal *LeanTransform*. Agus dlúthbhaint acu le tionscnaimh gnó bharainnigh Fhiontraíocht Éireann, d'fhorbair an Ghníomhaireacht tairiscint um Theicneolaíocht Ghlas chomh maith, a sholáthraíonn faisnéis, comhairle agus cistiú do chuideachtaí chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil, costais a laghdú agus margaí glasa a rochtain.

D'fhorbair Fiontraíocht Éireann Seirbhís Seiceála Sláinte Cuideachtaí, bunaithe ar chóras tagarmharcála FBManna agus ar shonraí domhanda. Soláthraítear leis an tseirbhís sin dearcadh neodrach do chliaint maidir le cé chomh maith is atá a n-iomaíocht agus an áit a bhfuil a láidreachtaí agus a laigí féin. Le linn 2013, cuireadh 150 tagarmharc i gcrích, agus bhain 12 chuideachta leas as seirbhís phearsanaithe, ionchuideachta, rud a chuidigh leo tús áite a thabhairt do réimsí agus spriocanna a leagan síos do ghníomh amach anseo.

Lean na Boird Fiontar Contae agus Comhairle[1] le raon tacaíochtaí a sholáthar don earnáil mionfhiontar, agus leas á bhaint as leithdháileadh cistiú caipitil €18.2 milliún chun tacaíochtaí airgeadais díreacha a chur ar fáil do chuideachtaí nuathionscanta, do leathnú gnóthas agus do staidéir féidearthachta, agus ag tairiscint tacaíochtaí 'boga' amhail meantóireacht, oiliúint agus comhairle gnó chun acmhainn a fhorbairt san earnáil.  Bhain thart ar 28,000 rannpháirtí leas as cláir oiliúna na mBord Fiontar Contae agus Comhairle, lenar áiríodh sainchúrsaí a bhí dírithe ar leibhéil mhéadaithe fiontraíochta i measc na hóige, na mban agus na ndaoine sinsearacha a chothú.

Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann tacaíocht airgeadais chomh maith do FBManna atá seanbhunaithe agus do chuideachtaí móra chun poist a choimeád, fostaíocht a mhéadú nó a n-oibríochtaí a leathnú.  In 2013, d'fhaomh an Ghníomhaireacht 194 phacáiste tacaíochta ar fiú níos mó ná €100k iad do FBManna atá seanbhunaithe agus do chuideachtaí móra a raibh leathnú uaillmhianach á phleanáil acu lena gcruthófar fostaíocht agus lena méadófar díolacháin sna margaí idirnáisiúnta.  Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le pacáistí saincheaptha um leathnú cuideachtaí ar bhonn cás ar chás do FBManna atá seanbhunaithe agus do chuideachtaí móra chun fostaíocht a mhéadú nó a n-oibríochtaí a leathnú, de réir plean gnó sainithe. I bhformhór na gcásanna, cumhdaítear faoi na pacáistí sin sócmhainní caipitil agus cruthú post; T&F, oiliúint; forbairt bainistíochta agus comhairleacht. In 2013, chistigh FÉ 194 thionscadal um leathnú cuideachtaí dar luach €90.97.

Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012, thug an tAire Bruton gealltanas feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis agus cur le hinfheictheacht na dtacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthais ó Ranna Rialtais, a ngníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí.

Rinneadh raon tacaíochtaí, tacaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais araon, atá ar fáil ó Ranna Rialtais, Oifigí agus Gníomhaireachtaí a shainaithint agus bhí siad ina gcuid den bhonn le leathanach gréasáin úr ina bhfuil liosta de na tacaíochtaí atá ar fáil a chur le chéile.  Ba é aidhm na mbeart sin na tacaíochtaí atá ar fáil chun cuidiú le cuideachtaí fás, feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus fostaíocht a chruthú a thabhairt chun suntais, áit a raibh naisc bheo go díreach leis an bhfaisnéis ar gach ceann de na scéimeanna sin.

I mí na Bealtaine 2014 lainseáladh uirlis ar líne FBManna. Agus an uirlis sin á forbairt, díríodh ar an bhfaisnéis a theastaíonn ó ghnóthais bheaga agus tá fáil uirthi ó os cionn tríocha suíomh gréasáin éagsúil, ar shuíomhanna Rialtais, an formhór díobh a mbaineann FBManna úsáid astu. Trí 8 gceist shimplí a fhreagairt, faigheann gach úsáideoir torthaí scagtha ar raon na saintacaíochtaí Rialtais a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá ngnó, faisnéis ar rochtain an Rialtais ar scéimeanna creidmheasa agus sonraí teagmhála na hOifige Fiontair Áitiúil is cóngaraí dóibh chun plé níos mine a dhéanamh ar thorthaí ar bith.

## NSAI

D'fhoilsigh an NSAI 1,460 caighdeán in 2013, a fhágann go bhfuil beagnach 25,000 caighdeán i bhfeidhm aige. D'éascaigh NSAI 1,140 rannpháirtí deonach trína phróiseas caighdeánaithe agus thionóil sé líon cruinnithe um Choiste Comhairliúcháin.

---

[1] Rinneadh na 35 Bhord Fiontar Contae a dhíscaoileadh le dlí an 15 Aibreán 2014 agus bunaíodh agus osclaíodh do ghnó 31 Oifig Fiontair Áitiúil an lá céanna.

Leanadh de mhóréileamh a bheith ar thairseach gréasáin an NSAI "*Do Chaighdeáin, Do Thuairim*", ar a raibh os cionn 1,200 úsáideoir cláraithe. Lena chois sin, chuir an NSAI na tairbhí a bhaineann le caighdeáin chun cinn go gníomhach trína líonraí geallsealbhóirí náisiúnta. Cinntítear trí struchtúir choiste comhairliúcháin an NSAI go ndéantar caighdeáin a scríobh ar bhealach uileghabhálach a chuireann tuairimí an ghnó san áireamh agus tá an NSAI ag obair lena chinntiú go ndéanfar ionadaíocht chuí ar son na n-earnálacha tionscail agus na leasanna sóisialta.

Le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, d'fhoilsigh an NSAI SWiFT 11 (Sonraíochtaí a Scríobhadh go Mear) - *Driving Competitiveness Using LEAN in 2013*. Dírítear in SWiFT ar chuidiú a thabhairt do chuideachta Éireannach ar bith tosú ar an turas LEAN d'fheabhas leanúnach agus is cuid é den iarracht náisiúnta chun cuidiú le gnóthais éirí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla maidir le táirgí agus seirbhísí a sholáthar.

### Fóram Comhairleach agus Comhairliúchán Poiblí Fiontraíochta

Ag cur san áireamh an gá atá ann le mórathrú a ghiniúint i meon agus cultúr na fiontraíochta in Éirinn, is mian leis an Roinn moltaí/comhairle a ghlacadh ó dhaoine a bhfuil obair fiontraíocht déanta acu, a bhfuil taithí dhíreach acu ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag fiontraithe agus ar féidir leo léargas ábhartha a sholáthar maidir leis na freagairtí a theastaíonn sa timpeallacht eacnamaíoch reatha.

Chun na críche sin, rinne an Roinn 3 ghníomh shainiúla in 2013:

1. Lainseáladh comhairliúchán poiblí i mí na Bealtaine 2013 inar tugadh cuireadh do pháirtithe ar suim leo an scéal tuairimí agus moltaí scríofa a chur isteach chun tacú le Ráiteas Náisiúnta Beartais ar Fhiontraíocht a fhorbairt. Fuarthas 74 aighneacht scríofa.
2. Thionóil oifigigh na Roinne roinnt cruinnithe duine le duine le linn an tsamhraidh agus an fhómhair in 2013 le fiontraithe agus geallsealbhóirí éagsúla chun tuilleadh tuairimí agus smaointe a fháil.
3. Bunaíodh Fóram Fiontraíochta i mí na Bealtaine 2013 chun scrúdú a dhéanamh ar an timpeallacht reatha agus ar an gcreat beartas agus chun moltaí a dhéanamh a bheadh dírithe ar thuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhiontraíocht agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Bhí fiontraithe agus an lucht acadúil i measc bhallraíocht an Fhóraim Fiontraíochta agus rinneadh ionadaíocht don Roinn agus d'Fhiontraíocht Éireann ar an bhFóram chomh maith. Agus é faoi chathaoirleacht ag Seán O'Sullivan, fiontraí agus infheisteoir, rinne an Fóram 69 moladh.

Cuireann na hionchuir, na smaointe agus na moltaí a fuarthas ón obair sin ar fad go mór leis an gcéad Ráiteas Náisiúnta Beartais ar Fhiontraíocht ón Rialtas a fhorbairt. Tá an Ráiteas sé le foilsiú in 2014.

# 2. Feabhas a Chur ar Iomaíochas agus ar Rochtain ar Mhaoiniú

## An buntáiste iomaíoch is gá a fháil ar ais chun taca a chur faoi gheilleagar beag oscailte rathúil.

Braitheann fás eacnamaíoch inbhuanaithe ar iomaíochas náisiúnta a choinneáil. Tá iomaíochas na hÉireann ina thoisc thábhachtach maidir lenár gcumas earraí agus seirbhísí a dhíol sa mhargadh domhanda agus infheistíocht isteach a mhealladh. Tá rochtain ar mhaoiniú riachtanach d'earnáil láidir fiontar dúchasach a fhorbairt agus d'fhilleadh ar an bhfás sa gheilleagar intíre. Tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfidh an Rialtas margaí iomaíocha chun cinn ar fud na seirbhísí atá ríthábhachtach do ghnó agus a chuireann rialáil chliste ar aghaidh.

In Éirinn, tá bonn láidir iomaíoch forbartha againn le dul san iomaíocht ar na margaí domhanda, d'infheistíocht ó chuideachtaí ilnáisiúnta, agus do mhargaí do na hearraí agus na seirbhísí lena gcruthófar agus lena gcoimeádfar poist. Léirigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais gur éirigh Éire i bhfad níos iomaíche ó thaobh costais de ó bhí 2008 ann agus tá an téarnamh sin le feiceáil anois i rangú iomaíochais idirnáisiúnta. Léiríodh i mBliainiris Iomaíochas Oibre 2013 IFB gur tháinig feabhas ar staid phríomha na hÉireann ón 17ú háit in 2013, suas ón 20ú háit in 2012 agus ón 24ú háit in 2011. Taispeánadh i rangú Innéacs Iomaíochais Dhomhanda 2013-2014 an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda 2013[2] gur choinnigh Éire a staid sa 28ú háit den chuid is mó sa rangú, i ndiaidh teacht ar ais go dtí an 27ú háit in 2012 (ón 29ú háit sa 2 bhliain roimhe sin). Tá roinnt príomhréimsí ina bhfuil Éire ar barr liostaí domhanda, amhail iad seo a leanas:

- tionchar gnó na rialacha ar infheistíocht dhíreach eachtrach;
- boilsciú;
- infheistíocht dhíreach eachtrach agus aistriú teicneolaíochta;
- infhaighteacht lucht saothair oilte;
- solúbthacht agus oiriúnacht an lucht saothair; agus
- dreasachtaí infheistíochta.

Féachtar ar Éirinn mar shuíomh an-tarraingteach maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach. Cuireadh staid na hÉireann mar an 3ú náisiún is domhandaithe i dtéarmaí OTI chun suntais in Innéacs Domhandaithe Ernst and Young 2012[3], agus tá sí fós ar an náisiún is domhandaithe sa domhan thiar. Idir an dá linn tá Éire rangaithe mar seo a leanas i dTuarascáil um Threochtaí Suíomhanna Domhanda 2013 IBM[4]:

- An chéad áit sa domhan d'infheistíocht isteach de réir meánluach infheistíochtaí.

---

[2] Arna fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2013

[3] Arna fhoilsiú i mí Eanáir 2013

[4] Arna fhoilsiú i mí na Nollag 2013

- An chéad áit sa domhan do bhreisluach agus déine eolais na bpost a cruthaíodh.
- An chéad áit san Eoraip agus an dara háit ar fud an domhain maidir le líon na bpost infheistíochta per capita.
- Bhain Baile Átha Cliath an 11ú cathair chinn scríbe ar fud an domhain amach trí thionscadail.
- Bhog Éire suas go dtí an 9ú háit i Scórchlár an Aontais Nuálaíochta.

Tá Éire fós chun tosaigh ar roinnt tíortha beaga eile, amhail an Bheilg agus an Nua-Shéalainn, sa rangú iomaíochais idirnáisiúnta is déanaí. Ní mór dúinn a chinntiú go rachaimid i ngleic leis na réimsí sin atá fágtha inar féidir linn an tacaíocht is fearr a thabhairt dár bhfiontair agus dár ndaoine.

Taispeántar sa Tuarascáil Iomaíochais 2013 ó Choimisiún an AE[5] go bhfuil Éire níos fearr ná meán an AE i bhformhór na dtáscairí iomaíochais a scrúdaíodh, lena n-áirítear i gcoibhneas le táirgiúlacht saothair, ár sciar d'onnmhairí ardteicneolaíochta, déine fuinnimh an tionscail, ár dtimpeallacht gnó fhoriomlán agus maoiniú luathchéime.

Tá na torthaí sin ar fad ina mbonn an-dearfach le forbairt orthu agus an Roinn, a Gníomhaireachtaí agus an Rialtas i gcoitinne ag leanúint dá ndícheall a dhéanamh an tír bheag is fearr ar domhan le gnó a dhéanamh inti a dhéanamh d'Éirinn. Is táscairí tábhachtacha iad chomh maith sa chomhrac lena chinntiú go ngnóthóidh Éire a hiomaíochas idirnáisiúnta ionas go mbeidh sí ábalta dul san iomaíocht ar mhargaí domhanda chun díolacháin onnmhairiúcháin a ghiniúint agus chun tuilleadh infheistíochta isteach a mhealladh go hÉirinn, rud a fhágfaidh ar deireadh go mbeidh cuideachtaí ábalta poist bhuana reatha a choimeád agus poist úra a chruthú.

Tá a lán de na gníomhartha atá á ndéanamh againn le linn an "Phlean Gníomhaíochtaí do Phoist" thar an tréimhse 2012-2016 dírithe ar fheabhas a chur ar iomaíochas foriomlán na hÉireann - costais a laghdú agus a chinntiú go dtacaíonn príomhghnéithe den timpeallacht fiontar (rialú, bonneagar, infhaighteacht scileanna) le cruthú post. Áirítear leo sin réimse tosaíochta na hinfheistíochta Taighde agus Forbartha, bunaithe ar thaighde tacaíochta lena gcuirtear taca faoi dheiseanna sainiúla a bhaineann go díreach le fiontar agus poist.

Tá tionscnamh tras-Rialtais ann chun muirir an Rialtais a laghdú nó a chalcadh nuair is féidir. Cuireann roinnt Gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais, lena n-áirítear an Roinn seo, béim ar éifeachtúlacht fuinnimh do ghnóthais a chur chun cinn. Rinneadh iniúchadh ar cheanglais um cheadúnais ghnó san Earnáil Miondíola, agus rinneadh moltaí chun an t-ualach riaracháin do ghnóthais a laghdú. Sa Tuarascáil Iomaíochais 2013 ó Choimisiún an AE, aithnítear na bearta atá á ndéanamh ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist maidir le feabhas a chur ar na réimsí easnaimh agus is é an tátal inti gur comharthaí maithe iad fairsing an Phlean agus an dóigh ar tosaíodh an cur chun feidhme go bhfuil iarracht dhaingean á déanamh againn chun na difríochtaí in iomaíochas na hearnála intíre agus na hearnála ilnáisiúnta a laghdú.

---

[5] Arna fhoilsiú an 25 Meán Fómhair 2013

## Rochtain ar Mhaoiniú

### Scéim Ráthaíochta Creidmheasa FBManna

Dírítear sa Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ar thacaíocht a thabhairt do shreabhadh breise creidmheasa do FBManna agus tugadh isteach in 2012 í. Dírítear go dlúth sa Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, a tháinig i bhfeidhm an 24 Deireadh Fómhair 2012, ar fhiontair atá inmharthana ó thaobh tráchtála de, atá ag feidhmiú go maith agus ag a bhfuil plean gnó láidir agus margadh sainithe dá dtáirgí nó dá seirbhísí agus ar féidir leo cumas aisíocaíochta a thaispeáint do na saoráidí creidmheasa breise agus nach féidir leo saoráidí creidmheasa a fháil i ngeall ar neamhéifeachtúlacht margaidh. Tá Banc Uladh, Banc AIB agus Banc na hÉireann páirteach sa Scéim Ráthaíochta. Soláthraítear ráthaíocht 75% do bhainc sa Scéim Ráthaíochta i gcoinne caillteanas ar iasachtaí cáilitheacha le gnólachtaí cruthaithe post ionas go ndéanfaidh na bainc iasachtaí arís leis an tionscal agus le fiontraithe. Is é an t-íosluach iasachta incheadaithe €10,000 agus is é an t-uasluach iasachta incheadaithe €1,000,000.

### Athbhreithniú ar Scéim Ráthaíochta Creidmheasa FBManna

Toisc go raibh an glacadh mall léi, coimisiúnaíodh athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar Scéim Ráthaíochta Creidmheasa FBManna. Cuireadh an t-athbhreithniú sin isteach sa tríú ráithe de 2013. D'oibrigh an Roinn leis an gCoiste Stiúrtha Athbhreithnithe (Tagann na comhaltaí ón Roinn Airgeadais, ón Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa, ón mBanc Ceannais, ó Fhiontraíocht Éireann, ó Forfás, agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) chun cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar an athbhreithniú sin, ar na hathruithe is féidir a dhéanamh ar an Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012 agus ar ábhair Scéime úire Ráthaíochta Creidmheasa. Bhí roinnt moltaí ann lasmuigh den chreat dlíthiúil san athbhreithniú sin amhail obair spreagadh feasachta ar féidir dul ina bun gan gá a bheith le hathruithe reachtacha. Tugadh moltaí chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus d'aontaigh sé leo agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.enterprise.gov.ie).

Is sa bhliain 2014 a dhéanfar na hathruithe ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, lena n-áirítear reachtaíocht leasaithe a achtú.

### Ciste Iasachta do Mhionfhiontair

Bunaíodh Micrea-Airgeadais Éireann chun tacú le hiasachtaí leis an gcohórt is leochailí den earnáil FBManna sa tír seo, is iad sin, mionfhiontair. Lainseáladh é an 1 Deireadh Fómhair 2012. Tá an tionscnamh sin de chuid an Rialtais deartha chun iasacht a spreagadh le mionfhiontair inbhuanaithe agus tá sé dírithe ar fhiontair thionscnaimh, fiontair sheanbhunaithe nó fiontair atá ag fás ar fud na n-earnálacha tionscail ar fad, ag fostú suas le deichniúr. Baineann na hiasachtaí le suimeanna faoi bhun €25,000 agus, tríd is tríd, cuirfear ar fáil iad i leith costais ghnólachtaí nuathionscanta, costais leathnaithe agus caipiteal oibre.

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair 2012 in 2014 de bhun ceangaltas reachtaíochta. Faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014 cuirfear tús leis an athbhreithniú seo faoi dheireadh ráithe 2 de 2014, agus é mar aidhm feabhas a chur ar an nglacadh leis an Scéim agus ar thionchar na Scéime.

### Caipiteal Síl agus Fiontair

Mar chuid de Bhuiséad 2013 thug an Rialtas €175 mhilliún don Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair 2013-2018, agus is é an sprioc €525 mhilliún eile a ghiaráil ón earnáil phríobháideach, rud a mbeidh €700 milliún mar thoradh air i gcaipiteal breise a bheidh ar fáil do FBManna ardfháis. Tar éis measúnú fairsing domhain a chríochnú, cuireadh an chéad ghlao ar léirithe suime faoin Scéim seo i gcrích agus rinneadh ceangaltais €99.5 milliún do roinnt cistí san earnáil Teicneolaíochta agus san earnáil Eolaíochtaí Beatha. Nuair a dhúnfar na cistí rathúla, déanfar tiomsú airgid críochnaithe agus infheistíochtaí tosaigh i gcuideachtaí a fhógairt ceann ar cheann.

### Caipiteal Síl - an Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair 2007-2012

Eisíodh tríú glao ar léirithe suime faoin Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair 2007-2012 i mí Iúil 2012. Mar thoradh ar an nglao sin bunaíodh Ciste na bhFiontar Túslíne I dar luach €40 milliún agus an Ciste fiontair SOS dar luach €20 milliún. Tá tús curtha acu le hinfheistíocht.

Braitheann uainíocht fógraí ar bith eile ar thiomsú airgid a chur i gcrích agus ar bhainisteoirí agus infheisteoirí caipiteal síl comhaontuithe dlíthiúla a dhéanamh.

### Infheistíochtaí i gcuideachtaí Éireannacha faoin Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair (2007-2012)

| Bliain | Líon na gCuideachtaí | Luach |
|---|---|---|
| 2013 | 153 | €59 milliún |
| 2012 | 135 | €54 mhilliún |
| 2011 | 131 | €60 milliún |
| 2010 | 105 | €42 mhilliún |

### Scéim Caipiteal Forbartha

Cuirtear €225 mhilliún (infheistíocht Stáit €75 mhilliún) ar fáil sa Scéim Caipiteal Forbartha i gcistí atá dírithe ar dhul i ngleic le bearna cistithe do chuideachtaí meánmhéide ardfháis dúchasacha lena mbaineann ionchais shuntasacha d'fhás post agus onnmhairiúcháin. Bunaíodh an Scéim chun cistí a chruthú trína n-infheisteofaí idir €2 mhilliún agus €10 milliún i gcuideachtaí seanbhunaithe meánmhéide trí chothromas, cuasachothromas agus/nó fiachas.

Tá na cistí á mbainistiú ag bainisteoirí ciste san earnáil phríobháideach a dhéanann a gcinntí infheistíocht tráchtála féin i gcomhthéacs straitéis infheistíochta chomhaontaithe maidir leis na cistí. D'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an chéad chiste faoin Scéim sin i mí na Samhna 2013 agus tá trí chiste i bhfeidhm sa mhargadh anois. Tá na trí chiste á reáchtáil ag

Carlyle Cardinal Ireland, MML Growth Capital Partners Ireland agus Ciste Caipiteal Forbartha BDO.

## Ciste Nuálaíochta Éireann

Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann is ea Ciste Nuálaíochta Éireann, agus é mar aidhm leis príomhbhainisteoirí ciste caipiteal síl idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn.  Baineann Ciste Nuálaíochta Éireann le Fiontraíocht Éireann agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean a bheith ag obair i gcomhpháirt.  Tugann FÉ agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean beagnach €125 mhilliún chuig gach tábla agus déanann siad ceangaltais le Bainisteoirí Ciste Fiontair idirnáisiúnta.  Tugtar na cistí sin chun láithreacht a bhunú i margadh na hÉireann agus aontaítear leo coibhéis ranníocaíochtaí Fhiontraíocht Éireann, ar a laghad, a infheistiú i gcuideachtaí Éireannacha nó i gcuideachtaí ag a bhfuil oibríochtaí suntasacha in Éirinn.

Ag deireadh 2013, rinne an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Fiontraíocht Éireann le chéile ceangaltais as ar bhunaigh cúig chaipitlí fiontair idirnáisiúnta láithreacht i margadh na hÉireann.  Is iad na cúig chaipitlí sin Polaris, DFJ Esprit, Sofinnova, Highland agus Lightstone Ventures. Rinneadh ceangaltas eile freisin agus fógrófar é go gairid.

# 3. Forbairt Fiontar agus Poist

## "Fás post a uasmhéadú, go háirithe trí bhonn láidir fiontar dúchasach a fhorbairt, trí infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, agus trí líonraí trasfhiontar a fhorbairt".

Téann bonn fiontar faoi bhláth chun tairbhe na sochaí trí fhás geilleagrach inbhuanaithe agus cruthú post inbhuanaithe a chur ar fáil agus trí chaighdeáin mhaireachtála a ardú. Dírítear an beartas fiontar in Éirinn ar thimpeallacht thacúil a chur ar fáil do gach gnóthas cibé acu an bhfuil siad ag trádáil go háitiúil nó ag onnmhairiú. Áirítear leis tacaíochtaí díreacha agus indíreacha a sholáthar, i gcomhréir le rialacha Státchabhrach an AE, chun fiontair a bhíonn ag onnmhairiú nó a bhfuil acmhainneacht acu onnmhairí a chruthú, a mhealladh agus a fhás.

Tá ról lárnach ag an Roinn maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fiontar in Éirinn agus cuidíonn gníomhaireachtaí léi maidir leis sin, lena n-áirítear Forfás[6], Fiontraíocht Éireann (FÉ), GFT Éireann, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach[7], Forbairt Shionainne[8], Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

Díríonn na gníomhaireachtaí forbartha, a bhfuil mionfhiontair dhúchasacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha mar chliaint acu, i measc nithe eile, ar na cuspóirí leathana seo a leanas:

- Fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta a chothú.
- Infheistíocht a Chur Chun Cinn.
- Onnmhairí a Chur Chun Cinn.
- Táirgiúlacht, nuálaíocht, cumas bainistíochta agus iomaíochas gnólachtaí dúchasacha agus cuideachtaí eachtracha atá lonnaithe in Éirinn a threisiú.

---

[6] Rinneadh Forfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an 1 Lúnasa 2014.

[7] Rinneadh na 35 Bhord Fiontar Contae a dhíscaoileadh le dlí an 15 Aibreán 2014 agus bunaíodh agus osclaíodh do ghnó 31 Oifig Fiontair Áitiúil an lá céanna.

[8] Rinneadh cuid de Ghrúpa na Sionainne cpt d'Fhorbairt Shionainne i mí na Samhna 2014 agus ghlac Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann faoi seach a feidhmeanna tacaíochta fiontar maidir le fiontair dhúchasacha agus eachtracha

## An Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013




Agus leas á bhaint as an rath a bhí ar an Tionscnamh Post in 2011, lainseáil an Rialtas an Plean Gníomhaíochta do Phoist in 2012 mar chéad tráthchuid i bpróiseas ilbhliantúil uaillmhianach, ina ndírítear ar líon na ndaoine i bhfostaíocht in Éirinn a mhéadú faoi 100,000 duine faoi 2016. D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Gníomhaíochta do Phoist i mí Feabhra 2013.

Is é is cuspóir leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist an timpeallacht oibriúcháin do ghnó a bhunathrú chun feabhais chun tacú le fás fiontar agus chun cruthú post a chumasú. Bainfidh an Rialtas an cuspóir sin amach trí dheireadh córasach a chur leis na bacainní atá ar iomaíochas, nuálaíocht agus trádáil a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt do ghnóthais úra agus do ghnóthais atá ann cheana le forbairt agus leathnú, agus tríd an tionchar ar infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn a láidriú. Shainaithin an Rialtas roinnt príomhearnálacha chomh maith inar féidir le hÉirinn buntáiste iomaíoch a bhaint amach i margaí domhanda agus tairbhe a bhaint as fás fostaíochta.

D'fhorbair an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Forfás an Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013, trí rannpháirtíocht le Ranna Rialtais eile agus 46 Chomhlacht Stáit ag a bhfuil ról tacú leis an bhfiontar. Bhí 333 ghníomh ann sa phlean lena gcur chun feidhme in 2013, a forbraíodh ar an dul chun cinn a rinneadh in 2012. Lean na gníomhartha sin le tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnóthais chruthaithe post agus le deireadh a chur leis na bacainní ar chruthú post ar fud an gheilleagair. In imeacht ó Phlean 2012, bhí seacht mbeart ceannlíne um 'Athchóiriú Suaiteach' ann sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013. Tionscnaimh ardtionchair is ea iad sin lena ngabhann cuspóirí uaillmhianacha. Cuireadh chun feidhme iad i gcomhpháirt le comhpháirtithe sinsearacha tionscail agus roghnaíodh iad de bharr a n-acmhainneachta iarmhairt shuntasach a bheith acu ar chruthú post. Áirítear orthu, mar shampla:

- ceann de na príomhthíortha san Eoraip maidir le hAnailísíocht Sonraí - earnáil atá ag fás faoi suas le 40% in aghaidh na bliana - a dhéanamh d'Éirinn;
- Mol Nuálaíochta Sláinte a mbeidh cáil air ar fud an domhain a bhunú chun Éire a dhéanamh ina príomhshuíomh le haghaidh cuideachtaí teicneolaíochta leighis agus cúram sláinte.
- maidir leis an earnáil Miondíola, iarratas ceadúnaithe aonair a chruthú, agus líon na ngnóthas beag a bhíonn ag trádáil ar líne a mhéadú.

Rinneadh na 333 ghníomh a bhí sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 a mhiondealú arís ina 758 gcinn de gharspriocanna nó de bhearta ráithiúil ar a ndearnadh tuairisc ag deireadh gach Ráithe le linn 2013. Tá na Tuarascálacha Ráithiúla ar Dhul chun Cinn foilsithe ar shuíomh

gréasáin na Roinne, www.enterprise.gov.ie. Taispeánadh sa Tuarascáil ar Dhul chun Cinn don 4ú Ráithe de 2013 go ndearnadh 94% de na garspriocanna ráithiúla a bhí le baint amach in 2013 a chomhlíonadh go rathúil. Áirítear orthu a lán athchóirithe tábhachtacha atá deartha chun iomaíochas a fheabhsú, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, tacaíocht a thabhairt d'fhiontair agus fostaíocht a fhorbairt in earnálacha deise.

Baineadh roinnt cuspóirí suntasacha amach in 2013, lena n-áirítear:

- Tugadh isteach an scéim 'JobsPlus' lena soláthraítear tacaíochtaí d'fhostóirí a fhostaíonn oibrithe a bhí ar an gClár Beo ar feadh 12 mhí nó níos mó;
- Bunaíodh ionad teicneolaíochta Sonraí Móra agus comh-thascfhórsa Rialtais/tionscail, sainaithníodh dhá threoirthionscadal agus rinneadh measúnú ar thionscadail eile;
- Rinneadh bearta chun dul i ngleic le heasnaimh scileanna san earnáil TFC;
- Bunaíodh scéim phíolótach trádála Ar Líne;
- Scéim úr Caipiteal Síl agus Fiontair dar luach €175 mhilliún, ina ndírítear ar chistí earnála príobháidí a ghiaráil chun cistiú €700 milliún a chur ar fáil do chuideachtaí Éireannacha ardfháis ag a bhfuil acmhainneacht fostaíocht a fhás, chomh maith le meantóireacht agus líonraí;
- Bunaíodh an Scéim Caipiteal Forbartha dar luach €125 mhilliún;
- Ullmhaíodh cur i bhfeidhm na 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na tíre, líonraí ionaid tosaigh chun seirbhísí den scoth a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta agus do mhionfhiontair i ngach contae sa tír;
- Lainseáladh an Tionscnamh Náisiúnta um Athrú Céime do ghnóthais déantúsaíochta, mar chuid de phlean an Rialtais 20,000 post breise a sholáthar san earnáil seo;
- Rinneadh dul chun cinn i dtreo Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte a chruthú; agus
- Oibríodh i dtreo forbairt a dhéanamh ar earnálacha amhail Néalríomhaireacht, Cluichí Digiteacha, Déantúsaíocht, Miondíol agus an Geilleagar Glas.

Is é ceann de na torthaí ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist méid méadaithe comhair idir Ranna Rialtais chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach. Teastaíonn comhar tras-Rannach dá lán díobh sin. Mar gheall ar an monatóireacht dhian atá déanta ag Roinn an Taoisigh ar na garspriocanna Ráithiúla, cinntíodh go mbeifí ag díriú ar na cuspóirí a chomhlíonadh in am.

D'ainneoin timpeallacht eacnamaíoch intíre agus sheachtrach an-deacair, chruthaigh Fiontraíocht Éireann agus cuideachtaí a dtacaíonn GFT Éireann leo líon suntasach glanphost in 2013, agus í ag cur leis na torthaí dearfacha a baineadh amach in 2012 agus i ndiaidh blianta as a chéile de chaillteanais shuntasacha ghlanphost. Cé go bhfuil an dífhostaíocht fós ard, tá comharthaí ann go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa mhargadh saothair i gcoitinne chomh maith. Taispeánadh i Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh an CSO ag deireadh na bliana gur tháinig méadú bliantúil 3.3% nó 61,000 ar an bhfostaíocht sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe in 2013, ag fágáil go raibh 1,909,800 duine fostaithe. Tháinig méadú ar an bhfostaíocht i ndeich

gcinn de na 14 earnáil eacnamaíocha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí Talmhaíochta, Turasóireachta, Gairmiúla agus Eolaíocha. Bhí siad sin ar fad ina réimsí fócais sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Tháinig laghdú 41,400 ar an dífhostaíocht i Ráithe 4 de 2013 agus tháinig laghdú 12.1% ar an Ráta Dífhostaíochta, agus é ag titim ó 15.1% i Ráithe 1 de 2012.

Cruthaíodh gur bhealach éifeachtúil a bhí sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist chun cur chun feidhme beartais a chur ar aghaidh, agus úinéir agus amlíne ann le gach uile tasc lena sholáthar. Tá córas trédhearcach de thuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn ann lena gcinntítear gur féidir leis an bpobal mionscrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha. Bhí ráta cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta do Phoist in 2012 agus 2013 an-ard ag 92% agus 94% faoi seach. Tugtar maoirseacht agus cuntasacht isteach leis agus d'aithin an ECFE é mar "nuálaíocht beartais phoiblí", ina "Athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist". Ina bhrollach leis an Athbhreithniú, dúirt Angel Gurria, Ard-Rúnaí ECFE: *"Is é an nuálaíocht is suntasaí den Phlean Gníomhaíochta do Phoist i gcomhthéacs bheartas poiblí na hÉireann ná sásra comhordaithe lena gcinntítear tacaíocht agus maoirseacht pholaitiúil ardleibhéil, rannpháirtíocht an rialtais uile agus bunú spriocanna ráithiúla a bhfuil taca fúthu ag córas láidir monatóireachta. Is bearta tábhachtacha iad sin maidir le dul i ngleic le bearnaí fadtéarmacha lena lagaítear cur chun feidhme rathúil beartais"*. Aithnítear san athbhreithniú ó ECFE chomh maith go bhfuil tacaíocht á fáil ag an bplean ó bheartais láidre, ó fhócas ar chruthú post atá faoi stiúir na hearnála príobháidí agus atá dírithe ar onnmhairiú trí na dálaí cearta gnó a chur i bhfeidhm.

Le próiseas an Phlean Gníomhaíochta tugtar fócas "rialtais uile" ar chruthú post, tugtar na ranna le chéile, luathaítear bearta nithiúla i dtreo iomaíochas a fheabhsú agus tá cur chuige níos fócasaithe agus níos comhoibríche i bhfeidhm ag an Roinn seo agus ag a Gníomhaireachtaí ina leith. Cuirtear fócas sa phlean ar na réimsí sin is tábhachtaí do ghnó - Rochtain ar Mhaoiniú, Costais, Táirgiúlacht, Infhaighteacht Scileanna, Taighde agus Forbairt agus Nuálaíocht agus Díol thar Lear. Féachtar ann le leas a bhaint as láidreachtaí agus deiseanna úra a fhorbairt agus cuirtear chun feidhme ann bearta atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair Éireannacha agus ar infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh i bpríomhearnálacha.

## Rochtain do Sholáthar do FBManna

Áiríodh ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 roinnt beart atá dírithe ar chur chun feidhme a dhéanamh ar an ngealltanas atá sa Chlár don Rialtas maidir le rochtain ar sholáthar poiblí do FBManna a fheabhsú. Áiríodh orthu sin feabhas a chur ar chumas FBManna tairiscintí a dhéanamh ar chonarthaí earnála poiblí, lena n-áirítear cineálacha comhoibríocha cur chuige, leanúint le tús áite a thabhairt do laghdú na mbacainní ar iontráil do FBManna maidir le dul san iomaíocht le haghaidh deiseanna soláthair, agus scrúdú a dhéanamh ar na cineálacha féideartha cur chuige maidir le rochtain do FBManna ar dheiseanna a thagann as tionscadail infheistíochta caipitil a chumasú. Ba iad comhlachtaí éagsúla a sholáthair na bearta sin, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, Idir-Thrádáil Éireann, Oifig nuabhunaithe an tSoláthair Phoiblí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá cliaint FBManna á spreagadh ag Fiontraíocht Éireann chun clárú ar shuíomhanna gréasáin eTenders.ie agus Procurement.ie ionas go gcuirfear ar a n-airdeall iad maidir le deiseanna soláthair phoiblí atá ag teacht. Bhí an ghníomhaireacht páirteach chomh maith in imeachtaí "Buail leis an gCeannaitheoir" ina dtugtar ceannaitheoirí ón earnáil phoiblí agus soláthraithe féideartha le chéile. Mar shampla, bhuail os cionn 500 soláthraí le raon ceannaitheoirí ón

earnáil phoiblí ag gach imeacht, a tionóladh i mBéal Feirste i mí Mheán Fómhair agus i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2013, i gcomhar le heagraíochtaí ar comhpháirtithe iad. Thionóil Fiontraíocht Éireann dhá thionscadal chomhoibríocha leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta in 2013 inar díríodh ar thionscadail Beartán Scoileanna. Lena chois sin, d'eagraigh Fiontraíocht Éireann dhá imeacht in Éirinn agus dhá imeacht thar lear leis na hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Banc Domhanda, chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i gconarthaí soláthair thar lear.

Tá rún daingean ag an Roinn feabhas a chur ar an rochtain atá ag FBManna atá nuálach ar dheiseanna soláthair phoiblí. Is é an cuspóir scóip níos fearr a chur ar fáil do FBManna atá nuálach réitigh úra a sholáthar lena mbeifear ábalta luach níos fearr ar airgead agus táirgí/seirbhísí níos éifeachtúla d'Údaráis Chonarthacha a sholáthar.

I dtús 2013, rinne Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta athbhreithniú ar an dul chun cinn ar an Tionscnamh um Nuálaíocht a Sholáthar a tugadh isteach in 2012, agus chun breathnú ar an dóigh is fearr leis an Tionscnamh a leathnú. Forbraíodh cás-staidéir ar dhá cheann de na hardtionscadail - tionscadal ríomh-Charranna ESB agus tionscadal na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród. Tá tionscadail eile ag céim níos luaithe ach leathnaíodh trí thionscadal chuig 4 údarás chonarthacha bhreise. Tá scrúdú á dhéanamh chomh maith ar sholáthar na nuálaíochta san earnáil phoiblí a leathnú tríd an nGrúpa Ardleibhéil nuabhunaithe ar Rochtain FBManna ar Sholáthar Poiblí, rud atá faoi chathaoirleacht na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus a bhfuil an Roinn, Fiontraíocht Éireann agus Idir-Thrádáil Éireann ina gcomhaltaí de. Tá an Roinn ina comhalta freisin de Ghrúpa Oibre FBManna maidir le Rochtain ar Sholáthar Poiblí san Oifig um Sholáthar Rialtais in éineacht le roinnt comhlachtaí ionadaíocha gnó.

### Foinsiú Domhanda

In 2013, bhí an tionscadal um Fhoinsiú Domhanda ina mhór-réimse fócais don Lucht Bainistíochta Sinsearaí in dhá cheann dár nGníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann. Agus iad ag féachaint le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta do Phoist a phlé, dhírigh foireann FÉ/GFT Éireann ar chur chun feidhme a dhéanamh ar an gcomhstraitéis gníomhaireachta a bhain le cuideachtaí ilnáisiúnta a roghnú, díriú orthu agus a bheith páirteach leo chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gceanglais um fhoinsiú agus deiseanna do chuideachtaí dúchasacha a shainaithint.

### Fiontraithe Isteach a Mhealladh

Bhí foireann Bainistíochta Sinsearaí FÉ/GFT Éireann gníomhach maidir le comhar éifeachtúil a spreagadh idir na foirne faoi seach i bhFiontraíocht Éireann agus i GFT Éireann le linn 2013, agus iad ag obair ar an gclár oibre um fhiontraithe isteach agus um ghnóthais atá ag teacht chun cinn. Áirítear air sin:

- Comhchur teachtaireachtaí agus comhghiaráil comhthaobhachta margaíochta chun a léiriú do dhaoine thar lear go bhfuil Éire ina suíomh sármhaith do chuideachtaí luathchéime;

- Rannpháirtíocht rialta, comhroinnt píblínte agus atreorú cliant féideartha idir foirne i bhFiontraíocht Éireann agus i GFT Éireann.

Chun tionchar an dá ghníomhaireacht a uasmhéadú, cuireadh comh-rannpháirtíocht in imeachtaí thar lear chun cinn le linn 2013. Mar shampla, tionóladh comhimeachtaí inar díríodh ar fhiontraithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta a mhealladh go hÉirinn ag imeacht SWSX in Austin, Texas, i mí an Mhárta agus ag 'Disrupt San Francisco' (imeacht *TechCrunch*) i mí Mheán Fómhair 2013.

### Treoirlínte Cabhrach Réigiúnaí

Cuireann na Treoirlínte Cabhrach Réigiúnaí ar chumas Stát Státchabhair a chur ar fáil do ghnóthais chun tacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht úr i dtionscadail tháirgiúla sna réigiúin is mó faoi mhíbhuntáiste in Éirinn agus cuidíonn siad le coinbhéirsiú na réigiún sin leis na réigiúin is mó faoi bhuntáiste san Aontas.

Beidh limistéir arb ionann iad agus 51.28% de dhaonra na hÉireann cáilithe i leith cúnaimh faoi na Treoirlínte úra Cabhrach Réigiúnaí, méadú ar an bhfigiúr 50% faoi Léarscáil 2007-2013.

Príomhcheist san idirbheartaíocht leis an gCoimisiún maidir leis na Treoirlínte Cabhrach Réigiúnaí ná an t-ionchas nach mbeadh cead cabhair deontais a thabhairt d'fhiontair mhóra.

Bhí Éire ina cuid den ghrúpa Ballstát a rinne idirbheartaíocht rathúil maidir le comhréiteach leis an gCoimisiún, rud a fhágann go mbeifear in ann cabhair infheistíochta a chur ar fáil d'fhiontair mhóra le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha úra agus le haghaidh éagsúlú fiontar atá ann cheana i dtáirgí úra nó i nuálaíocht próisis úr. Coinníodh rátaí déine cabhrach ag a leibhéil reatha chomh maith.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir leis an tír ar fad, lena n-áirítear na limistéir sin nach bhfuil i dteideal cabhair infheistíochta, cáiliú do chineálacha eile tacaíochta Stáit amhail na cinn a luadh thuas.

Bhí na limistéir sin atá le cur sa chéad Léarscáil Cabhrach Réigiúnaí eile le comhaontú leis an gCoimisiún sa chéad leath de 2014.

### Straitéis GFT Éireann – Fís 2020

Ba í an bhliain 2013 an ceathrú bliain ina raibh Straitéis Fhís 2020 GFT Éireann i bhfeidhm. Leagtar amach spriocanna ardleibhéil sa Straitéis de 62,000 post úr (lena bhfuil tionchar eacnamaíoch de 105,000 post) agus 640 infheistíocht atá le baint amach thar an tréimhse cúig bliana ó 2010 go 2014. Thar thréimhse na chéad ceithre bliana den straitéis cúig bliana, tá GFT Éireann chun tosaigh ar an sprioc, agus 582 infheistíocht faighte aici i gcoinne sprioc cúig bliana de 640 infheistíocht (91%) agus tá méadú ar ghnóthú post comhlán de 50,054 cinn bainte amach aici i gcoinne sprioc 44,600 ceann (+12). Agus é ina thomhas ríthábhachtach ar líon na nglanphost, sholáthair GFT Éireann 21,111 phost i gcoinne na sprice ceithre bliana de 14,500 ceann agus an sprioc cúig bliana de 25,000 ceann (84%).

### Tionchar Eacnamaíoch na hInfheistíochta Dírí Eachtraí

Ag deireadh 2013, bhí 166,184 dhuine (lena n-áirítear Forbairt Shionainne) ag obair in 1,153 chliantchuideachta de chuid GFT Éireann, an líon ba mhó riamh i stair GFT Éireann. Ba í 2013 an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile ina raibh fás ar an nglanfhostaíocht.

Leanann na cuideachtaí sin le méid suntasach a chur le geilleagar na hÉireann i gcoitinne:

- Tháinig méadú 15% go €121 billiún ar onnmhairí chliantchuideachtaí GFT Éireann in 2012 ón mbonnfhigiúr in 2010.

- Chaith cliantchuideachtaí GFT Éireann €20.8bn billiún i ngeilleagar na hÉireann, méadú 17% i gcomparáid leis na sonraí do 2010. Áirítear ar an gcaiteachas €20.8 billiún:

    - Caiteachas párolla €8 billiún, méadú 9% ó 2010

    - Caiteachas €2.3 billiún ar ábhair a foinsíodh in Éirinn, méadú 44% ó 2010.

    - Caiteachas €10.4 billiún ar sheirbhísí a foinsíodh in Éirinn, méadú 18% ó 2010

### Rátálacha Idirnáisiúnta na hÉireann

Leanann Éire ag feidhmiú go maith sa rangú idirnáisiúnta.

- An 1ú háit sa domhan maidir le hinfheistíocht isteach ó thaobh cáilíochta agus luacha de.

- An 1ú háit san Eoraip agus an 2ú háit ar domhan maidir le líon na bpost infheistíochta per capita.

- An 1ú háit maidir le solúbthacht agus oiriúnacht an lucht saothair.

- An 1ú háit san AE maidir le hoideachas tríú leibhéal a chríochnú.

- An 3ú háit ar domhan maidir le hinfhaighteacht lucht saothair oilte.

- An 4ú háit maidir le táirgiúlacht saothair.

### Tionscnaimh Fiontar Trasteorann.

Lean an Roinn le tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn geilleagar 'uile-oileáin' trí obair Idir-Thrádáil Éireann agus téama fiontar Chlár Interreg.

### Idir-Thrádáil Éireann

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas arna mbunú le Comhaontú Aoine an Chéasta agus tá sí á comhchistiú ag an Roinn seo agus ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann. Le linn 2013, chuir Idir-Thrádáil Éireann tuarascálacha mionsonraithe ar dhul chun cinn ar a clár oibre i láthair in dhá chruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, san fhormáid rannach Trádála agus Forbartha Gnó. Sháraigh an Comhlacht na príomhspriocanna do 2013, agus níos mó ná 3,300 comhlacht ag baint leas as cláir agus líonraí an Chomhlachta chun á gcumais ghnó trasteorann a fhorbairt. Onnmhaireoirí céaduaire a bhí i 79 gcinn de na gnólachtaí sin agus rinneadh nuálaithe céaduaire de 75 ghnólacht tar éis dóibh páirt a ghlacadh i gcláir de chuid Idir-Thrádáil Éireann. Chuir a gníomhaíochtaí le cruthú nó cosaint 895 phost in 2013 chomh maith. Bhain cláir um thacaíocht gnó arna n-oibriú ag Idir-Thrádáil Éireann le linn na bliana le forbairt acmhainne, forbairt an onnmhairiúcháin, aistriú teicneolaíochta, cúnamh maidir le tairiscintí a dhéanamh agus forbairt táirgí úra. Lena chois sin, tá an Comhlacht bainteach le rannpháirtíocht trasteorann a fhorbairt i gCreatchlár nua an AE um Thaighde agus um

Nuálaíocht (2014 – 2020) FÍS 2020. Bhain an Comhlacht coigilteas éifeachtúlachta 9% amach thar an tréimhse 2011-2013. D'fhoilsigh Idir-Thrádáil Éireann roinnt tuarascála chomh maith ar a taighde féin le linn 2013 lena n-áirítear Suirbhé ráithiúil um Monatóireacht Gnó inar léiríodh an meon gnó i measc FBManna ar an dá thaobh den teorainn, agus staidéar ar Rochtain ar Mhaoiniú d'fhás do FBManna ar oileán na hÉireann

### Interreg – an Téama Fiontar

Ó bhí 2007 ann, faoi Chlár IVA Interreg AE, ar Clár Cistí Struchtúracha arna dtacú ag an Aontas Eorpach é, tá 28 dtionscadal um fhorbairt fiontar don réigiún teorann comhchistithe ag an Roinn seo i gcomhar lena macasamhail i dTuaisceart Éireann. Beidh sé sin cothrom le hinfheistíocht iomlán de thart ar €70 milliún faoin am a bheidh an clár curtha i gcrích in 2015. Tá roinnt tionscadal curtha i gcrích anois ach tá roinnt díobh fós ar siúl. Cuireadh tús le tionscnamh suntasach in 2013 maidir le saoráid Páirc Eolaíochta a thógáil i Leitir Ceanainn, a chosnóidh €4.5 milliún, mar aon le comhpháirtíocht a fhorbairt i gCathair Dhoire, rud a chuideoidh le forbairt na heolaíochta agus na nuálaíochta i réigiún an Iarthuaiscirt.

Le linn 2013, d'oibrigh an Roinn le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear an tÚdarás Bainistíochta AE, maidir le téamaí cuí a fhorbairt don chéad bhabhta eile den chlár, a bheidh á reáchtáil ó 2014 go dtí 2020. Is cosúil go mbainfidh an Clár úr le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh shonracha Thaighde agus Nuálaíochta.

### Prótacal maidir le Comhar idir an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus na Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar

In 2013, comhaontaíodh Prótacal um chomhar idir an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus na Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, agus na Boird Fiontar Contae (BFCanna)[9].

Is é is aidhm uileghabhálach leis an bprótacal a chinntiú go ndéanfar earcú daoine atá oilte go cuí ón gclár beo ag cliantchuideachtaí gníomhaireachtaí fiontar a uasmhéadú, agus chun na críche sin:

- Naisc níos struchtúrtha a bhunú idir Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar agus an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Comhroinnt faisnéise a mhéadú idir Gníomhaireachtaí um Fhorbairt Fiontar agus an Roinn Coimirce Sóisialaí;
- Comhar a mhéadú maidir le gníomhaíochtaí feasachta agus gníomhaíochtaí cur chun cinn;
- Cabhrú le riachtanais chliantchuideachtaí na ngníomhaireachtaí fiontar le tionscadail nua agus reatha a mheaitseáil le cliaint ón gClár Beo;
- Rannpháirtíocht ar riachtanais tiontaithe agus oiliúna fiontar a mhéadú;

[9] * Rinneadh na 35 Bhord Fiontar Contae a dhíscaoileadh le dlí an 15 Aibreán 2014 agus bunaíodh agus osclaíodh do ghnó 31 Oifig Fiontair Áitiúil an lá céanna.

- A chinntiú gur féidir le cliantchuideachtaí leas a bhaint as seirbhísí socrúcháin Intreo, dreasachtaí fostóirí agus seirbhísí tacaíochta fostóirí;

- A chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtúla monatóireachta agus tuairiscithe i bhfeidhm le haghaidh earcaíocht a dhéanamh ón gClár Beo.

Déanann Grúpa Stiúrtha atá comhdhéanta de bhainisteoirí ó gach eagraíocht is sínitheoir maoirseacht ar aidhmeanna an Phrótacail a bhaint amach go héifeachtach.

### Bord Fiontar Contae agus Cathrach/Oifigí Fiontar Áitiúil[10]

Le linn 2013, rinneadh dul chun cinn suntasach ar chinneadh ón Rialtas na Boird Fiontar Contae (BFCanna) a dhíscaoileadh agus Oifigí Fiontair Áitiúil (OFÁnna) úra a bhunú. Cuimseofar sna hOFÁnna feidhmeanna reatha na BFCanna agus feidhmeanna Aonaid Forbartha Gnó na nÚdarás Áitiúil agus beidh siad ina n-ionaid tosaigh trínar féidir an fhaisnéis uile ar thacaíochtaí Stáit do ghnóthais bheaga agus do mhionfhiontair a rochtain agus trínar féidir gnóthais ag a bhfuil acmhainneacht shoiléir ardfháis a thabhairt chun tosaigh go mear go dtí an chéad leibhéal eile tacaíochta ó Fhiontraíocht Éireann. Déanfar oifig gach Údaráis Áitiúil díobh, a bheidh á maoirsiú ag Fiontraíocht Éireann, agus beidh an fhreagracht as beartais agus buiséid fós ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Beidh na hOFÁnna ar an “gcéad ionad” trína mbeifear ábalta an fhaisnéis uile ar thacaíochtaí Stáit do ghnóthas beaga agus do mhionfhiontair a chur ar fáil, agus trína mbeifear ábalta cuideachtaí ag a bhfuil acmhainneacht shoiléir ardfháis a thabhairt chun tosaigh go mear agus go héasca go dtí an chéad leibhéal eile tacaíochta trí dhul ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann. Áireofar air sin rochtain ar chomhlachtaí náisiúnta ag a bhfuil cláir a bhaineann le gnóthais bheaga chomh maith le seirbhísí áitiúla tábhachtacha agus riachtanais um chomhlíonadh.

Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an dul chun cinn a rinneadh sa Roinn:

- Foilsíodh an Bille um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2013 i mí Iúil 2013 agus bhí sé rite trí gach céim den Seanad faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair.

- Tairiscint úr a eisíodh go luath sa bhliain maidir le suíomh gréasáin úr na nOifigí Fiontair Áitiúil a dhearadh agus a fhorbairt, rud a chuirfí in ionad shuíomhanna na 36 Bhord Fiontar Contae a bhí ann cheana. Bronnadh an conradh ar an gcuideachta rathúil agus críochnaíodh an dearadh roimh dheireadh na bliana 2013.

- Rinneadh branda úr agus lógó úr gaolmhar a dhearadh, a chomhaontú agus a lainseáil do na hOFÁnna.

- Rinneadh Creatchomhaontú Seirbhíse idir Fiontraíocht Éireann agus na hÚdaráis Áitiúla a dhréachtú, a chomhaontú agus a lainseáil.

[10] * Rinneadh na 35 Bhord Fiontar Contae a dhíscaoileadh le dlí an 15 Aibreán 2014 agus bunaíodh agus osclaíodh do ghnó 31 Oifig Fiontair Áitiúil an lá céanna.

- Cuireadh prótacail maidir leis na hOFÁnna atá úr ar aghaidh idir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus na Coimisinéirí Ioncaim; an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa; Micrea-Airgeadas Éireann agus Skillnets.

- Bunaíodh Ionad Barr Feabhais i bhFiontraíocht Éireann chun maoirseacht a dhéanamh ar na hOFÁnna atá úr.

- Cuireadh a lán ceisteanna praiticiúla ar aghaidh maidir le réimsí amhail airgeadas, cóiríocht, acmhainní, acmhainní daonna, TFC etc.

Tá líon na bpost a bhain le tacaíochtaí caipitil na BFCanna a soláthraíodh in 2013 leagtha amach thíos:

| Staitisticí na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFÁ) | Líon |
|---|---|
| Líon Iomlán na bPost ar Thacaigh BFÁnna Leo – deireadh 2013 | 34,791 |
| Líon Iomlán na bPost Lánaimseartha Úr a Chruthaigh BFÁnna in 2013 | 1,311 |
| Líon Iomlán na bPost Páirtaimseartha Úr a Chruthaigh BFÁnna in 2013 | 250 |
| Líon iomlán na nGlanphost Úr a Chruthaigh BFÁnna in 2013 | 1,436 |

### Nuachóiriú Státchabhrach

Tá tionchar mór ag Rialáil Státchabhrach ag Coimisiún an AE ar gach gné de Riarachán na hÉireann. Bhí an próiseas Nuachóiriú Státchabhrach ina phríomhghné d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Tionóladh naoi gcruinniú de chuid na Meithle um Iomaíocht le linn 2013 le plé a dhéanamh ar dhá rialachán maidir le Státchabhair; an Rialachán Nós Imeachta, lena leagtar amach an dóigh a bpléann an Coimisiún le gearáin nó imscrúduithe foirmiúla i Státchabhair, agus an Rialachán Cumasúcháin, lena gcinntear an dóigh a ndéanann an Coimisiún cinneadh maidir le raon feidhme na gcineálacha cabhrach a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe amach anseo faoi bhlocdhíolúintí. Nuair a bheidh siad cumhdaithe faoi bhlocdhíolúintí, is féidir le Ballstáit cabhair áirithe a chur i bhfeidhm gan cead a fháil ón gCoimisiún.

Tháinig Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ar chomhaontú maidir leis na ceisteanna idir an Coimisiún agus na Ballstáit i mí na Bealtaine 2013. Tháinig an comhaontú idir Coiste na mBuanionadaithe agus an Chomhairle sna sála air sin agus glacadh na Rialacháin úra ón gComhairle.

Sa chomhaontú a rinneadh, cinntítear monatóireacht níos éifeachtúla agus níos trédhearcaí ar Státchabhair ag an gCoimisiún, próisis fheabhsaithe um bailiú sonraí agus comhar feabhsaithe idir an Coimisiún agus cúirteanna náisiúnta na mBallstát. Mar gheall ar na hathchóirithe chomh

maith, cuirfear ar chumas an Choimisiúin díriú ar Státchabhair mhór agus Státchabhair a d'fhéadfadh a bheith saofa, agus na nósanna imeachta um 'chabhair mhaith' a shimpliú ag an am céanna.

# 4. Onnmhairí a Mhéadú

## “Tacaíocht a thabhairt d’fhiontair chun spriocanna dúshlánacha onnmhairiúcháin a bhaint amach”.

Tá fás faoi réir onnmhairiúcháin riachtanach chun filleadh ar fhás geilleagrach inbhuanaithe agus sainaithnítear é mar phríomh-chomhpháirt sa Chlár don Rialtas. Tagann deiseanna post inbhuanaithe agus fás in ioncam do ghnólachtaí thar an méid atá ar fáil as an ngeilleagar intíre as onnmhairí agus bíonn toradh iarmhartach suntasach acu ar fud an gheilleagair ina iomláine i gcomhthéacs post agus ioncam cánach. Sa Chlár don Rialtas, leagtar amach cur chuige comhtháite an Rialtais maidir le trádáil, turasóireacht agus infheistíocht a fhorbairt agus dearbhaítear ann líon spriocanna atá le baint amach faoi 2015. Príomhchuspóir atá i líon na bpost úr a bhaineann go díreach le fiontair a bhíonn ag onnmhairiú a mhéadú faoi os cionn 150,000 post i ndéantúsaíocht, turasóireacht agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, agus líon post úr neamhdhíreach den chineál céanna a chruthú.

### Onnmhairí 2013

In 2013, shroich onnmhairí na hÉireann an leibhéal ba mhó riamh de thart ar €179 billiún. Ba é sin an ceathrú bliain as a chéile ina raibh fás onnmhairiúcháin bliain ar bhliain.

Ba iad onnmhairí seirbhísí an príomhrud taobh thiar den fhás in 2013, agus onnmhairí ag sárú €92 billiún. Ba é sin méadú 8% ar 2012 agus bhí barrachas trádála le feiceáil in onnmhairí seirbhísí in 2013 freisin. Ba é an phríomhchatagóir onnmhairí seirbhísí ná Seirbhísí Ríomhaireachta dar luach €39 billiún, geall leis, agus arbh ionann iad agus 42% de na honnmhairí seirbhísí.

B’ionann onnmhairí earraí agus beagnach €87 billiún in 2013. Bhí barrachas suntasach os cionn €37 billiún le brath arís inár dtrádáil earraí. Ba iad na príomhchatagóirí earraí táirgí Leighis agus Cógaisíochta (€21.6 billiún) agus ceimiceáin Orgánacha (don earnáil cógaisíochta go príomha) (€18.3 billiún). Bhain an dá chatagóir sin le beagnach leath na n-onnmhairí marsantachta ar fad. Ba iad na príomhchinn scríbe d’Onnmhairí Marsantachta in 2013 ná Stáit Aontaithe Mheiriceá (21%), an Ríocht Aontaithe (16%), an Bheilg (13%), an Ghearmáin (8%), an Eilvéis (6%) agus an Fhrainc (5%). Bhí an tSín freagrach as 2% d’iomlán na n-onnmhairí earraí.

Bhain cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann na díolacháin onnmhairiúcháin ba mhó riamh de €17.1 billiún amach in 2013, agus fás suntasach ag teacht ó mhargaí Mheiriceá Thuaidh agus an Aigéin Chiúin (méadú 19%) agus na hEorpa Thuaidh (méadú 14%). Tháinig fás 11% ar onnmhairí na hearnála neamhbhia agus tháinig fás 2.3% ar onnmhairí na hearnála bia. Tháinig fás 10% ar onnmhairí na hEarnála Bia agus Deochanna.

Ba iad na príomhchatagóirí marsantachta táirgí Leighis agus cógaisíochta (€24.4 billiún) agus ceimiceáin Orgánacha (don earnáil cógaisíochta go príomha) (€20.1 billiún). Bhain an dá chatagóir sin le beagnach leath na n-onnmhairí marsantachta ar fad. Ba iad na príomhchinn scríbe do na hOnnmhairí Marsantachta in 2012 ná Stáit Aontaithe Mheiriceá (20%), an Ríocht Aontaithe (17%), an Bheilg (15%), an Ghearmáin (8%), an Eilvéis (6%) agus an Fhrainc (5%). Bhí an tSín freagrach as 2.4% d’iomlán na n-onnmhairí marsantachta.

### Imeachtaí Trádála Thar Lear

In 2013, thug Airí ón Roinn seo faoi roinnt Misean Trádála thar lear, agus iad ag taisteal chuig SAM, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Pholainn, Poblacht na Seice agus an India. I mí Iúil, stiúir an tAire Bruton cómhisean trádála agus infheistíochta FÉ / GFT Éireann chuig an tSeapáin agus an tSín. Lena chois sin, d'fhreastail Airí ón Roinn ar imeachtaí trádála agus líonraithe thar lear, agus stiúir Airí ó Ranna eile Misin Trádála chun raon earnálacha atá dírithe ar onnmhairiú agus ina gcuid dhílis dár mianta fáis agus cruthú post a chur chun cinn.

### Beartas Trádála

Tá beartas trádála ina chuid riachtanach den tosaíocht atá ag an Roinn cuidiú le gnólachtaí onnmhairiú a dhéanamh agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus cur leis na cuspóirí trádála idirnáisiúnta uaillmhianacha sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Tá sé measta go gcoinnítear ceithre phost le gach €1 mhilliún in onnmhairí ó ghnólachtaí dúchasacha. Ar fud an AE, braitheann 30 milliún post ar dhíolacháin chuig an gcuid eile den domhan, méadú 10 milliún ó bhí 1995 ann. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann leis an trádáil dhomhanda d'Éirinn agus do líon mór tomhaltóirí AE, a gcuireann a gcumhacht caithimh leis an rath atá ag fás dár n-onnmhairí ar fud na hEorpa.

### Rialú Onnmhairí

Tá méadú onnmhairí ina phríomhsprioc de chuid na Roinne, agus dá bhrí sin, is neamhchoitianta atá rialuithe agus srianta ar an trádáil idirnáisiúnta. Agus breac-chuntas déanta sa tuarascáil seo ar na bearta a rinneadh chun fás onnmhairiúcháin a bhaint amach, tá bearta á ndéanamh ag an am céanna leo sin chomh maith chun onnmhairiú sábháilte agus freagrach earraí agus teicneolaíochta rialaithe a chinntiú.

Is fíorthábhachtach don Roinn atá na cúrsaí a bhaineann le slándáil, le cobhsaíocht réigiúnach agus le cearta an duine agus atá ina mbonn do rialuithe onnmhairí. Tá rialú onnmhairí ina réimse ina bhfuil ról tábhachtach i sprioc straitéiseach na Roinne maidir le tacaíocht a thabhairt do thrádáil agus maidir le trádáil a éascú, ag cinntiú go bhfreastalaítear go sonrach ar onnmhairiú earraí íogaire i gcomhthéacs phrionsabail an AE agus prionsabal domhanda atá mar bhonn do rialú onnmhairí a chosaint. Tá sé an-tábhachtach go gcinntítear leibhéal cuí ceadúnaithe ar onnmhairí earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide agus eile maidir le cuidiú le honnmhairí gníomhaíochtaí domhanda in earnálacha ardteicneolaíochta a leathnú agus a fhorbairt.

D'eisigh an Roinn 875 cheadúnas onnmhairiúcháin in 2013. Cuimsítear san fhigiúr sin 754 cheadúnas dé-úsáide aonair, 13 cheadúnas dé-úsáide domhanda agus 108 gceadúnas mhíleata. Déantar staitisticí ar líon agus luach na gceadúnas onnmhairiúcháin a fhoilsiú ar bhonn tréimhsiúil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

# 5. Rialáil

## “Cur lena éifeachtúla atá margaí, lena n-áirítear na margaí saothair, trí rialáil chliste a spreagann nuálaíocht, iomaíocht ghéar, ardchaighdeáin um chomhlíonadh agus cosaint tomhaltóirí, gan costais rialála nach bhfuil gá leo ag gabháil léi”.

Tá timpeallacht rialála atá ag feidhmiú go maith, atá láidir agus comhréireach ina cuid bhunúsach de thairiscint iomaíoch na hÉireann. Léirítear i staitisticí tagarmharcála idirnáisiúnta go bhforchuireann Éire ualach measartha íseal rialála ar ghnó agus go bhfuil timpeallacht rialála na hÉireann ar cheann de na timpeallachtaí is forásaí agus is tacúla don fhiontar.

Ní mór timpeallacht rialála éifeachtach agus chuiditheach a chothú trí rialáil gnó níos fearr, iomaíocht agus cearta tomhaltóirí a chur chun cinn, fiontair a rialáil mar is cuí, a chinntiú go bhfuil cearta fostaíochta á gcosaint agus a chinntiú go ndéantar caidreamh san áit oibre a bhainistiú go maith, lena n-áirítear trí chóras an Stáit um chaidreamh san áit oibre a sholáthar. Tríd an timpeallacht rialála a fheabhsú agus a nuachóiriú tuilleadh, soláthraítear deis d’Éirinn buntáiste iomaíoch a fhorbairt, rud a chothóidh agus a spreagfaidh fás fiontar ar bhonn inbhuanaithe. Is ag an Roinn atá roinnt Oifigí agus Gníomhaireachtaí ar a bhfuil sainchúraim rialála, is iad sin, an tÚdarás Iomaíochta, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT), Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC), an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Cláraitheoir na gCara-Chumann, Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Binse Achomhairc Fostaíochta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Chúirt Oibreachais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS), Oifig na bPaitinní, Aonad um Méadreolaíocht Dhlíthiúil an NSAI agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Comhlíonann an Roinn féin feidhmeanna rialála chomh maith, lena n-áirítear ceadúnú onnmhairiúcháin agus ceadanna fostaíochta.

Ag féachaint leis an sprioc sin a bhaint amach le linn 2013, cuireadh an reachtaíocht cuideachtaí seo a leanas ar aghaidh:

### Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013, Uimh. 46 de 2013

Cuimsítear in Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013, ar shínigh an tUachtarán mar dhlí é an 23 Nollaig 2013, na forálacha seo a leanas maidir le feidhmeanna na Roinne seo:

- Scrúdaitheoireacht do chuideachtaí príobháideacha beaga – áit a soláthraítear rogha do chuideachtaí príobháideacha beaga iarratas díreach a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda le scrúdaitheoir a cheapadh ionas nach mbeidh orthu iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, rud as a dtagann coigilteas costais.

- Ba ghá leasuithe a dhéanamh ar Rialacha na Cúirte Cuarda ionas go mbeadh cuideachtaí príobháideacha beaga ábalta iarratas a dhéanamh go díreach chuig an gCúirt Chuarda le scrúdaitheoir a cheapadh. Bhí Rialacha na Cúirte Cuarda sin ina n-ábhar d’Ordú ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, lena raibh dáta oibriúcháin den 14 Iúil, 2014, ag comhtharlú le dáta oibriúcháin an Ordaithe um Thosach Feidhme le haghaidh Alt 2 den Acht.

- Comhdú leictreonach cuntas leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí – áit a simplítear an próiseas trína ríomhchomhdaíonn cuideachtaí tuairisceáin bhliantúla. Is é is aidhm do na hathruithe laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhíonn ar chuideachtaí agus cuntais á gcomhdú acu.

- Oifigeach Sainithe in OSFC: soláthar le haghaidh teagmhais áirithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn - sa chás nach bhfuil an t-oifigeach sainithe ainmnithe i mbarántas cuardaigh ábalta gníomhú, féadfar oifigeach sainithe eile a chur ina ionad nó ina hionad ar an mbarántas cuardaigh sin.

- Nochtadh faisnéise do OSFC - ceadaítear d'údaráis rialála shonracha faisnéis a bhaineann le cionta faoi Acht na gCuideachtaí a nochtadh don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

- Tobhach ar iniúchóirí reachtúla/gnólachtaí iniúchóireachta reachtúla de chuid Eintitis Leasa Pobail - chun na costais ar gá d'Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann iad a íoc as feidhmeanna dearbaithe cáilíochta um iniúchadh seachtrach a dhéanamh i ndáil leis na hEintitis Leasa Pobail sin.

- Córais imscrúdaithe agus pionós a chur i bhfeidhm i leith iniúchóirí áirithe tríú tír - cuireann sé sin ar chumas an Aire rialacháin a dhéanamh maidir le córais imscrúdaithe agus pionós a chur i bhfeidhm i leith iniúchóirí/eintitis iniúchóireachta áirithe tríú tír a dhéanann iniúchtaí ar chuideachtaí atá corpraithe i dtíortha agus i gcríocha tríú tíortha faoi leith a gcuirtear a n-urrúis inaistrithe isteach ar thrádáil ar mhargadh rialáilte sa Stát. Tá sé beartaithe go gcomhlíonfaidh Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann an fheidhm sin.

### An Bille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta le linn 2013 chun ullmhúcháin a chur ar aghaidh dá gcónascadh, rud a dhéanfar nuair a achtófar an Bille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

### Réiteach Malartach Díospóidí le haghaidh Díospóidí Tomhaltóirí

Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach, thángthas ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa ar Threoir maidir le réiteach malartach díospóidí le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus rialachán maidir le réiteach díospóidí ar líne do thomhaltóirí. Ní mór do na Ballstáit an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta ón 9 Iúil 2015 i leith agus beidh feidhm dhíreach ag an Rialachán sna Ballstáit ón 9 Eanáir 2016.

Mar chuid de chlár oibre Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, d'éirigh leis an Roinn an chéad léamh a fháil ar na moltaí don Rialachán maidir le Sábháilteacht Táirgí Tomhaltais agus don Rialachán maidir le Fearachas Margaidh, a bhí ina gcodanna lárnacha de phacáiste an Choimisiúin um Ghníomh um an Margadh Aonair II. Bhí an Roinn i gceannas chomh maith ar shíniú an chomhaontaithe um chomhar idir an AE agus Cónaidhm na hEilvéise ar cheisteanna iomaíochta. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an bpacáiste um chreat reachtaíochta úr de 9 mbeart comhchuibhithe theicniúil.

### Laghdú ar an Maorlathas a Fhorchuireann an Rialtas ar Ghnó

Gníomhaíonn an Grúpa Ardleibhéil ar Rialáil Gnó mar theach imréitigh do cheisteanna maorlathais a bhíonn os comhar gnó agus tá comhaltaí ann ón bpobal gnó, ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais agus ó na ceardchumainn. Buaileann an Grúpa le chéile cúig huaire nó sé huaire sa bhliain agus, le linn 2013, bhí an tAire Gnóthas Beag mar chathaoirleach air. Gach bliain, sainaithníonn an Grúpa roinnt bheag réimsí tosaíochta agus bunaíonn sé foghrúpaí faoi chathaoirleacht na gcomhaltaí chun na réimsí sin a chur chun cinn. In 2013, chuaigh na foghrúpaí i ngleic le réimsí amhail:

1. laghdú ar ualaí rialála ex ante trí úsáid thrédhearcach agus chórasach as Anailís Tionchair Rialála (ATR);
2. an tAcht um Eagrú Am Oibre a riar;
3. simpliú riaracháin féideartha a d'fhéadfadh cuidiú le hoibrithe páirtaimseartha agus ócáideacha;
4. ceisteanna arna sainaithint ag gnó maidir le nósanna imeachta riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá cumarsáid níos fearr ina príomhchuid d'ualaí rialála a laghdú. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar níos fusa é do ghnóthais bheaga agus do ghnólachtaí nuathionscanta na rialacháin a bhaineann leo a shainaithint. In 2012, rinne an Roinn an tairseach gréasáin www.businessregulation.ie a fhorbairt agus a lainseáil, áit a soláthraítear foinse aonair d'fhaisnéis um rialáil agus um chomhlíonadh do ghnóthais, mar aon le naisc leis na tacaíochtaí atá ar fáil. Cuidítear sa tairseach le gnóthais na príomhrialacháin a bhaineann leo a shainaithint agus laghdaítear uirthi an gá atá le cuardach trí leathanaigh éagsúla ar shuíomhanna gréasáin, trí os cionn 150 nasc ar fhaisnéis, treoir agus sonraí teagmhála a sholáthar. Chun an fhoinse faisnéise ar líne sin a chomhlánú, thug an Roinn os cionn 25 cinn de Ghníomhaireachtaí, Oifigí agus Ranna eile le chéile faoin gceannteideal "*Taking Care of Business*" chun imeachtaí leathlae um fhaisnéis gnó a reáchtáil, lenar áiríodh os cionn cúig chur i láthair ghearra dhéag ó chomhlachtaí agus suas le 30 seastán faisnéise. Leis sin, cuirtear raon leathan faisnéis tosaíochta ar fáil maidir le rialachán agus tacaíochtaí do ghnó, chomh maith le cumarsáid neamhfhoirmiúil dhá bhealach a spreagadh idir comhlachtaí poiblí agus gnó. Tionóladh an chéad imeacht dá leithéid sna Printworks i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 22 Deireadh Fómhair 2013, agus d'fhreastail os cionn 500 duine gnó air. Tionólfar tuilleadh imeachtaí in 2014.

Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach sa chéad leath de 2013, bhí an Roinn ina cathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Rialáil níos Fearr, a raibh Conclúidí comhaontaithe ón gComhairle maidir le Rialáil Chliste ag an gComhairle Iomaíochais i mí na Bealtaine mar thoradh air. Aontaíodh sna Conclúidí sin gur cheart do Rialáil Chliste béim a chur ar cad a chuireann borradh faoi iomaíochas agus faoi phoist, agus iarradh iontu ar an gCoimisiún Eorpach gníomh tráthúil agus trédhearcach a dhéanamh le cur chun feidhm a dhéanamh ar an Teachtaireacht um Oiriúnacht Rialála (REFIT) uaidh i mí na Nollag 2012 agus ar an Teachtaireacht uaidh i mí an Mhárta 2013 maidir le hualaí ar FBManna a laghdú.

### Tacaíocht a thabhairt do Chomharchumainn

Rinneadh Bille na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 a fhoilsiú an 23 Iúil 2013. Dírítear sa Bhille ar an ualach rialála ar

chomharchumainn a mhaolú agus é a dhéanamh níos fusa comharchumann a thosú agus a reáchtáil mar chineál malartach eagraíocht fiontair. Cuirtear a lán de na ceisteanna arna n-ardú ag an earnáil comharchumann féin san áireamh sa reachtaíocht mar a bheith ina réimsí deacrachta nó sriantachta don earnáil. Déanfar na nithe sonracha seo a leanas leis an reachtaíocht:

- Ceadófar do chumainn aonair a dteorainn féin a shocrú maidir le scairshealbha aonair sa tsochaí.
- Srianta tuairiscithe airgeadais a mhaolú tríd an tréimhse chun tuairisceáin agus cuntais bhliantúla a chur isteach a shíneadh.
- É a dhéanamh níos fusa do chumainn a cuireadh ar ceal dul ar ais ar an gclár.
- Srianta tiomsaithe airgid do chumainn neamhthalmhaíochta a mhaolú.

### Athchóiriú ar Sheirbhísí an Stáit um Chaidreamh san Áit Oibre

Leanadh le hobair ar an athchóiriú ar Sheirbhísí an Stáit um Chaidreamh san Áit Oibre. Leis an gClár um Athchóiriú, soláthrófar struchtúr dhá shraith um Chaidreamh san Áit Oibre trí ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta, an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, an Bhinse Comhionannais agus feidhmeanna céadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus na Cúirte Oibreachais a chumasc i gComhlacht Céadchéime úr, ar a dtabharfar an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Déanfar feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chorprú i gCúirt Oibreachais leathnaithe.

In 2013, rinneadh dul chun cinn suntasach mar seo a leanas maidir leis na hathruithe teicneolaíocha, struchtúracha, riaracháin agus soláthair foirne a theastaíonn chun taca a chur faoin gClár um Athchóiriú ar an gCaidreamh san Áit Oibre:

- Leanadh le hobair, i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne, ar an mBille um Chaidreamh san Áit Oibre a ullmhú, rud lena dtabharfar éifeacht reachtúil don Chlár um Athchóiriú;
- Lainseáladh eisiúint úr den Fhoirm Gearán Aonair um Chaidreamh san Áit Oibre;
- Tugadh isteach saoráid chun ríomhghearáin a chur isteach;
- Rinneadh nósanna imeachta úra chun déileáil le gearáin um dhífhostú éagórach agus le hilghearáin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm;
- Lainseáladh an Suíomh Gréasáin Aonair Deiridh um Chaidreamh san Áit Oibre;
- Rinneadh Bunachar Sonraí Cinntí Aonair a dhearadh agus a lainseáil;
- Rinneadh an tSeirbhís phíolótach um Luath-Réiteach a mheas;
- Tugadh an Plean Soláthair Foirne agus Struchtúr don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus don Chúirt Oibreachais chun críche;
- Tugadh faoi Threoirthionscadal um Sceidealú Éisteachtaí agus dearadh agus tástáladh Uirlis eatramhach um Sceidealú Éisteachtaí;

- Cuireadh pleanáil do chuíchóiriú eatramhach na gcóras um bainistíocht gearán a bhí ann cheana i gcrích;
- Foilsíodh Iarraidh ar Thairiscint do Réiteach Bainistíochta um Chaidreamh Custaiméirí;
- Aistríodh agus athlonnaíodh an Binse Comhionannais go dtí an Roinn;
- Rinneadh tuilleadh athbhreithnithe ar phróisis ghnó um Oibríochtaí Gearán agus Breithnithe;
- Rinneadh Clár Oiliúna do Bhreithneoirí a dhearadh agus a chreidiúnú.

### Cómhargáil

Tugtar gealltanas sa Chlár don Rialtas athchóiriú a dhéanamh ar an dlí reatha ar chearta fostaithe chun a bheith páirteach i gcómhargáil (an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001) lena chinntiú go gcloíonn an Stát leis na breithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine le déanaí. I mí na Nollag 2012, scríobh an tAire Bruton chuig na geallsealbhóirí ábhartha, agus é ag lorg aighneachtaí ar an gceist.

Le linn 2013, fuarthas roinnt aighneachtaí cuimsitheacha agus cur i láthair cuimsitheach ó roinnt páirtithe ar shuim leo an scéal, idir ionadaithe ceardchumainn, ionadaithe fostóirí, chomhlachtaí Stáit agus dhaoine eile.

I ndiaidh na haighneachtaí a bhreithniú agus plé a dhéanamh ina dhiaidh sin, tionóladh sraith cruinnithe le hionadaithe ó Chomhdháil na gCeardchumann, ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus ó Chomhlachas Tráchtála Mheiriceá, agus é mar aidhm leo tograí a fhorbairt lena gcur faoi bhráid na Comh-Aireachta i dtús 2014[11].

### Pá Earnála a Shocrú

Sa bhreithiúnas a tugadh an 9 Bealtaine 2013 i gcás McGowan, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh Cuid III den Acht Caidrimh Thionscail 1946 neamhbhailí maidir le hAirteagal 15.2.1 den Bhunreacht. Déantar foráil san Airteagal go bhfuil an chumhacht eisiach maidir le dlíthe a dhéanamh dílsithe san Oireachtas. Ba é tuairim na Cúirte Uachtaraí go raibh na Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) ina n-ionstraimí lena raibh stádas mar dhlíthe arna ndéanamh ag daoine aonair príobháideacha. Cé go ndéantar foráil sa Bhunreacht do tharmligean teoranta feidhmeanna reachtóireachta, ba i bhforálacha Acht 1946 chuathas níos faide ná mar atá ceadaithe faoin mBunreacht. Ba é éifeacht an chinnidh sin clárú comhaontuithe fostaíochta a bhí cláraithe roimhe seo faoi Chuid III d'Acht 1946 a chur ó bhail.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an gcomhairle dhlíthiúil ón Ard-Aighne maidir le himpleachtaí rialú na Cúirte Uachtaraí, agus mar gheall ar a thábhachtaí a bhí an cheist d'fhostóirí agus d'fhostaithe, go háirithe i dtaca le rátaí pá agus tairiscintí ar chonarthaí a lorg, moladh reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh chun dul i ngleic leis an rialú agus chun foráil a dhéanamh do chreat reachtach a mbeadh breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ina bhonn taca faoi agus a mbeifear ag súil leis dúshlán bunreachta amach anseo a sheasamh.

[11] Achtaíodh an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 an 22 Iúil 2015.

Cuireadh tús le hobair ar dhréachtú an chreata agus bhí sé i gceist é a scaipeadh ar na geallsealbhóirí lena bhreithniú.

### Comhchoistí Oibreachais

Déantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012, i measc nithe eile, go ndéanfaidh an Chúirt Oibreachais athbhreithniú ar gach Comhchoiste Oibreachais. Cuireadh an tAthbhreithniú sin i gcrích i mí Aibreáin 2013. Chuidigh an t-athbhreithniú le plé na Cúirte Oibreachais ar cé acu ba cheart Comhchoistí Oibreachais (CCO) a dhíothú, a choinneáil san fhoirm reatha, a chumasc le CCO eile nó ar cheart a ordú bunaithe a leasú agus rinne an Chúirt Oibreachais a moltaí leis an Aire chun na críche sin. D'fhoilsigh an tAire Bruton an Tuarascáil ar an Athbhreithniú an 1 Deireadh Fómhair 2013 mar aon lena fhreagra ar na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil.

D'oibrigh Oifigigh le hOifig an Ard-Aighne maidir le dréachtú na nOrduithe is gá chun na moltaí a chur i gcrích.

### An Beartas maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Ceimiceáin

Tháinig laghdú ar líon na mbásanna san áit oibre a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ó 48 gcinn in 2012 go 47 gcinn in 2013. Bhí an líon ab airde básanna fós san earnáil talmhaíochta (16 cinn) agus san earnáil tógála (11 cheann). Ar aon dul leis an gcur chuige bunaithe ar riosca maidir le leithdháileadh acmhainní, lean ÚSS le linn 2013 lena ghníomhaíochtaí iniúchta a dhíriú ar na hearnálacha ardriosca sin.

Léiríodh i dtaighde go bhfuil dea-chiall gnó le dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta. Cuidíonn sé le hiomaíochas, feabhsaíonn sé caidreamh le hoibrithe agus ba chóir do gach fiontar rathúil tús áite a thabhairt dó. Tá gnóthais rathúla in Éirinn, idir ghnóthais dhúchasacha agus ghnóthais ilnáisiúnta, ag cur an dea-chleachtais sa tsláinte agus sa tsábháilteacht ag croílár a straitéise fiontar anois.

Is é príomhaidhm an bheartais maidir le sláinte agus sábháilteacht agus ceimiceáin a rialáil san áit oibre tacaíocht a thabhairt do leabú na sláinte agus na sábháilteachta ceirde mar chuid lárnach de ghnó a dhéanamh i ngach áit oibre in Éirinn agus a chinntiú nach rachaidh déantúsaíocht agus úsáid ceimiceán in Éirinn i bhfeidhm ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol. Soláthraítear an beartas sin trí bhonn reachtach atá láidir agus cothrom agus a bhfuil córas um chomhlíonadh agus um fhorfheidhmiú bunaithe ar riosca arna oibriú ag ÚSS taobh thiar de. Dírítear ann go príomha ar thimpistí san áit oibre a laghdú trí sholáthar treorach agus tacaíochta d'fhostóirí agus d'fhostaithe le cur ar a gcumas a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Mar aon le sláinte agus sábháilteacht san áit oibre a chinntiú, cuireadh ÚSS treoir agus tacaíocht ar fáil do ghnóthais Éireannacha maidir le bainistíocht shábháilte ceimiceán, ar comhchuid thábhachtach iad d'earnáil déantúsaíochta na hÉireann.

### REACH

Is casta atá an córas rialála ceimiceán mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE amhail REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srian ar Cheimiceáin) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CPL) agus teastaíonn obair leanúnach ina leith ar leibhéal AE maidir lena chur chun feidhme,

lena athbhreithniú agus lena leasú. Freastalaíonn an Roinn, le saintacaíocht ó ÚSS, ar na héilimh sin. D'oibrigh an Roinn agus ÚSS go dlúth le chéile in 2013 lena ndícheall a dhéanamh an tacaíocht a chuireann ÚSS ar fáil do dhéantóirí, iompórtálaithe agus úsáideoirí deiridh Éireannacha a uasmhéadú de réir mar a d'oibrigh cuideachtaí chun cloí leis na hoibleagáidí rialála reatha agus mar a d'ullmhaigh siad don spriocdháta um chlárú REACH an 1 Meitheamh 2013.

## An tUalach Riaracháin a Laghdú

Ag leanúint leis an ngealltanas a thug sé an t-ualach riaracháin a laghdú, d'oibrigh ÚSS, le linn 2013, ar mhéadú a dhéanamh ar raon na ngnóthas dá bhfuil 'BeSMART' ar fáil. Uirlis ar líne saor in aisce de chuid ÚSS is ea BeSMART, atá deartha chun cuidiú le húinéirí/bainisteoirí gnóthas beag measúnuithe riosca agus ráitis sábháilteachta a ullmhú dá n-áit oibre. Cuidíonn an uirlis sin, atá ar fáil anois do os cionn 200 cineál gnó, le comhlíonadh agus sábháiltear léi am agus airgead do ghnóthais maidir lena n-oibleagáidí dlíthiúla a bhaint amach faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Léiríodh i suirbhéanna úsáideoirí gnó arna ndéanamh ag ÚSS gur laghdaigh cuideachtaí a úsáideann an córas a gcostais um chomhlíonadh faoi 86% ar an meán agus gur tháinig laghdú 71% ar an méid ama a thógann sé chun na ceanglais sin a chur i gcrích. Féach www.besmart.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Tháinig na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (I.R. Uimh. 291 de 2013) i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2013. I ndiaidh iad a thabhairt isteach, rinne ÚSS athbhreithniú cuimsitheach ar an reachtaíocht roimhe sin sa réimse, ar iarraidh ón Aire, agus ba é an aidhm leis an t-ualach riaracháin foriomlán ar gheallsealbhóirí le linn an phróisis tógála a laghdú. I Rialacháin 2013, comhdhlúthaíodh sé shraith Rialachán roimhe a tugadh isteach idir 2006. Cuireadh Rialacháin 2013 in áit na sé shraith Rialachán sin.

### Ceadanna Fostaíochta

Sa chás nach bhfuil iarrthóirí atá cáilithe go cuí ann chun folúntas a líonadh laistigh den lucht saothair atá ar fáil san LEE, is é is aidhm do chóras na gCeadanna Fostaíochta a chinntiú gur féidir náisiúnaigh nach as an LEE dóibh agus ag a bhfuil na cáilíochtaí sin a earcú ionas go mbeidh fiontair ábalta teacht ar na scileanna a theastaíonn uathu chun rath a bhaint amach. Le linn 2013, tugadh isteach sraith athchóirithe úra ar chóras na gceadanna fostaíochta chun tarraingteacht na hÉireann mar shuíomh a mhéadú chun na scileanna a mhealladh, go háirithe scileanna sa réimse ardteicneolaíochta. Áiríodh ar na hathchóirithe méadú ar an líon ceadanna a eisíodh san earnáil TFC, laghdú ar amanna próiseála, na liostaí ceirde incháilithe ardoilte agus feabhas ar an tseirbhís do chustaiméirí agus ar chumarsáid.

Leanadh le hobair chomh maith ar reachtaíocht úr um cheadanna fostaíochta a dhréachtú[12] trína ndéanfar an reachtaíocht roimhe seo a chothromú nuair a bheidh sé achtaithe in 2014 chun córas na gceadanna fostaíochta a threisiú mar chainéal do scileanna tábhachtacha a theastaíonn chun an fiontar a fhorbairt sa Stát chun ár dtairbhe go léir, agus, ag an am céanna, tabharfar cosaint do chothromaíocht an mhargaidh saothair agus cearta fostaíochta na n-imirceach a thagann anseo le hoibriú.

[12] Achtaíodh an Bille um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) i mí Iúil 2014

In 2013, eisíodh 3,863 Chead Fostaíochta ar cheadanna úra i 3,034 cinn díobh agus ar cheadanna athnuaite i 829 gcinn díobh. Baineadh an sprioc próiseála um 15 lá oibre amach i gcás fhormhór na n-iarratas ar Cheadanna Fostaíochta le linn na bliana.

| Bliain | Ceadanna Úra | Ceadanna Athnuaite | Iomlán | Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh | Iarratais a Tarraingíodh Siar | Ag feitheamh próiseála (riaráiste) | Ceadanna atá Beo |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | 3,034 | 829 | 3,863 | 541 | 122 | 142 | 13,333 |
| 2012 | 2,919 | 1,088 | 4,007 | 829 | 246 | 179 | 14,245 |
| 2011 | 3,184 | 2,016 | 5,200 | 1,078 | 201 | 377 | 16,265 |
| 2010 | 3,394 | 3,877 | 7,211 | 990 | 199 | 999 | 18,987 |

### Athbhreithniú ar an reachtaíocht um Maoin Intleachtúil

Tugtar gealltanas sa Chlár don Rialtas an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta chun tairbhe don nuálaíocht. I mí Aibreáin 2013, rinneadh anailís tionchair rialála dar teideal "Athbhreithniú ar Fhoráil Díolúine Taighde S42 (g) d'Acht na bPaitinní 1992", a fhoilsiú. Ina ndiaidh sin, d'fhaomh an Rialtas dréachtú an Bhille um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha)[13] i mí Iúil 2013 chun léirmhíniú níos leithne a sholáthar maidir leis an díolúine taighde a mbaineann tábhacht faoi leith leis don earnáil cógaisíochta agus bithchógaisíochta. Déanfar foráil sa Bhille chomh maith do roinnt leasuithe teicniúla a dhéanamh ar ár nDlí maidir le Trádmharcanna agus tabharfar cead d'Éirinn ann aontú do Chonradh domhanda ar Thrádmharcanna a glacadh in 2006 agus ina ndírítear ar rómhaorlathas a laghdú trí na nósanna imeachta um oifigí trádmharcanna ar fud an domhain a chomhchuibhiú.

I mí Feabhra 2013, le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, shínigh 25 Bhallstát den AE an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní. Déanfar foráil sa chomhaontú do chúirt idirnáisiúnta ina n-éistfear, nuair a bheidh sí i bhfeidhm, díospóidí dlíthiúla i ndáil le paitinní Eorpacha, lena n-áirítear na paitinní a eiseofar faoin gcóras úr AE a thiocfaidh i bhfeidhm i 25 Bhallstát den AE. Tiocfaidh an córas AE i bhfeidhm i gcomhthráth le Cúirt úr na bPaitinní. I ndiaidh an Comhaontú maidir le Cúirt na bPaitinní a shíniú, cuireadh tús le hobair cur chun feidhme in 2013 agus táthar á leanúint léi in 2014 chun an Chúirt a bhunú chomh maith le rialacha a leagan síos maidir leis an gcóras aonadach paitinní AE. Tá maoirseacht á déanamh ar an obair sin ag dhá choiste: coiste amháin ag obair ar chur chun feidhme Chúirt na

[13] Achtaíodh an tAcht um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha) i mí na Nollag 2014

bPaitinní agus coiste eile atá ag obair ar chur chun feidhme an chórais AE.  Glacann an Roinn páirt in obair an dá Choiste.

### Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarma Cosanta Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara Áirithe) (Treoir 2011/77/AE) I.R. Uimh. 411 de 2013

Leis na Rialacháin, trashuitear Treoir 2011/77/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an téarma cosanta cóipchirt agus cearta gaolmhara áirithe lena dtugtar cosaint taibheoirí faoin dlí um chóipcheart níos gaire don chosaint sin atá á tabhairt d'údair cheana féin - 70 bliain i ndiaidh a mbáis. Rachaidh an téarma sínithe chun tairbhe léiritheoirí taifead a ghinfidh ioncam breise ó thaifid a dhíol i siopaí agus ar an idirlíon chomh maith. Áirítear ar bhearta tionlacain ina ndírítear go sonrach ar chuidiú a thabhairt do léiritheoirí: an clásal "úsáid é nó caill é" lena gceadaítear do léiritheoirí a gceart sa saothar a fháil ar ais mura gcuireann an léiritheoir taifead lena mbaineann an taifeadadh fuaime ar an margadh le linn na tréimhse sínithe cosanta.  Ceanglaítear i bhforáil eile ar chuideachtaí taifead ciste a bhunú do cheoltóirí seisiúin ina mbeidh orthu 20% den ioncam a thuilleann siad le linn na tréimhse sínithe a íoc. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm an 1 Samhain 2013.

### Athbhreithniú ar Chóipcheart

D'fhoilsigh an Coiste um Athbhreithniú ar Chóipcheart ar cheap an tAire é i mí na Bealtaine 2011 a dtuarascáil *"Modernising Copyright*" ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013.  Tá an tuarascáil, ina ndírítear ar bhacainní ar bith ar nuálaíocht sa timpeallacht dhigiteach a shainaithint agus ar thograí a fhorbairt chun iad a laghdú, á hanailísiú faoi láthair ag an Rialtas, agus é ar intinn aige tograí reachtacha sa réimse seo a thabhairt ar aghaidh in 2014.

Tionóladh fóram poiblí ag Acadamh Ríoga na hÉireann chomh maith i mí na Nollag 2013, áit a raibh deis ag an gCoiste a thorthaí a chur i láthair agus a raibh deis ag an bpobal cóipchirt na torthaí sin a fhiosrú le comhaltaí an Choiste.

# 6. Nuálaíocht

## "Straitéis láidir atá bunaithe ar nuálaíocht a fhorbairt lenár bhfiontair a dhéanamh níos iomaíche"

Tá infheistíocht straitéiseach san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht ar cheann de thosaíochtaí infheistíochta bonneagair an Rialtais. D'fhonn toradh ar infheistíocht a bhaint amach sa réimse sin, áirítear ar na ceisteanna atá le plé an riosca a bhaineann le gnólachtaí nuathionscanta, nuálaíocht a leabú ar fud an gheilleagair, an gá atá le comhoibriú idir soláthraithe tionscail agus taighde agus an gá atá le haschuir ghníomhaíochta taighde agus nuálaíochta a chur ar an margadh. Ní mór d'Éirinn geilleagar a fhorbairt ar a mbeidh cáil as ardtáirgiúlacht agus ardnuálaíocht. Is é an prionsabal treorach lena gcuirtear taca faoin aidhm sin go bhfuil sármhaitheas i dtaighde agus aistriú go haschur eacnamaíoch ina phríomhthoisc maidir le luas a chur le téarnamh geilleagrach na hÉireann agus fás inbhuanaithe a bhaint amach.

Chun an sprioc sin a bhaint amach ní mór dúinn na caighdeáin i dTaighde ar oibrigh Éire go crua lena mbaint amach a choinneáil, tacaíocht a thabhairt don nuálaíocht i bhfiontair dhúchasacha Éireannacha, agus cumas nuálach a fhorbairt san earnáil infheistíochta dírí eachtraí. Baineann sé chomh maith lena chinntiú go dtacaíonn an timpeallacht gnó leis an nuálaíocht, agus le féachaint le naisc idirnáisiúnta a iniúchadh agus a leas a bhaint astu.

Is é an beartas reatha luas a chur leis an toradh eacnamaíoch agus sochaíoch ar an infheistíocht san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht agus sa Nuálaíocht (ETN), go háirithe i gcomhthéacs post inbhuanaithe, agus chun an leibhéal sármhaitheasa sa taighde in Éirinn a choinneáil. Tá roinnt tionscnamh á gcur i bhfeidhm ar fud an Rialtais chun tacú leis an straitéis sin. Agus moltaí an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde á gcur chun feidhme ar fud Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, táthar ag féachaint le tionchar ár gcaithimh a uasmhéadú trí dhíriú ar chistiú taighde iomaíoch poiblí maidir le 14 réimse tosaíochta ar dóigh dóibh tionchar sochaíoch agus eacnamaíoch a sholáthar. Áirítear ar thionscnaimh eile sainchúram Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a leathnú chun taighde feidhmeach a chlúdach; Prótacal úr um Maoin Intleachtúil ina dtugtar níos mó soiléireachta agus cinnteachta maidir le húinéireacht Maoine Intleachtúla a thagann as taighde arna chistiú ag an stát; Lár-Oifig Aistrithe Teicneolaíochta, Aistriú Eolais Éireann, a bhunú chun gníomhú mar phointe tagartha lárnach ina soláthrófar comhéadan idir an tionscal agus an pobal taighde agus an scéim creidmheas cánach T&F lena leantar le gnóthais a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i dtaighde.

### Beartú Tosaíochta Taighde

I dTuarascáil an Choiste Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde, a foilsíodh i mí an Mhárta 2012, moladh 14 réimse deise, chomh maith le teicneolaíochtaí agus bonneagar chun tacú leis na réimsí tosaíochta sin, réimsí ar cheart dóibh formhór na hinfheistíochta poiblí in ETN thar thréimhse cúig bliana a fháil. Moladh sa tuarascáil freisin roinnt beart atá ag teastáil chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais ETN chun tacú le cur chun feidhme an bheartaithe tosaíochta. In 2012, d'aontaigh an Rialtas moltaí na tuarascála a ghlacadh mar sprioc beartais de chuid an Rialtais iomláin agus formhór na hinfheistíochta poiblí in ETN a chur ar chomhréim amach anseo leis na 14 réimse deise. I mí Iúil 2013, d'fhaomh agus d'fhoilsigh an Rialtas Pleananna Gníomhaíochta maidir leis na Réimsí Beartú

Tosaíochta faoi seach, inar leagadh amach go mion na bearta is cuí chun an deis a bhaineann leis na Réimsí Beartú Tosaíochta a bhaint amach. Ghlac an Rialtas Creat Méadrach agus Spriocanna ('Beartú Tosaíochta Taighde: Creat chun Monatóireacht a dhéanamh ar Infheistíocht Phoiblí san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht agus sa Nuálaíocht') chun aschuir agus tionchar an chistithe a thomhas i mí Iúil 2013 chomh maith. Lena chois sin, tionóladh sraith de shé cheardlann i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2013 chun comhroinnt faisnéise a éascú idir na gníomhaireachtaí chun riachtanais taighde fiontar a ghabháil ar fud na 14 Réimse Beartú Tosaíochta. Lean an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta, a bhí faoi chathaoirleacht agus faoi cheannaireacht pholaitiúil Seán Sherlock TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta, agus ar thacaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Forfás leis, le cur chun feidhme Beartú Tosaíochta Taighde a bhrú chun cinn, agus iad ag obair faoi mhórúdarás Choiste na Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, síníodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2012 isteach sa dlí. Leathnaítear sainchúram Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann (FEÉ) leis an Acht chun cistiú taighde fheidhmigh a chuimsiú chomh maith lena sainchúram reatha maidir le taighde bunúsach dírithe a chistiú. Leis an Acht freisin, déanfar réimsí tosaíochta chistiú FEÉ a athdhíriú ar na réimsí lena mbaineann an acmhainneacht is mó d'fhás agus iomaíochas eacnamaíoch na hÉireann. Is iad sin na réimsí atá sainaitheanta sa Chleachtas Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde. Leathnaítear tacaíochtaí FEÉ leis an Acht chomh maith maidir le sármhaitheas taighde ar bhonn uile-Oileáin chomh maith le deiseanna a chur ar fáil d'Éirinn comhthionscadail taighde a neartú ar mhórleibhéal uile-Eorpach.

Tugtar measúnú comparáideach i Scórchlár bliantúil an Aontais Nuálaíochta maidir le feidhmíocht nuálaíochta na 27 mBallstát den AE agus tugtar láidreachtaí agus laigí coibhneasta á gcóras taighde agus nuálaíochta féin ann. I Scórchlár 2013, a foilsíodh i mí an Mhárta 2014, léirítear gur tháinig feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann agus tá sí fós os cionn mheánfhigiúr an AE 27 (an 9ú háit, suas ón 10ú háit in 2012) agus i measc grúpa 'Leanúnaithe na Nuálaíochta'. Is í Éire an ceannaire foriomlán sa táscaire ar iarmhairtí eacnamaíocha na nuálaíochta, lena ngabhtar rath eacnamaíoch na nuálaíochta san fhostaíocht i ngníomhaíochtaí dlútheolais, an méid a chuireann onnmhairí meánteicneolaíochta agus ardteicneolaíochta le cothromaíocht na trádála, onnmhairí seirbhísí dlútheolais, díolacháin i ngeall ar ghníomhaíochtaí nuálaíochta agus ioncam ó cheadúnais agus ó phaitinní ó theicneolaíochtaí a dhíol thar lear. D'fheidhmigh Éire go maith freisin in acmhainní daonna, lena n-áirítear an céatadán den daonra ag a bhfuil oideachas treasach, fostaíocht i seirbhís dlútheolais agus onnmhairí seirbhísí dlútheolais. Den chuid ba mhó, bhí feidhmíocht nuálaíochta na hÉireann ag méadú, agus í cothrom le 110% de mheánfhigiúr an AE i dtaca le Scórchlár an Aontais Nuálaíochta do 2013.

Déanann an Roinn (agus Forfás roimhe seo) agus an Phríomh-Oifig Staidrimh monatóireacht ar na príomhtháscairí ar bhonn bliantúil, amhail BERD, HERD, GovERD agus GERD, i measc ceann eile. Lena chois sin, is suirbhé débhliantúil maidir le gníomhaíochtaí nuálaíochta fiontar in Éirinn agus i mBallstáit eile den AE é Suirbhé Nuálaíochta an Chomhphobail, rud a dhéantar i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn.

### An Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal

Aonáin chomhoibritheacha is ea na Lárionaid Teicneolaíochta arna mbunú ag an earnáil tionsclaíochta agus faoi stiúir na hearnála sin; is ar an taighde a bhíonn siad dírithe agus bíonn tionchar díreach acu ar an earnáil tionsclaíochta. In 2013, bunaíodh dhá Lárionad

Teicneolaíochta nua i réimse na hanailísíochta sonraí agus i réimse theicneolaíocht na déantúsaíochta cógaisíochta, agus chuaigh Lárionad Teicneolaíochta na hÉireann um Bia don tSláinte i mbun an dara céim cistithe agus é dírithe ar na sochair sláinte a bhaineann le "cíoradh bainne". Tacaíodh le Lárionaid Teicneolaíochta atá ann cheana féin sna réimsí seo a leanas: bithscagadh agus bithfhuinneamh; nuálaíocht TF; seirbhísí airgeadais; nuálaíocht sa ríomhfhoghlaim; néalríomhaireacht; nanaitheicneolaíocht fheidhmeach; ábhar comhchodach; micrileictreonaic; bia don tsláinte; déantúsaíocht; agus éifeachtúlacht fuinnimh. Tá dul chun cinn nach beag déanta maidir le hullmhúchán i dtaobh dhá lárionad eile a bhunú sa bhliain atá romhainn i réimse na sláinte nasctha agus i réimse na teicneolaíochta próiseála déiríochta agus i dtaobh iniúchadh a dhéanamh ar an ngá atá ag an earnáil tionsclaíochta le Lárionad Teicneolaíochta Feola. Tá gach ceann de na lárionaid sin ag teacht le réimsí tosaíochta taighde.

Le linn 2013, sheol Fiontraíocht Éireann clár na dTairseach Teicneolaíochta, a chosnóidh €23m. Is éard atá i gceist leis sin líonra náisiúnta chun tacú leis an gcéad ghlúin eile de lárionaid thionscaltreoraithe sna hInstitiúidí Teicneolaíochta. Cuirfidh na Tairseacha sin meicníocht 'rochtana oscailte' ar fáil trínar féidir leis an earnáil tionsclaíochta, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta, leas a bhaint as an saineolas teicneolaíochta atá ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta.

### Tacaíocht don Taighde Comhoibritheach

Tá géarghá le comhoibriú éifeachtach idir an earnáil tionsclaíochta agus an lucht acadúil ionas gur féidir na smaointe is fearr ó na saotharlanna a chur i bhfeidhm mar tháirgí agus seirbhísí nuálacha úra, óna n-eascróidh poist ardcháilíochta inbhuanaithe. In 2013, thuairiscigh Fiontraíocht Éireann go raibh 839 mbabhta idirghníomhaíochta comhoibríche ar bun idir an earnáil tionsclaíochta agus an earnáil ardoideachais.

Chuir Fiontraíocht Éireann cistiú ar fáil d'ocht gcinn is caoga de Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta in 2013 chun tacú le taighde comhoibritheach idir cuideachta agus foireann taighde ón earnáil ardoideachais. Ina theannta sin, chuir Fiontraíocht Éireann cistiú ar fáil i gcomhair 527 nDearbhán Nuálaíochta, trínar féidir le FBManna agus le mionghnóthais píosa beag taighde a choimisiúnú le dearbhán €5,000. Tá ról tábhachtach ag an scéim sin maidir le cuidiú le cuideachtaí beaga fadhb gnó a réiteach nó a gcéad chéimeanna a ghlacadh sa taighde agus forbairt.

### An Prótacal Náisiúnta Maoine Intleachtúla – *Knowledge Transfer Ireland*

Ceapadh Stiúrthóir ar an oifig lárnach nua um aistriú teicneolaíochta i mí Mheán Fómhair 2013 agus seoladh an oifig sin go hoifigiúil faoin ainm *Knowledge Transfer Ireland* (Aistriú Eolais Éireann) in 2014. Is é an ról atá ag *Knowledge Transfer Ireland* é a fhágáil níos éasca tráchtálú a dhéanamh ar thaighde arna chistiú ag an Stát ar fud na n-institiúidí tríú leibhéal go léir ar fud na tíre agus, ar deireadh thiar, gnóthais agus poist inmharthana a chruthú dá bharr sin. Ba de bharr moladh lárnach a rinneadh sa Phrótacal Maoine Intleachtúla, a foilsíodh in 2012, a bunaíodh aon oifig amháin a bheidh freagrach as comhordú lárnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teicneolaíochta agus gníomhaíochtaí aistrithe eolais ar fud na tíre. Is ar bhonn comhpháirtíochta idir Fiontraíocht Éireann agus Cumann Ollscoileanna na hÉireann a bunaíodh *Knowledge Transfer Ireland*

## Aistriú na Teicneolaíochta ó Réimse an Taighde go dtí an Margadh

Le linn na bliana, faoin Tionscnamh um Aistriú na Teicneolaíochta a Threisiú, tionscnamh de chuid Fhiontraíocht Éireann, leanadh ar aghaidh ag déanamh athrú ó bhonn ar an dóigh a ndéantar taighde ag a bhfuil acmhainneacht tráchtála, arna fhorbairt sna hInstitiúidí Ardoideachais, a thabhairt go dtí an margadh. In 2013, le tacaíocht ón Tionscnamh um Aistriú na Teicneolaíochta a Threisiú, bunaíodh 34 mhac-chuideachta a d'eascair as coláistí na hÉireann, agus aistríodh chuig cuideachtaí 119 bpacáiste teicneolaíochtaí agus maoine intleachtúla, pacáistí atá luachmhar ó thaobh na tráchtála.

I mí Feabhra 2012 d'fhógair an tAire Sherlock cistiú €6.5m tríd an gclár Dámhachtainí um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA), clár comhpháirteach de chuid SFI/Fhiontraíocht Éireann. Faoin gcistiú TIDA sin, arna riar ag SFI, tacófar le 69 ndámhachtain in 2013 d'fhonn tionchar geilleagrach níos mó a bheith ag an infheistíocht stáit sa bhuntaighde spriocdhírithe.

## Sprioc agus Straitéis Fhís 2020

In 2013, d'aontaigh an Rialtas sprioc uaillmhianach, is é sin go bhfaigheadh taighdeoirí Éireannacha cistiú €1.25 billiún thar shaolré Fhís 2020.   Beidh Grúpa Ardleibhéil Fhís 2020, faoi chathaoirleacht na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ag teacht le chéile go rialta i rith ré an chláir seacht mbliana. Déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme straitéis Fhís 2020 chun a chinntiú go bhfuil gach ceann de na gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an gcóras náisiúnta taighde ag obair chun na buntáistí is mó is féidir a fháil d'Éirinn as Fís 2020 agus chun an sprioc náisiúnta €1.25 milliún a bhaint amach faoin gclár.

Beidh an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta um Fhís 2020 ag cur leis an taithí atá ag an struchtúr tacaíochta don Chreatchlár Taighde roimhe seo, FP7 (2006-2013).  Mar a bhí amhlaidh i gcás FP7, is ag Fiontraíocht Éireann a bheidh an ról ceannais náisiúnta ar fud na n-eagraíochtaí a chuireann cistiú ar fáil, i dtaobh rannpháirtíocht na hÉireann i bhFís 2020 a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt don chlár sin. Clúdaíonn líonra Pointí Teagmhála Náisiúnta agus Toscairí Náisiúnta gach ceann de na réimsí ábhair i bhFís 2020 lena chinntiú go bhfuil duine ainmnithe ann ar féidir le taighdeoirí agus fiontair dul chuige nó chuici i gcomhair comhairle phraiticiúil agus cúnamh praiticiúil maidir le deiseanna a thapú faoi Fhís 2020.

## 7ú Creatchlár an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus um Fhorbairt Teicneolaíochta (FP7)

Rinneadh na glaonna deiridh maidir le cistiú faoi 7ú Creatchlár an AE um Thaighde le linn 2013. Ar bhonn thorthaí na nglaonna FP7 arna bhfógairt ag an gCoimisiún Eorpach go dtí Iúil 2014, tá na rannpháirtithe as Éirinn tar éis gealltanais chistithe a fháil, ar bhonn na gconarthaí taighde a bronnadh. Is fiú €621m iad na conarthaí thar thréimhse FP7, rud a léiríonn go bhfuil an sprioc náisiúnta €600m de chistiú faoi FP7 bainte amach.

## An Limistéar Taighde Eorpach (LTE)

Tá sé de chuspóir ag an Aontas Eorpach a chuid bonn eolaíochta agus teicneolaíochta a neartú trí Limistéar Taighde Eorpach a bhaint amach, limistéar ina mbeidh saorchúrsaíocht ag taighdeoirí, ag eolas agus ag an teicneolaíocht. I dTuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh don bhliain 2013 um Dhul Chun Cinn i dtaobh LTE, dúradh *"Science, Technology and Innovation system in Ireland is evolving towards a strong prioritisation of research areas, focused on*

*innovation for growth and jobs. Well aligned with the ERA priority to promote effective national research systems, peer-reviewed competitive funding continues to prevail in Ireland".*

# 7. Forbairt a dhéanamh ar Earnálacha a bhfuil Gealladh fúthu:

## “Tús áite a thabhairt d'earnálacha ina bhfuil deiseanna le tapú agus bain constaicí ar shlí chórasach agus forbair beartais cumasúcháin”

Samplaí is ea an earnáil cógaisíochta agus ceimiceán, TFC agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta d'earnálacha ina bhfuil líon nach beag post ar fáil in Éirinn anois, a chuireann go mór le honnmhairí agus a mheall go leor de phríomhchuideachtaí an domhain go hÉirinn le scór bliain anuas. Cé go mbeidh ról tábhachtach ag na hearnálacha sin go fóill i ngeilleagar na hÉireann, is tábhachtach freisin iarracht a dhéanamh leas a bhaint as na hearnálacha atá ag teacht chun cinn ionas go mbainfidh Éire tairbhe as poist fhadtéarmacha inbhuanaithe a chruthú. Chuige sin, ní mór díriú go gníomhach ar earnálacha nua, agus constaicí a d'fhéadfadh a bheith sa bhealach ar na deiseanna sin a shainaithint agus a bhaint láithreach bonn.

I measc na n-earnálacha a sainaithníodh mar chinn a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu d'Éirinn, tá Sláinte, Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíocht an Leighis, Teicneolaíocht Scothaoise, an Néalríomhaireacht, an Geilleagar Digiteach agus Seirbhísí Meánacha, an Earnáil Físchluichí (go háirithe Cluichí Digiteacha), agus an Geilleagar Glas (go háirithe an Teicneolaíocht Ghlan). Leag an Rialtas béim ar leith freisin ar an ngeilleagar intíre sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013, lena n-áirítear an earnáil miondíola.

Bronnadh €1.2m ar chuibhreannas institiúidí Ardoideachais chun an chéad chéim den taighde a chur i gcrích maidir le Lárionad Teicneolaíochta Néalríomhaireachta na hÉireann. Bunaíodh Foireann Forbartha um Braisliú, atá faoi threoir tionscail, chun cur chun feidhme Straitéis Cluichí Forfás a chur chun cinn. Tá aird ar leith á tabhairt ar shainaithint a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus oideachais na gcuideachtaí atá ag feidhmiú san earnáil cluichí, agus ar a fhéachaint conas a d'fhéadfadh na gníomhaireachtaí Stáit a bhfuil ionadaíocht orthu ar an bhFoireann freastal ar na riachtanais sin

Seoladh an ceathrú Clár Luathaithe Fáis Idirlín (iGap) i mí Dheireadh Fómhair 2012. Is éard é iGap dianchlár forbartha bainistíochta do chuideachtaí idirlín nó cuideachtaí cluichí a bhfuil gealladh mór fúthu, agus é ina chuspóir na huirlisí praiticiúla atá de dhíth orthu a chur ar fáil dóibh chun pleananna fáis idirnáisiúnta a ullmhú agus a gcuid gnóthas a bhunú ar scála níos mó.

### Poist Ghlasa a Chruthú

De bharr an Gheilleagair Ghlais, tá deis mhór le tapú i dtaobh fostaíocht a chruthú in Éirinn agus i dtaobh fiontair dhúchasacha a fhorbairt. Beidh sé ina chúnamh maidir le fás geilleagrach inbhuanaithe a áirithiú sa mheántéarma.

Clúdaíonn an téarma 'Geilleagar Glas' réimse leathan earnálacha a bhfuil sé ina chuspóir acu go léir earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe ina laghdaítear an tionchar ar an gcomhshaol agus ina gcuidítear leis an ngeilleagar ciorclach.

In Éirinn, clúdaíonn an méid sin gníomhaíochtaí cosúil le táirgeadh inbhuanaithe bia, turasóireacht, seirbhísí airgeadais glasa, táirgí agus seirbhísí glasa, bainistíocht dramhaíola agus uisce, fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh.

In 2013, bhunaigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta Coiste Comhairleach um Poist sa Gheilleagar Glas chun deiseanna atá ag teacht chun cinn d'Éirinn a shainaithint. Tá an tAire féin ina chathaoirleach ar an gCoiste sin. Tháinig an coiste le chéile trí huaire in 2013 agus scrúdaigh sé deiseanna san earnáil dramhaíola agus san earnáil táirgí agus seirbhísí glasa dramhaíola. Ina theannta sin, féachadh ar ghníomhartha Geilleagair Ghlais lena gcur san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014.

Tar éis Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Fás agus Poist sa Gheilleagar Glas, *Delivering our Green Potential*, a fhoilsiú ag deireadh 2012, bhí aird na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta air le linn 2013 agus chuir an earnáil tionsclaíochta fáilte roimhe tríd is tríd. Bhain gníomhaireachtaí Rialtais úsáid fhorleathan as an Ráiteas Beartais chun tacú le tionscnaimh Geilleagair Ghlais. Ina theannta sin, bhain ionadaithe an Lárionaid Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta Ghlais leas as chun aird a dhíriú ar thiomantas na hÉireann don Gheilleagar Glas a fhorbairt.

Foilsíodh Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i dtaobh Fáis agus Fostaíochta sa Gheilleagar Glas in Éirinn i mí na Nollag 2013 agus dírítear aird inti ar fhorbairtí sa Gheilleagar Glas ó foilsíodh *Delivering our Green Potential.* Áirítear inti samplaí d'fhiontair agus do thionscadail atá ag cruthú post, ag cur onnmhairí chun cinn agus ag feabhsú cúrsaí iomaíochais trína gcuid gníomhaíochtaí.

Lean an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann ar an gCoiste Éicidhearthóireachta Eorpach, lena n-áirítear trasuí I.R. Uimh. 454/2013, faoinar achtaíodh na Rialacháin Éicidhearthóireachta Eorpacha leasaithe ina gcuid de dhlí na hÉireann.

### An Earnáil TFC

I gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, chuathas i mbun oibre in 2013 chun forbairt a dhéanamh ar Phlean athbhreithnithe Gníomhaíochta Scileanna TFC don tréimhse 2014-2018. Beidh an plean ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh faoin bPlean Gníomhaíochta Scileanna TFC 2012 agus beidh freagra á thabhairt ann, i gcomhpháirt leis an earnáil Tionsclaíochta, ar an líon 44,500 post nua go dtí 2018 atá réamh-mheasta ag an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

### An Mol Nuálaíochta Sláinte

Lean an Rialtas ag tacú le Mol Nuálaíochta Sláinte píolótach, atá bunaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, atá ag tacú le forbairt agus le tráchtálú a dhéanamh ar smaointe nua ó fhiontair bhaile, ar smaointe iad a rachaidh chun tairbhe chóras sláinte na hÉireann. Rinneadh an dara glao ar thograí i mí na Nollag 2013, agus mar chuid de sin rinneadh 'Glao Oscailte' le haghaidh iarratas ó chuideachtaí a bhfuil an acmhainneacht ag a gcuid tionscadal nuálach agus a gcuid smaointe nuálacha dul i ngleic go cumasach le haon limistéar de speictream leathan riachtanais na hearnála cúraim sláinte, chomh maith le 'Glao Dírithe' i dtaobh Rialú Ionfhabhtuithe agus Bainistíocht Sláinteachais. Tar éis ceachtanna a fhoghlaim ón tionscadal píolótach sin, táthar ag réiteach chun Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte a chur i bhfeidhm in

2014 ar mhaithe leis an gcomhoibriú idir an córas sláinte agus fiontair a threorú, rud as a dtiocfaidh forbairt agus tráchtálú teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí cúraim sláinte nua.

### An Earnáil Miondíola

Tá ról tábhachtach ag an earnáil Miondíola sa gheilleagar intíre.  Is í is bun le thart ar 10% de OTI (thart ar €16 billiún).  In éineacht leis an earnáil Mórdhíola, is inti a fhostaítear thart ar 270,000 duine in Éirinn, líon is ionann agus thart ar 15% den lucht saothair.  Soláthraíonn an earnáil sin fostaíocht i ngach pobal sa tír agus is cuid thábhachtach de gach dúiche í.  Ina theannta sin, tacaíonn an earnáil Miondíola go hindíreach le poist i réimsí eile, amhail loighistic agus dáileadh, agus tá ról tábhachtach aici i dtaobh earraí Éireannacha a dhíol. Bhí an Earnáil Miondíola buailte go dona ag an ngéarchéim gheilleagrach agus ag an dochar a rinneadh do mhuinín na dtomhaltóirí dá barr. Thar an tréimhse ón gcéad Ráithe de 2008 go dtí an chéad Ráithe de 2012, cailleadh 48,000 post san earnáil Mórdhíola agus Miondíola.

Sainaithníodh sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 an tábhacht a bhaineann leis an earnáil miondíola i dtaobh an gheilleagair, agus bhí roinnt beart san áireamh ann a bhí dírithe ar thacú leis an earnáil sin.  Ina measc sin, bhí:

- tionscnamh chun cur le líon na ngnóthas beag a bhíonn i mbun trádála ar líne;
- tionscnamh chun sruthlíniú a dhéanamh ar nósanna imeachta um iarratas a dhéanamh ar cheadúnas gnó;
- Grúpa Idir-Rannach a bhunú chun sainaithint a dhéanamh ar ghníomhartha breise a d'fhéadfaí a ghlacadh chun tacú le coinneáil agus cruthú post san earnáil sin.

Bhunaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta Grúpa Idir-Rannach ar an Earnáil Miondíola i mí na Bealtaine 2013, inar áiríodh roinnt Ranna Rialtais ábhartha eile agus a raibh sé de chúram air féachaint, trí chomhchomhairle le hionadaithe na hearnála miondíola, an bhféadfadh an Rialtas aon ghníomhartha praiticiúla a ghlacadh chun tacú le cruthú agus coinneáil post san earnáil miondíola, de bhreis orthu sin a bhí san áireamh cheana féin i bPlean Gníomhaíochta na bliana 2013.

Bhuail an Grúpa Idir-Rannach leis na príomhchomhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil miondíola agus le geallsealbhóirí eile, agus fuair sí raon aighneachtaí agus moltaí ó na geallsealbhóirí sin.

Bhí roinnt moltaí san áireamh sna haighneachtaí sin, agus rinne an Grúpa Idir-Rannach iad a mheas. Bhí cuid de na moltaí curtha i ngníomh cheana féin ag na Ranna ábhartha, agus fógraíodh bearta eile chun tacú leis an earnáil miondíola i mBuiséad 2014, amhail an ráta CBL 9% a choinneáil.  Cuireadh tuarascáil ar chur i gcrích na hoibre a rinne an Grúpa Idir-Rannach faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist i mí na Nollag 2013, agus leagadh amach sa tuarascáil sin roinnt gníomhartha ar moladh iad lena gcur chun feidhme i gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

In 2011, d'fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh Straitéis athnuaite AE 2011-14 maidir leis an bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach, inar iarradh ar na Ballstáit uile den AE Pleananna

Náisiúnta a ullmhú nó a nuashonrú maidir leis an bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) a chur chun cinn. In 2013, chuir an Roinn tús leis an bpróiseas chun an chéad phlean náisiúnta FSC de chuid na hÉireann a ullmhú, rud lena gcomhlíonfar an t-iarratas sin.

Chuaigh an Roinn i mbun próiseas comhairliúcháin le príomh-gheallsealbhóirí lena mbaineann FSC in Éirinn go luath in 2013. Ina measc sin, bhí Ranna Rialtais ábhartha agus na príomheagraíochtaí ionadaíocha gnó, chomh maith le rannpháirtíocht le *Business in the Community Ireland* (BITCI), atá ar cheann de na príomh-gheallsealbhóirí a dhéanann ionadaíocht do ghníomhaíocht gnó FSC in Éirinn.

I ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin sin, ullmhaíodh dréachtphlean agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais é ag deireadh na bliana 2013 lena fhaomhadh. Sa Phlean Náisiúnta ar FSC, leagtar amach an creat ginearálta ina bhfeidhmíonn FSC in Éirinn, mar aon leis na prionsabail agus na cuspóirí lárnacha lena gcuirtear bonn taca faoi chur chuige an Rialtais i leith FSC. Féachtar ann freisin le comhthuiscint ar FSC a chur in iúl trí chur síos a dhéanamh ar na Colúin ar a bhfuil FSC bunaithe in Éirinn. Is iad na Colúin sin: An Áit Oibre, an Comhshaol, an Margadh, an Pobal agus an Earnáil Phoiblí.

Leagadh amach roinnt príomhchuspóirí sa Phlean Náisiúnta ar FSC a chomhlíonfar de réir a chéile i rith na tréimhse go dtí 2016, trí chur chuige comhoibritheach leis an earnáil gnó. Is iad seo a leanas na cuspóirí:

- Cur leis an bhfeasacht ar FSC, agus ar an luach a bhaineann léi do ghnóthais agus don tsochaí ina hiomláine.
- Fiontair a spreagadh chun beartais agus cleachtais FSC a fhorbairt agus iad a chur san áireamh i bpríomhshruth a gcuid oibríochtaí gnó lárnacha.
- Níos mó fiontair bheaga agus mheánmhéide a spreagadh chun cur lena gcumas FSC.
- Cur le trédhearcacht na gníomhaíochta FSC agus leis an tuairisciú uirthi ag fiontair atá ag feidhmiú in Éirinn.
- Prionsabail FSC a dhaingniú i gcomhlachtaí poiblí i gcomhthéacs a gcuid oibríochtaí féin.

Críochnaíodh an Plean Náisiúnta amach in 2013 agus foilsíodh é go luath in 2014.

### Comhpháirtíocht idir SAM agus Éire sa réimse T&F

Suas go dtí deireadh 2013, bhí cistiú iomlán €22.2 milliún bronnta ar cheithre cinn déag de thionscadail ó fhoinsí éagsúla sa Chomhpháirtíocht idir SAM agus Éire sa réimse T&F, comhpháirtíocht a bhfuil ag éirí go geal léi. Tá dlúthchomhar forbartha idir Gníomhaireachtaí agus Ranna, ó thuaidh agus ó dheas den teorainn, agus lenár gcomheagraíochtaí sna Stáit Aontaithe. Is é an Dr Killian Halpin a bhí ina Chomhchathaoirleach ar an gComhpháirtíocht thar ceann na hÉireann ó bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Comhpháirtíochta T&F idir SAM agus Éire in 2006, agus d'éirigh seisean as an bpost in 2013. Ceapadh Feargal Ó Móráin, atá ar scor ón bpost a bhí aige mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Fhiontraíocht Éireann, mar Chomhchathaoirleach nua Éireannach don Ghrúpa Stiúrtha Comhpháirtíochta, le héifeacht ón 1 Samhain 2013.

# An Straitéis a Chomhlíonadh agus Athruithe a Bhainistiú

# An Straitéis a Chomhlíonadh agus Athruithe a Bhainistiú

Is é uaillmhian na Roinne a bheith ina ceannródaí i dtaobh an dea-chleachtais sa Státseirbhís maidir le spriocanna feidhmíochta a leagan síos agus a chomhlíonadh. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an uaillmhian sin toisc go bhfuilimid ag triail ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach d'ainneoin laghdú nach beag ar leibhéil foirne agus ar acmhainní airgeadais.

### Athchóiriú Institiúideach

#### Díscaoileadh Forfás agus comhtháthú na foirne agus na bhfeidhmeanna sa Roinn:

Mar chuid den Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, thug an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, sa chuid deiridh den bhliain 2011, faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí feidhmeanna atá á gcomhlíonadh faoi láthair ag Forfás a chomhtháthú le hacmhainní na Roinne chun tuilleadh feabhais a chur ar cheapadh agus ar chur chun feidhme an bheartais náisiúnta fiontar. Tar éis dó an t-ábhar a mheas agus dul i mbun rannpháirtíochta le Bord Forfás, chinn an tAire i mí na Bealtaine 2012 na feidhmeanna comhairleacha taighde agus beartais a bhí ag Forfás a chomhtháthú isteach sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Dhéanfaí foireann Forfás a bhíodh ag gabháil do na feidhmeanna sin a aistriú chuig an Roinn, mar aon le foireann tacaíochta ábhartha ón ngníomhaireacht. Dhéanfaí na feidhmeanna neamhbheartais a chomhlíon Forfás ar son gníomhaireachtaí eile a aistriú isteach sa Roinn nó chuig gníomhaireachtaí eile atá faoi shainchúram na Roinne, mar ab iomchuí, mar aon leis na hacmhainní foirne cuí.

Bunaíodh Foireann Feidhmiúcháin, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne, chun na saincheisteanna a shainaithint nár mhór dul i ngleic leo chun éascú d'aistriú fheidhmeanna agus fhoireann Forfás agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal comhtháthaithe.

Is ar an 23 Nollaig 2013 a foilsíodh an reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh an Rialtais Forfás a dhíscaoileadh agus na baill foirne agus na feidhmeanna dá chuid a aistriú, mar ab iomchuí, chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus chuig roinnt Gníomhaireachtaí.

Foráiltear sa reachtaíocht do na príomhathruithe seo a leanas:

- Feidhmeanna comhairleacha taighde agus beartais Forfás a chomhtháthú isteach sa Roinn;
- Na feidhmeanna a tugadh d'Forfás agus a sannadh d'Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann a aistriú chuig Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ar bhonn díreach mar is cuí;
- Neartú agus aistriú a dhéanamh ar an bhfeidhm creidiúnaithe a bhí ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), ar Coiste de chuid Forfás é, agus na baill foirne dá chuid a aistriú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ionas go mbeadh an Bord sin ina Choiste de chuid an Údaráis;
- Baill foirne atá ag obair i bhForfás a aistriú chuig an Roinn mar státseirbhísigh nó mar fhostaithe ar théarma seasta mar is cuí;

- Díscaoileadh Forfás agus nithe idirthréimhseacha agus nithe gaolmhara.

Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2013 maidir le gach gné de dhíscaoileadh agus comhtháthú Forfás i gcomhthráth le hullmhú na reachtaíochta, lena n-áirítear:

- Bord Forfás a laghdú ó 13 bhall go seisear ball chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna Forfás a aistriú go hordúil;
- Na Saoráidí, an fheidhm Bainistíochta Maoine agus na seirbhísí Fáiltithe/Lasc-chláir a aistriú ó Forfás go GFT Éireann i mí Iúil 2013;
- Buiséad TFC Forfás a aistriú isteach chuig buiséad TFC foriomlán na Roinne in Eanáir 2013;
- Foirne tionscadail a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar aistriú INAB chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ar aistriú feidhmeanna párolla Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) go dtí Fiontraíocht Éireann;
- Foirne as na haonaid éagsúla seirbhísí corparáideacha sa Roinn agus i bhForfás d'ullmhú i gcomhair comhtháthú éifeachtach a dhéanamh ar na feidhmeanna neamhbheartais ábhartha de chuid Forfás isteach sa Roinn;
- Pleananna i dtaobh athstruchtúrú a dhéanamh ar an Roinn chun éifeacht a thabhairt don chinneadh i dtaobh Forfás a chomhtháthú léi.

Achtaíodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014 ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2014 agus tugadh éifeacht do chomhtháthú na bhfeidhmeanna comhairleacha Taighde agus Beartais an 1 Lúnasa 2014.

### Athchóiriú ar Sheirbhísí agus Struchtúir an Stáit um Chaidreamh le Lucht Saothair san Áit Oibre

Rinneadh dul chun cinn nach beag go dtí deireadh na bliana 2013, roimh an reachtaíocht cumasúcháin, i dtaobh na n-athruithe teicneolaíochta, struchtúracha, riaracháin agus foirne a bhí de dhíth chun bonn taca a chur faoin gClár um Athchóiriú ar an gCaidreamh san Áit Oibre. Áiríodh leis sin an Tairseach Teagmhála Aonair, saoráid ríomhghearáin, Plean Soláthair Foirne agus Struchtúr, suíomh gréasáin um Chaidreamh san Áit Oibre, Seirbhís Luathréitigh, oiliúint Breithneora agus pleananna earcaíochta, agus teicneolaíochtaí feabhsaithe agus próisis fheabhsaithe.

Rinneadh dul chun cinn mór i dtaobh athchóiriú lena n-áirítear feabhas ar an bpróiseas gnó, cuíchóiriú seirbhísí, dearadh struchtúr nua agus ullmhú reachtaíochta cumasúcháin. Mar chuid de thionscnamh an tionscadail sin, aistríodh an Binse Comhionannais go dtí an Roinn i mí Eanáir 2013.

### Cruthú na nOifigí Fiontair Áitiúil agus díscaoileadh na mBord Fiontar Cathrach agus Contae

Tugadh gealltanas i gClár an Rialtais athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras tacaíochtaí Stáit do mhionfhiontair agus d'fhiontair bheaga trí struchtúr na mBord Fiontar Contae mar a bhí an tráth sin a dhíscaoileadh agus samhail náisiúnta fheabhsaithe um thacaíocht d'fhiontair a

chruthú, a bheidh á feidhmiú ag Údaráis Áitiúla thar ceann Fhiontraíocht Éireann trí Oifigí Fiontair Áitiúil.

Le bunú na nOifigí Fiontair Áitiúil, beidh Ionad Tiomnaithe ann d'fhiontraithe nua agus dóibh sin a bhfuil mionfhiontair agus fiontair bheaga faoina n-úinéireacht cheana féin. Beidh tacaíocht ar fáil do na hOifigí Fiontair Áitiúil ó Rannóg Fhiontraíocht Éireann um Mionfhiontair agus Gnóthais Bheaga, a bhfuil Ionad Barr Feabhais bunaithe aici atá freagrach as timpeallacht níos fearr a chruthú do ghnóthais bheaga agus do mhionghnóthais, agus as leas a bhaint as an taithí atá ag Fiontraíocht Éireann agus as sainchineálacha cur chuige earnála i dtaobh nuálaíocht agus forbairt gnó.

Rinneadh dul chun cinn nach beag ar an bpróiseas athchóirithe le linn 2013 agus is é an dara Ráithe den bhliain 2014 an spriocdháta do thosach feidhme na reachtaíochta[14].




## Forbairt Shionainne

An 27 Samhain 2012, chinn an Rialtas dul ar aghaidh le scaradh Aerfort na Sionna (ÚAS) ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ÚABÁC) agus cumasc a dhéanamh idir an t-aerfort agus leagan athstruchtúrtha d'Fhorbairt Shionainne ionas go mbunófaí aonán comhtháite tráchtála Shionainne nua faoi úinéireacht phoiblí (Grúpa na Sionainne). Ba le hOrdú a scaradh Aerfort na Sionainne ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath an 31 Nollaig 2012.

[14] Rinneadh na 35 Bhord Fiontar Contae a dhíscaoileadh le dlí an 15 Aibreán 2014 agus bunaíodh 31 Oifig Fiontair Áitiúil. Bhí a gcuid doirse ar oscailt acu an lá céanna sin agus iad i mbun oibre.

Le linn 2013, rinneadh athstruchtúrú ar Fhorbairt Shionainne agus aistríodh feidhmeanna i ndáil le fiontair dhúchasacha agus infheistíocht dhíreach eachtrach chuig Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann faoi seach. Aistríodh feidhmeanna turasóireachta na heagraíochta sin chuig Fáilte Éireann.

Is é is cuspóir d'aonáin tráchtála nua faoi úinéireacht an Stáit, a chuimsíonn Údarás Aerfort na Sionna (ÚAS) agus leagan athstructúrtha d'Fhorbairt Shionainne, a bhunú ná leas a bhaint as sócmhainní comhcheangailte an dá chuideachta, chun gníomhú mar chatalaíoch d'fhorbairt deiseanna straitéiseacha earnála, go háirithe san earnáil eitlíochta, lena n-áirítear leathnú agus forbairt a dhéanamh ar ionad seirbhísí eitlíochta.

## Pearsanra, Foghlaim agus Forbairt agus Aonaid Seirbhísí Gnó

### Straitéis TFC

Le linn 2013, rinneadh feidhmeanna agus foireann an Bhinse Comhionannais a chónascadh leis an Roinn, lena n-áirítear córais uile an Bhinse Comhionannais a aistriú. Bhí an Roinn i mbun oibre le Forfás freisin chun comhtháthú an dá chomhlacht sin a chur chun cinn, lena n-áirítear comhoibriú dlúth d'fhonn na córais agus na tacaíochtaí TFC a chomhtháthú. Rinneadh dul chun cinn mór freisin maidir le tacú le comhtháthú na gcóras TFC chun tacú le comhtháthú na gcomhlachtaí a bhí ina gcuid den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

### Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt Foirne

D'oibrigh an Roinn go dúthrachtach freisin chun an clár oibre leanúnach um fheidhmíocht agus forbairt bainisteoireachta a chur chun cinn don fhoireann in 2013, tráth a rinneadh tuilleadh dul chun cinn i dtaobh na leibhéil foirne sa Roinn agus ina cuid Gníomhaireachtaí a laghdú. Go sonrach, ullmhaíodh nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta um Pleanáil d'Fhórsa Saothair 2012 in 2013. Dréachtaíodh treoirlínte maidir le soghluaisteacht inmheánach na mball foirne freisin. Mar chuid den straitéis um an acmhainn rialachais a neartú, cuireadh oiliúint shaincheaptha i mbainistiú Gníomhaireachtaí Stáit ar fáil le linn 2013 d'fhoireann na n-aonad gnó a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireachtaí na Roinne. Cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil don fhoireann go léir i dtaobh athruithe ar an gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta. Ar bhonn ní ba ghinearálta, lean an Roinn ar aghaidh, trí mheán na bhfeidhmeanna Pearsanra agus Foghlama agus Forbartha, ag tacú leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne maidir le cur lena gcumas chun comhlíonadh a dhéanamh ar an sainchúram an-dúshlánach a bhí leagtha ag an Rialtas ar an Roinn i dtaobh chur chun cinn na fostaíochta agus athchóiriú na hearnála poiblí, i measc nithe eile.

### Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais

Le linn 2013, ghlac an Roinn, trí oifigigh óna cuid Aonad Airgeadais, Tacaíochta Bainistíochta agus Seirbhísí Gnó, páirt ghníomhach sa tionscadal "Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Airgeadais" a bhí faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tionscadal ilchéime is ea é sin a chuimsíonn an Státseirbhís, an earnáil Cosanta agus an earnáil Dlí agus Cirt. Faoin tionscadal, déanfar sruthlíniú ar íocaíochtaí idirbheartaíochta agus ar ghníomhaíochtaí cuntasaíochta, párolla agus taistil agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar thar chuid mhór den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí sna blianta atá romhainn.

### Comhoibriú idir feidhmeanna agus idir Ranna

Le linn 2012, thosaigh an Roinn ag cur i bhfeidhm sraith uirlisí comhoibrithe chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na saincheisteanna a bhíonn le sárú go minic ag eagraíochtaí, deacrachtaí ar nós gan fonn a bheith ar aonaid éagsúla eolas a chomhroinnt agus an chuimhne chorparáideach a bheith á ligean i léig. Tá na huirlisí sin á n-úsáid anois i roinnt réimsí ina bhfuil na baill foirne scaipthe ar fud áiteanna éagsúla nó ina bhfuil gá le comhoibriú idir feidhmeanna. Mar shampla, tá foireann na Roinne san Oifig um Athchóiriú an Chláir i dtaobh Caidrimh san Áit Oibre ag baint leas as na huirlisí sin chun bheith ag comhoibriú go hinmheánach leis na Comhlachtaí um Chaidreamh san Áit Oibre agus le geallsealbhóirí inmheánacha eile ar dhearadh agus cur chun feidhme an Chláir Athchóirithe.

### An Straitéis a Chomhlíonadh agus Athruithe a Bhainistiú

De réir bheartas an Rialtais maidir le líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí a laghdú agus maidir lena bheith ag obair ar shlí níos cliste, rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Gníomhaireacht de chuid na Roinne, athbhreithniú le linn na chéad ráithe de 2013 ar a struchtúr agus d'éirigh leis dul ó shamhail ina raibh ceithre rannán go dtí samhail ina bhfuil trí rannán. D'ainneoin na ndeacrachtaí a cruthaíodh de bharr an athchóirithe bhunúsaigh sin, tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta tiomanta dá chuid oibleagáidí bainistíochta athruithe a chomhlíonadh i gcomhthéacs na ndúshlán geilleagrach atá fós le sárú againn, agus é ag leanúint dá iarracht feabhas a chur ar shláinte agus sábháilteacht san áit oibre agus ar bhainistíocht ceimiceán.

# Uachtaránacht na hÉireann ar an AE 2013

# Uachtaránacht na hÉireann ar an AE 2013

D'éirigh go geal le 7ú hUachtaránacht na hÉireann ar an AE, a bhí ar siúl ó Eanáir go Meitheamh 2013, agus a bhí ar cheann de na tionscadail ba mhó agus ba dhúshlánaí ar thug an Roinn seo fúthu riamh. Faoin athrú institiúideach agus faoin athrú ar chúrsaí riaracháin a tugadh isteach faoi Chonradh Liospóin, cuireadh tús le formáid ina mbíonn struchtúr rollach Trí Uachtaránacht i gceist faoina ndéantar cláir choiteanna Uachtaránachta a chlúdóidh tréimhse 18 mí a chomhaontú idir Ballstáit a bheidh ag dul i mbun Uachtaránachta. Bhí Uachtaránacht na hÉireann ar an gcéad cheann inár ngrúpa de Thrí Uachtaránacht, ina raibh an Liotuáin (Iúil go Nollaig 2013) agus an Ghréig (Eanáir 2014 go dtí Iúil 2014) in éineacht linn. I mí Eanáir 2013, foilsíodh Clár na dTrí Uachtaránacht mar aon le Clár Uachtaránachta na hÉireann.



Tugadh faoi obair dhíograiseach ar fud na Ranna go léir mar chuid den ullmhú agus den chomhordú d'Uachtaránacht na hÉireann. Is ar an Roinn seo atá an phríomhfhreagracht as trí eagar de chuid Chomhairle na nAirí:

- An Chomhairle Iomaíochais (saincheisteanna Taighde, Tionscail agus Margaidh Inmheánaigh)
- An Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)
- An Chomhairle Trádála

Faigheann na Comhairlí sin tacaíocht ó réimse Grúpaí Oibre, Grúpaí Comhairleacha agus Coistí Cur Chun Feidhme atá faoi chathaoirleacht na Comhairle agus an Choimisiúin, nó a bhfuil naisc acu leo. Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, bhí an tAire Bruton, an tAire Stáit

Sherlock agus an tAire Stáit Perry ina gcathaoirligh ar 5 chruinniú fhoirmiúla de chuid Chomhairle na nAirí sa Bhruiséil agus i Lucsamburg agus ar 3 chruinniú neamhfhoirmiúla de chuid Chomhairle na nAirí i mBaile Átha Cliath. Rinne oifigigh de chuid na Roinne cathaoirleacht ar chruinnithe na ngrúpaí oibre faoi seach. Lena chois sin, chuir an Roinn agus a gníomhaireachtaí 27 n-imeacht ar leithligh ar bun, idir Chomhdhálacha móra, chruinnithe ardleibhéil meithle oibre agus chruinnithe neamhfhoirmiúla de shaineolaithe i mBaile Átha Cliath, sa Bhruiséil agus sa Ghinéiv.

Thug Airí agus oifigigh na Roinne faoi chuid mhór oibre déthaobhaí le hinstitiúidí ábhartha AE, go háirithe an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa. D'fhreastail ár gcuid Airí ar 5 chruinniú Coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa (INTA, IMCO, JURI, ITRE agus Coistí Fostaíochta) chun ár gClár Uachtaránachta a leagan amach. Le linn na bliana, d'fhreastail an tAire Bruton freisin ar chruinnithe de chuid an Choiste Comh-Aireachta um Ghnóthaí Eorpacha, faoi chathaoirleacht an Taoisigh.

Chuir rannpháirtíocht na Roinne go mór leis an rath a bhí ar Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach. Rinneadh dul chun cinn i dtaobh níos mó ná 60 mír aonair i réimsí beartais agus reachtaíochta na Roinne seo le linn na hUachtaránachta. Tá sonraí in Aguisín 4 ar éachtaí Uachtaránacht na hÉireann agus iad leagtha amach de réir eagar Comhairle. Bhí dea-thoradh ar dhian-idirghníomhaíocht na Roinne le hInstitiúidí an AE agus cuireadh leis de bharr brú a bheith ann dul chun cinn a dhéanamh, ó ba rud é go raibh toghcháin do Pharlaimint na hEorpa romhainn agus Coimisiún nua le ceapadh in 2014.

### Cúrsaí Trádála

Bhí ról lárnach ag Éirinn i sainordú a bhaint amach ionas go rachadh an tAontas Eorpach i mbun caibidlíochta i dtaobh Comhaontú Trádála agus Infheistíochta leis na Stáit Aontaithe. Bhí sé sin ina phríomhthosaíocht i gclár oibre post agus fáis na hÉireann agus d'fhág sé go raibh ardán nua ann a mbainfeadh fiontair atá lonnaithe in Éirinn leas as san am atá le teacht. Ní hé amháin gur foinse thábhachtach infheistíochta iad na Stáit Aontaithe, margadh onnmhairiúcháin tábhachtach is ea an tír sin leis, agus is chuig na Stáit Aontaithe a théann 49% dár n-onnmhairí lasmuigh den Aontas Eorpach. Ag an gComhairle um Ghnóthaí Eachtracha (Trádáil) i Lucsamburg an 14 Meitheamh 2013, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú i dtaobh caibidlíocht fhoirmiúil a sheoladh ar Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach (TTIP) leis na Stáit Aontaithe. Bhí trí bhabhta den chaibidlíocht sin ar siúl in 2013.

Bhain an Uachtaránacht Comhaontuithe ar an Dara Léamh amach le Parlaimint na hEorpa maidir le leasú a dhéanamh ar rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála chun nuashonrú a dhéanamh ar an gcaoi a nglacann an tAontas Eorpach reachtaíocht a bhaineann le trádáil, tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin. Léirigh na comhaontuithe ar Omnibus I agus Omnibus II an rath a bhí ar an Uachtaránacht, óir is tríothu a rinneadh an comhaontú le comhpháirtithe AE agus le Parlaimint na hEorpa sa reachtaíocht trádála a stiúradh agus a dhaingniú.

Rinne an Uachtaránacht maoirseacht ar Chinneadh ón gComhairle lenar bunaíodh seasamh AE i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Trádála um ghnéithe Trádála de Chearta Maoine Intleachtúla (TRIPS) ar an iarraidh síneadh a chur leis an am idirthréimhse faoi TRIPS. Ag an gComhairle TRIPS an 11 Meitheamh, d'aontaigh comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála síneadh a chur leis an díolúine do na tíortha is lú forbairt d'fhonn rialacha Maoine Intleachtúla

na hEagraíochta sin a fhorfheidhmiú. Beidh deireadh leis an síneadh sin an 1 Iúil 2021. Faoin síneadh, tá tarscaoileadh sealadach i bhfeidhm i dtaobh na hoibleagáide atá ar na tíortha is lú forbairt maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ach amháin i gcás airteagal 3 (an cás náisiúnta), airteagal 4 (cás an náisiúin barrfhabhair), agus airteagal 5 (comhaontuithe iltaobhacha ar chosaint a fháil nó a choinneáil). Chuidigh an méid sin leis an gcreat riailbhunaithe i gcomhair trádála a neartú agus é á aithint ag an am céanna gur cás ar leith iad na tíortha is lú forbairt.

Ghlac an Chomhairle sainordú go rachadh AE i mbun caibidlíochta i dtaobh Comhaontú iltaobhach um Thrádáil Seirbhísí (TiSA) le roinnt tíortha eile atá san Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Cuireadh tús foirmiúil leis na cainteanna i mí an Mhárta 2013, agus tháinig na rannpháirtithe ar chomhaontú faoi théacs bunúsach i mí Mheán Fómhair 2013. Fágfaidh an comhaontú sin go mbeidh sé níos éasca agus níos saoire seirbhísí a cheannach agus a dhíol thar theorainneacha.

Sa 16ú Cruinniú Mullaigh idir an AE agus an tSín a bhí ar siúl an 21 Samhain 2013, fógraíodh go raibh tús á chur le caibidlíocht ar Chomhaontú Infheistíochta cuimsitheach idir an AE agus an tSín.

Bhain an Uachtaránacht comhréiteach amach maidir leis an Rialachán um Rochtain ar an Margadh i mí an Mhárta, ar fhormhuinigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa é i mí na Bealtaine. Faoin Rialachán sin, ceadaítear go mbeidh onnmhairí ó 36 thír san Afraic, i réigiún Mhuir Chairib, agus i réigiúin an Aigéin Chiúin fós ag teacht isteach san AE agus iad saor ó dhleacht agus gan chuóta i bhfeidhm ina leith ar an mbonn go bhféadfaí tír a bhaint sa chás gur thug sí le fios go raibh sé beartaithe aici gan daingniú a dhéanamh ar an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíochta, cibé comhaontú iomlán nó comhaontú eatramhach, nó sa chás nach raibh daingniú déanta air laistigh de thréimhse ama réasúnach. Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2014.

### Tosaíochtaí Uachtaránacht na hÉireann i dtaobh Taighde agus Nuálaíochta

#### Fís 2020

Rinne Uachtaránacht na hÉireann cathaoirleacht ar na cruinnithe seachtainiúla de chuid Mheitheal Oibre Taighde na Comhairle, a bhí dírithe go príomha ar an gcaibidlíocht ar chomhaontú maidir leis na tograí do Chreatchlár an AE um Thaighde agus um Nuálaíocht 2014-2020, ar a dtugtar Fís 2020. Tar éis caibidlíocht fhada chasta idir an Coimisiún, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, d'éirigh le hUachtaránacht na hÉireann comhaontú polaitiúil a thabhairt i gcrích maidir le Fís 2020 i mí an Mheithimh 2013, rud a réitigh an bealach chun comhaontú a bhaint amach leis an bParlaimint ar an gCéad Léamh. D'fhaomh an Pharlaimint an pacáiste i mí na Samhna 2013 agus, dá bharr sin, tugadh feidhm d'Fhís 2020 ar bhonn foirmiúil an 1 Eanáir 2014.

Tá Fís 2020, an clár cistithe AE dar luach €79bn um thaighde agus um nuálaíocht don tréimhse 2014-2020, ina cuid lárnach den chlár Eoraip 2020, den Aontas Nuálaíochta agus den Limistéar Taighde Eorpach agus tá freagra á thabhairt ag an gclár ar an ngéarchéim gheilleagrach trí infheistíocht a dhéanamh i bpoist agus i bhfás amach anseo, trí aghaidh a thabhairt ar an imní atá ar dhaoine faoina slí bheatha, a sábháilteacht agus an comhshaol agus trí neartú a dhéanamh ar sheasamh domhanda an AE sa taighde, sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht. Faoi Fhís 2020, tá deiseanna ollmhóra ar fáil do thaighdeoirí, d'eagraíochtaí taighde agus don

tionscal dul i mbun taighde ceannródaíoch, agus borradh mór a chur faoin téarnamh geilleagrach san Eoraip.

I Straitéis Náisiúnta Fhís 2020, ar fhaomh an Rialtas í i mí na Nollag 2013, leagtar amach na dúshláin agus na deiseanna atá tagtha chun cinn i bhFís 2020, mar aon le cur chuige straitéiseach na hÉireann chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ár rannpháirtíocht ann agus socruithe i dtaobh maoirseachta agus treoraithe. Ullmhaíodh an straitéis i gcomhairle le Grúpa Ardleibhéil Fhís 2020, faoi chathaoirleacht na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is iad na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí a dtagann taighde agus nuálaíochta faoina sainchúram atá páirteach sa Ghrúpa Ardleibhéil.

Rinne Uachtaránacht na hÉireann caibidlíocht freisin ar Chonclúidí ón gComhairle maidir le ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus maidir le comhar idirnáisiúnta AE i dtaighde agus nuálaíocht a fheabhsú agus a spriocdhíriú, agus ar Rún ón gComhairle maidir le hobair chomhairleach don Limistéar Taighde Eorpach.

### An Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)

Is ag an Roinn seo a bhí an ról ceannais i dtaobh comhordú a dhéanamh ar obair an tsnáithe Fostaíochta de chuid na Comhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) ar an obair leantach a d'eascair ó Phacáiste Fostaíochta an Choimisiúin Eorpaigh, 2012.

An Chomhairle Neamhfhoirmiúil a raibh Uachtaránacht na hÉireann ina óstach uirthi i mBaile Átha Cliath ag tús mhí Feabhra 2013, bhí sí dírithe ar fhostaíocht don aos óg agus bhí Airí i mbun plé ceardlainne lena linn ar na nithe seo a leanas:

- Mná Scothaosta agus Margadh Saothair na hEorpa;
- Cuimsiú gníomhach do theaghlaigh gan obair; agus
- Rochtain ar phoist agus scileanna sa TFC.

Tionóladh dhá chruinniú fhoirmiúla de chuid Chomhairle EPSCO sa chéad leath de 2013 freisin. Ag an gcruinniú an 28 Feabhra, tháinig na hAirí ar chomhaontú i dtaobh an togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg. Sular thosaigh na himeachtaí foirmiúla de chuid Chomhairle EPSCO, bhí ócáid stairiúil ann nuair a tionóladh an chéad chruinniú riamh idir an tUasal Herman Van Rompuy, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, agus Airí EPSCO, chun gné shóisialta an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a phlé. Chuir Uachtaránacht na hÉireann tuarascáil ar na himeachtaí faoi bhráid Uachtarán na Comhairle Eorpaí ina dhiaidh sin.

Ag an dara Comhairle fhoirmiúil EPSCO i mí an Mheithimh 2013, dhírigh Uachtaránacht na hÉireann aird ar bhonn tosaíochta ar bhainistíocht éifeachtach an tríú Seimeastar Eorpach agus ar chur chuige comhordaithe a ghlacadh i leith phríomhspriocanna Eoraip 2020 a bhaint amach ar fud eagair uile na Comhairle. Bhain an-tábhacht leis na moltaí ó thíortha ar leith, a d'eisigh an Chomhairle chuig na Ballstáit maidir lena mbeartais fostaíochta i mí an Mheithimh 2013, i dtaobh neartú a dhéanamh ar chur chun feidhme foriomlán na straitéise Eoraip 2020.

Faoi Uachtaránacht na hÉireann, d'éirigh le Comhairle an AE, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach teacht ar chomhaontú an 26 Márta 2013, ar Threoir nua faoina dtabharfar cosaint d'oibrithe ar rioscaí féideartha a bhaineann le nochtadh do Réimsí Leictreamaighnéadacha. Thángthas ar chomhaontú freisin faoin gClár AE um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) a mbeidh buiséad €900 milliún aige thar an gClár 7 mbliana.

Faoin Treoir Forfheidhmithe um Oibrithe a chur i gCeann Poist, tá foráil á déanamh d'fhorfheidhmiú níos éifeachtaí ar an dlí fostaíochta ar fud an AE i réimse na n-oibrithe arna gcur i gceann poist. Rinneadh dul chun cinn suntasach i leith an tsainchomhaid le linn Uachtaránacht na hÉireann, rud a réitigh an bealach do na hAirí chun teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ag Comhairle Airí EPSCO í i mí na Nollag 2013.

Sa dara leath den bhliain 2013, d'éirigh le hUachtaránacht na Liotuáine roinnt comhad reachtach eile a chur i gcrích a raibh dul chun cinn déanta ina leith faoi Uachtaránacht na hÉireann. Thángthas ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra a mbaineann tábhachtach polaitiúil leis le haghaidh Cinnidh maidir le feabhas a chur ar an gcomhar idir Seirbhísí Fostaíochta Poiblí. Ina theannta sin, d'éirigh le EPSCO teacht ar chomhsheasamh ar an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí. Tugadh i gcrích an comhad sin agus an togra le haghaidh Treorach maidir le Pinsin Bhreise (lenar sáraíodh dúsháinn a mhair sé bliana) ar leibhéal trípháirtí le Parlaimint na hEorpa, rud a fhágann go bhféadfaí iad a ghlacadh araon go luath in 2014. Thairis sin, tugadh comhaontú i gcrích le Parlaimint na hEorpa ar an Treoir atá beartaithe lena leasófar an reachtaíocht atá ann cheana maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán. Éacht nach beag a bhí ann freisin an togra um Threoir maidir le Saorghluaiseacht Oibrithe (frith-idirdhealú) a thabhairt chomh fada leis an gcéim thríphairteach.

D'oibrigh an Roinn seo i ndlúthpháirt leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhdháil REACH a chur ar bun a bhí dírithe ar thaithí na hearnála tionsclaíochta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin. Leis an méid sin, díríodh aird ar an tábhacht a bhaineann le ceimiceáin in earnáil déantúsaíochta na hÉireann.  Mheall an chomhdháil saineolaithe ó Choimisiún an AE agus ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus deis a bhí inti don lucht tionscail chun bualadh le riarthóirí agus lucht ceaptha beartas agus a gcuid tuairimí a chomhroinnt ar bhealach cuiditheach.

### An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS)

Bhí ról an-ghníomhach ag an Roinn san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair in 2013 mar chuid dá cuid oibleagáidí faoi Uachtaránacht an AE, lenar áiríodh:

- cruinniú Coiste Rialaithe trí seachtaine a bhí ar siúl i mí an Mhárta sa Ghinéiv;
- Cruinniú Réigiúnach ceithre lá a bhí ar siúl i mí Aibreáin in Osló;
- Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair trí seachtaine a bhí ar siúl i mí an Mheithimh sa Ghinéiv;
- cruinniú Coiste Rialaithe trí seachtaine a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair sa Ghinéiv (d'fhonn tacaíocht a thabhairt don Liotuáin, ról a mbítear ag súil go gcomhlíonfaidh an Uachtaránacht atá ar tí dul as oifig é).

Bhí 'Dearbhú Osló: Muinín a Athmhúscailt i bPoist agus Fás' ina thoradh ar an bplé ag Cruinniú Réigiúnach na hEorpa agus na hÁise Láir in Osló, áit a raibh an tAire Coimirce Sóisialaí i gceannas ar an toscaireacht Éireannach. Sa dearbhú sin, leagadh béim ar an ngá atá le freagraí dearfacha comhtháite beartais chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht, rud a d'fheabhsódh fás inbhuanaithe agus comhtháthú sóisialta. Bhí an plé ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair bhliantúil dírithe ar thrí théama; (i) forbairt inbhuanaithe, obair chuibhiúil agus poist ghlasa, (ii) poist ar ardchaighdeán a chur chun cinn trí chomhphlé sóisialta éifeachtach agus trí chómhargáil agus (iii) an tionchar atá ag an athrú déimeagrafach ar shaol na hoibre. I gcomhthráth leis an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh, d'óstáil an tAire Richard Bruton cruinniú neamhfhoirmiúil d'Airí Saothair agus Airí Gnóthaí Sóisialacha chun cás na n-oibrithe tí a phlé. Ag an gcomhdháil sin, d'fhógair sé go bhfuil sé ar intinn ag Éirinn daingniú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún EIS ar Obair Chuibhiúil d'Oibrithe Tí (Coinbhinsiún Uimh. 189). Ábhar is ea seasamh na n-oibrithe tí agus daingniú Choinbhinsiún Uimh. 189 a raibh an-tacaíocht tugtha ag an Aire dó le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Cuireadh bailchríoch air le cinneadh ó Chomhairle na nAirí i mhí an Mheithimh 2013 lenar údaraíodh do na Ballstáit AE an Coinbhinsiún a dhaingniú.

### Glacadh na Treorach Cuntasaíochta (2013/34/AE)

Faoin Treoir Chuntasaíochta,

a) rinneadh simpliú mór agus laghdú mór ar ualaí riaracháin d’fhiontair, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí beaga,

b) éascaítear d'inchomparáideacht níos fearr idir cuntais trasteorann san AE,

c) tugtar isteach ceanglais shainordaitheacha um nochtadh le haghaidh íocaíochtaí a dhéanann fiontair le Rialtais i dtionscail a bhíonn ag gabháil d'eastóscach agus lománaíocht na bhforaoisí príomhúla – “tuairisciú de réir tíre”.

Tugtar aitheantas do thabhairt i gcrích na Treorach Cuntasaíochta mar éacht tábhachtach de chuid Uachtaránacht na hÉireann toisc go raibh sí i measc na ngnéithe deiridh nach raibh tugtha chun críche go fóill de chuid an Achta um an Margadh Aonair I.

Bhí an Roinn i gceannas ar an gcéim ríthábhachtach den chaibidlíocht faoin mbeart suntasach sin, a raibh an seasamh um thuairisciú de réir tíre ina ghné lárnach de, agus cuireadh bailchríoch ar an gcaibidlíocht sin nuair a ghlac Parlaimint na hEorpa an Treoir an 26 Meitheamh 2013.

### Athchóiriú Iniúchóireachta

Tugadh moltaí maidir le hiniúchóireacht ar aghaidh i ndiaidh na géarchéime airgeadais chun dul i ngleic le laigí sa phróiseas iniúchóireachta ar fud an AE, go háirithe maidir leis an iniúchóireacht ar eintitis chórasacha, institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais, mar shampla.  Cuimsítear leis na bearta um Athchóiriú Iniúchóireachta (i) an Treoir Iniúchóireachta (2014/56/AE) maidir le hiniúchtaí reachtacha ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite agus (ii) an Rialachán Iniúchóireachta (AE) Uimh. 537/2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí.

Rinne Uachtaránacht na hÉireann dul chun cinn nach beag i dtaobh an tsainchomhaid sin agus chuir sí ardán ar fáil d'Uachtaránacht na Liotuáine chun comhaontú a thabhairt i gcrích faoi shainordú caibidlíochta an AE le Parlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2013 agus chun comhaontú a thabhairt i gcrích le Parlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2013.

## I ndiaidh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE (Iúil – Nollaig 2013)

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le Comhaontú Saorthrádála cuimsitheach le Ceanada (CETA) an 18 Deireadh Fómhair 2013 agus cuireadh caibidlíocht ar bun ina dhiaidh sin chun líon beag saincheisteanna teicniúla a réiteach. Táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm ar bhonn sealadach é go luath in 2016.

An 1 Lúnasa 2013, thosaigh an AE agus Hondúras, Nicearagua agus Panama ag cur i bhfeidhm na coda trádála de Chomhaontú Comhlachais a síníodh in 2012. Rinne an tSalvadóir agus Cósta Ríce amhlaidh freisin an 1 Deireadh Fómhair 2013 agus rinne Guatamala amhlaidh an 1 Nollaig 2013.

Bhí feidhm ag an gComhaontú Saorthrádála idir an AE agus Peiriú ón 1 Márta 2013, agus bhí feidhm shealadach ag an gComhaontú Saorthrádála idir an AE agus an Cholóim ón 1 Lúnasa 2013.

Rinne an AE agus Singeapór inisiliú ar théacs Comhaontaithe chuimsithigh Saorthrádála an 20 Meán Fómhair 2013.

Ag an 9ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála in Bali idir an 3-6 Nollaig glacadh "Pacáiste Bali", sraith cinntí atá dírithe ar éascú don trádáil. Fágfaidh sé sin go mbeidh níos mó roghanna ag tíortha le haghaidh slándáil an tsoláthair bhia a neartú, dlús a chur faoin trádáil sna tíortha is lú forbairt agus cabhrú go ginearálta leis an bhforbairt. Ina theannta sin, ghlac siad le Poblacht Éimin mar bhall nua den Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Cuireadh i gcrích an chaibidlíocht ar an gcuid trádála de Chomhaontuithe um Limistéir Shaorthrádála Doimhne Cuimsithí (DCFTA) leis an Moldóiv agus an tSeoirsia, a raibh an dá cheann ina gcuid de Chomhaontuithe Comhlachais, an 12 Meitheamh 2013 agus an 22 Iúil faoi seach. Rinneadh na Comhaontuithe a inisilú ina dhiaidh sin an 29 Samhain 2013 le linn Uachtaránacht na Liotuáine.

Rinneadh dul chun cinn maidir le caibidlíocht leanúnach faoi Chomhaontú Saorthrádála leis an tSeapáin, Vítneam, an Téalainn, Maracó, agus Mercosur le linn na bliana 2013.

# Aguisín 1

## Ráitis Airgeadais Iniúchta amhail an 31 Nollaig 2013

### Cuntas Leithreasa 2013

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Forbairt Post agus Fiontar | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 366,078 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 18,000 | 384,078 | 359,143 | 400,505 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 363,860 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,000 | 370,860 | 359,714 | 376,608 |
| C | Rialáil | | 82,678 | 73,092 | 73,773 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 812,616 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 25,000 | | | |
| | | | **837,616** | **791,949** | **850,886** |
| | *Asbhain* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | 52,027 | 51,295 | **50,342** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 760,589 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 25,000 | | | |
| | | | **785,589** | **740,654** | **800,544** |

## Barrachas lena ghéilleadh

An barrachas ar an méid a soláthraíodh de bhreis ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm, tá sé faoi dhliteanas a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaí gan chaitheamh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn.

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 44,935,290 | 145,863,737 |
| Géilleadh iarchurtha | 23,000,000 | 25,000,000 |
| Barrachas lena ghéilleadh | 21,935,290 | 20,863,737 |

### Anailís ar chostas riaracháin

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 20,824 | 21,145 | 20,674 |
| ii | Taisteal agus cothú | 603 | 551 | 451 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 475 | 475 | 497 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 587 | 458 | 529 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,840 | 3,035 | 2,933 |
| vi | Costais a bhaineann leis an áitreabh oifige | 700 | 629 | 754 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe i dtaobh luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 166 | 29 | 123 |
| viii | Fógraíocht agus acmhainní faisnéise | 261 | 84 | 86 |
| ix | Uachtaránacht ar an AE | 2,238 | 1,338 | 619 |
| | | 29,694 | 27,744 | 26,666 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1. Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 764,206 | 824,221 |
| Caiteachas Pá (nóta 1.3) | | 21,693 | 21,047 |
| Caiteachas Neamhphá | | 6,050 | 5,618 |
| **Ollchaiteachas** | | **791,949** | **850,886** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **51,295** | **50,342** |
| **Glanchaiteachas** | | **740,654** | **800,544** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (713) | | |
| Dímheas | 2,013 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 1 | | |
| | | 1,301 | 1,784 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (862) | (955) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (325) | | |
| Méadú ar stoc | 78 | | |
| | | (247) | (756) |
| **Caiteachas díreach** | | 740,846 | 800,617 |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (a íocadh le hairgead tirim) (nóta 1.1) | | 21,400 | 21,864 |
| Measchíosanna (nár íocadh le hairgead tirim) (nóta 1.2) | | 1,667 | 1,685 |
| **Glanchostas clár** | | **763,91** | **824,166** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | e | 60 | 255 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | e | 14,205 | 15,394 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | e | 6,882 | 5,962 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | e | 253 | 253 |
| | | 21,400 | 21,864 |

Léiríonn 'e' luach measta nó costas cionroinnte.

### 1.2 Measchíos

Tá an figiúr measchíosa curtha i dtoll a chéile ag Oifig na nOibreacha Poiblí bunaithe ar chíosanna reatha margaidh. Is i leith dhá áitreabh ina bhfuil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá an figiúr measchíosa.

### 1.3 Pá

An difríocht €548,000 idir an figiúr pá a thaispeántar sa Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin (€21,693,000) agus an figiúr pá atá san áireamh ag (i) den anailís ar chostas riaracháin (€21,145,000), baineann sí le caiteachas a bhaineann le pá ar an Uachtaránacht ar an AE, atá san áireamh ag (ix) san anailís ar chostas riaracháin. An soláthar measta ar na costais go léir a bhain leis an Uachtaránacht ar an AE, cuireadh san áireamh é faoi cheannteideal ar leithligh san anailís ar chostas riaracháin.

## 2. Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 6,665 | 6,637 |
| **Sócmhainní caipitil arna bhforbairt** | 2.3 | 122 | 584 |
| | | **6,787** | **7,221** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 23,782 | 27,929 |
| Stoic | 2.5 | 239 | 317 |
| Réamhíocaíochtaí | | 826 | 575 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,248 | 1,078 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,420 | 1,375 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **27,515** | **31,274** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 677 | 441 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,344 | 1,484 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 2,245 | 4,029 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 22,958 | 25,275 |
| Lúide dliteanais reatha | | **27,224** | **31,229** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **291** | **45** |
| **Glansócmhainní** | | **7,078** | **7,266** |
| **Arb ionannas dó:** | | | |
| **Cuntas cistithe Stáit** | 2.1 | **7,078** | **7,266** |

## 2.1 Cuntas Cistithe Stáit

| | Nóta | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 7,266 | 7,339 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 785,589 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (23,000) | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas | (21,935) | | |
| Vóta glan | | | 740,654 | 800,544 |
| | | | | |
| Glansócmhainní a aistríodh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 2.2 | | 5 | — |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní | 2.2 | | (1) | — |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 21,400 | 21,864 |
| Caiteachas nár íocadh le hairgead tirim – measchíos | 1 | | 1,667 | 1,685 |
| Glanchostas clár | 1 | | (763,913 ) | (824,166 ) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | 7,078 | 7,266 |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige agus Trealamh TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní comhlána** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 34,088 | 6,642 | 40,730 |
| Aistrithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais[1] | 41 | 20 | 61 |
| Breiseanna | 2,004 | 33 | 2,037 |
| Diúscairtí | (431) | (16) | (447) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 35,702 | 6,679 | 42,381 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 27,660 | 6,433 | 34,093 |
| Aistrithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais[1] | 36 | 20 | 56 |
| Dímheas don bhliain | 1,952 | 61 | 2,013 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (430) | (16) | (446) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | 29,218 | 6,498 | 35,716 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **6,484** | **181** | **6,665** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **6,428** | **209** | **6,637** |

[1] Aistríodh sócmhainní TFC agus troscán agus feistis ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag eascairt as aistriú an Bhinse Comhionannais chuig an Roinn seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2013.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil arna bhForbairt

| | **Feidhmchláir ríomhaireachta inmheánacha** |
|---|---|
| | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2013 | 584 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain[1] | 916 |
| Curtha in úsáid sa bhliain | (1,378) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013 | 122 |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| **amhail an 31 Nollaig** | **€000** | **€000** |
| **Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim** | **23,785** | **27,985** |
| **Orduithe gan íoc** | **(3)** | **(56)** |
| | **23,782** | **27,929** |

## 2.5 Stoic

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| **amhail an 31 Nollaig** | **€000** | **€000** |
| **Páipéarachas** | **164** | **238** |
| **Soláthairtí TF** | **60** | **60** |
| **Ábhar glantacháin** | **15** | **19** |
| | **239** | **317** |

## 2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | €000 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | | 209 | 217 |
| Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha | | 427 | 483 |
| Caiteachas in-aisghabhála: | | | |
| Taisteal in-aisghabhála | 433 | | |
| Seirbhísí comhroinnte in-aisghabhála | 184 | | |
| Cnapshuimeanna pinsin in-aisghabhála | 167 | | |
| | | 784 | 675 |
| | | 1,420 | 1,375 |

1 Baineadh úsáid as cistiú €53,646 ón AE chun sócmhainní TFC a fháil faoi thionscadail an Chiste Comhoibrithe Paitinní.

## 2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 53 | 91 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 60 | 65 |
| Tobhach Ioncaim | — | (1) |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 68 | 86 |
| Cáin Bhreisluacha ar éadálacha laistigh den AE | 8 | 2 |
| | 189 | 243 |
| Iarmhéideanna sochair ilghnéitheacha | 2,056 | 3,786 |
| | 2,245 | 4,029 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas lena ghéilleadh | 21,935 | 20,864 |
| Géilleadh iarchurtha | 23,000 | 25,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (21,977) | (20,589) |

| | | |
|---|---|---|
| Glandliteanas don Státchiste | 22,958 | 25,275 |
| **Arb ionannas dó:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,782 | 27,929 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,420 | 1,375 |
| | 25,202 | 29,304 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (189) | (243) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (2,055) | (3,786) |
| | (2,244) | (4,029) |
| | 22,958 | 25,275 |

[1] Áirítear leis seo caiteachas ó ioncam acmhainne dílse.

## 2.9 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Fo-cheannteidil soláthair | 2,147 | 51 |
| Fo-cheannteidil deontais[1] | 1,309,880 | 1,082,095 |

**(B) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35 milliún**

| | Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2012 [2] | Caiteachas in 2013 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán na dtionscadal 2013 | Iomlán na dtionscadal 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 266,400 | 9,000 | 33,200 | 308,600 | 319,600 |
| Fiontraíocht Éireann | 116,299 | 33,001 | 173,359 | 322,659 | 210,159 |
| An Clár Forbartha, Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 205,818 | 77,953 | 219,845 | 503,616 | 306,155 |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | 82,503 | 18,193 | 93,702 | 194,398 | 194,399 |
| | 671,020 | 138,147 | 520,106 | 1,329,273 | 1,030,313 |

[2] Ní áirítear leis seo tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2012.

## 2.10 Dliteanais Aibithe.

Is é luach measta na ndliteanas aibithe neamh-urscaoilte ag deireadh na bliana ná €255,568 (2012: €162,831).

# Aguisín 2

## Billí a foilsíodh in 2013

- An Bille um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2013 – Foilsíodh an Bille an 23 Nollaig 2013.

  De réir phleananna an Rialtais chun na Gníomhaireachtaí Stáit a chuíchóiriú, foilsíodh reachtaíocht an 27 Nollaig 2013 chun, i measc eile, go bhféadfaí INAB aistriú isteach san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta – An Bille um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2013 – agus rith an tOireachtas é ar bhonn tosaíochta. I gcomhthreo leis an dul chun cinn reachtach, lean an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar aghaidh ag obair ar na saincheisteanna praiticiúla agus lóistíochúla a bhain le haistriú INAB.

- Foilsíodh Bille na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 an 5 Samhain, 2013. Shínigh an tUachtarán an tAcht an 24 Nollaig 2013.

- Foilsíodh Bille na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 sa Seanad an 23 Iúil 2013.

# Aguisín 3

## Ionstraimí Reachtúla a rinneadh in 2013

I.R. Uimh. 9 de 2013 Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) (Leasú) 2013

I.R. Uimh. 153 de 2013 An tOrdú fán Acht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007 (Ré Chuid 2), 2013

I.R. Uimh. 182 de 2013 Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú)

I.R. Uimh. 218 de 2013 An tOrdú fán Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1988 (Cuid 9)

I.R. Uimh. 238 de 2013 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú) 2013

I.R. Uimh. 291 de 2013 Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013

I.R. Uimh. 294 de 2013 An tOrdú um an Acht Ceárd-Chumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 1)

I.R. Uimh. 295 de 2013 An tOrdú um an Acht Ceárd-Chumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 2)

I.R. Uimh. 296 de 2013 An tOrdú um an Acht Ceárd-Chumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 3)

I.R. Uimh. 297 de 2013 An tOrdú um an Acht Ceárd-Chumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 4)

I.R. Uimh. 298 de 2013 An tOrdú um an Acht Ceárd-Chumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 5)

I.R. Uimh. 299 de 2013 An tOrdú um an Acht Ceárd-Chumann, 1941 (Ceadúnas Margántaíochta a Chúlghairm) (Uimh. 6)

I.R. Uimh. 571 de 2013 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) (Leasú), 2013

I.R. Uimh. 572 de 2013 Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha), 2013

# Aguisín 4

## Éachtaí a baineadh amach le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

**AN CHOMHAIRLE UM GHNÓTHAÍ EACHTRACHA (TRÁDÁIL)**

### Comhaontú ón gComhairle

- Comhaontú ón gComhairle maidir le sainordú i dtaobh caibidlíochta ar chomhaontú cuimsitheach trádála agus infheistíochta leis na Stáit Aontaithe.
- Glacadh Cinnidh lena n-údaraítear don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta leis an Téalainn ar chomhaontú saorthrádála, agus seoladh na caibidlíochta sin ina dhiaidh sin.
- Comhaontú ón gComhairle maidir le sainordú do chaibidlíocht ar Chomhaontú iltaobhach um Thrádáil Seirbhísí sa Ghinéiv.

### Reachtaíocht

- Baineadh comhaontú luath ar an dara léamh amach le Parlaimint na hEorpa i dtaobh Omnibus I agus sainchomhad, a bhaineann le hathruithe rialála ar nósanna imeachta cinnteoireachta AE maidir le beartas trádála.
- Baineadh comhréiteach maidir leis an Rialachán um Rochtain ar an Margadh amach i mí an Mhárta, rud ar fhormhuinigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa é i mí na Bealtaine.

### Ginearálta

- Ba í Éire an chéad tír, ó aimsir Chonradh Liospóin, a thionóil cruinniú neamhfhoirmiúil Airí Trádála le linn a hUachtaránachta.
- Cuir i bhfeidhm sealadach Comhaontuithe Saorthrádála le Peiriú agus leis an gColóim.
- Tús curtha le caibidlíocht nua ar chomhaontú trádála idir an AE agus an tSeapáin.
- Tús curtha le breithniú tosaigh na Comhairle ar Shainordú Infheistíochta AE-na Síne.
- Caibidlíocht trádála leis an Moldóiv curtha i gcrích.
- Éascú do rogha aonair AE sa phróiseas roghnúcháin i gcomhair Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Trádála – talamh uair briste don AE.
- Caibidlíocht curtha ar bun ar Chomhaontú um Limistéar Saorthrádála Doimhne Cuimsithí le Maracó.
- **Cinneadh ón gComhairle lenar bunaíodh seasamh an Aontais Eorpaigh i gComhairle TRIPS na hEagraíochta Domhanda Trádála ar an iarraidh ar shíneadh a chur leis an idirthréimhse faoi TRIPS.**

- Maenmar-Burma curtha ar ais sa Chóras Ghinearálaithe um Fhabhair.

## AN CHOMHAIRLE IOMAÍOCHAIS (COMPET)

### Comhaontuithe ar an gCéad Léamh

- Baineadh amach comhaontú polaitiúil tar éis dianchaibidlíochta idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach maidir le Creatchlár an AE um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís 2020), an pacáiste um Thaighde agus um Nuálaíocht ar fiú thart ar €80 billiún é, lena n-áirítear comhaontú ar an gClár Oibre Nuálaíochta Straitéisí de chuid na hInstitiúide Eorpaí Nuálaíochta agus Teicneolaíochta agus ar leasú an Rialacháin a rinneadh in 2008 lenar bunaíodh an Institiúid sin

- Comhaontú ar an gCéad Léamh ar an Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), agus glactha ag Parlaimint na hEorpa trí vóta

- Comhaontú ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa ar an Treoir lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint

- Dianchaibidlíocht fós ar bun chun Comhaontuithe ar an gCéad Léamh a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa maidir leis an bPacáiste um Sholáthar Poiblí.

- Comhaontú ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa ar an gClár um Iomaíochas fiontar agus FBManna (COSME) 2014-2020

- Comhaontú ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa maidir le Cód Custaim an Aontais (athmhúnlaithe)

- Comhaontú ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa ar na naoi dTreoir um chomhchuibhiú teicniúil lena gcuimsítear an Creat Reachtach Nua/an Pacáiste Ailínithe

- Scrúdú ar an gcéad léamh ar an Treoir ón AE ar Bhainistíocht Comhcheart sa Chomhairle agus dul chun cinn an tsainchomhaid chun sainordú polaitiúil a fháil chun dul i mbun caibidlíocht Trípháirtí le Parlaimint na hEorpa.

## Cur Chuige Ginearálta

- Cur Chuige Ginearálta aontaithe ar an togra ón gCoimisiún (Rialacháin athbhreithnithe Nós Imeachta agus Chumasúcháin) chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat um Chúnamh Stáit AE faoin tionscnamh um Státchabhair a Nuachóiriú

### Comhaontuithe arna Síniú

- Síniú curtha leis an gComhaontú um Chúirt Aontaithe na bPaitinní ag 25 Bhallstát

- Síniú curtha le comhaontú comhoibrithe idir an AE agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le saincheisteanna iomaíochta

- Cinneadh ón gComhairle lena gcumasaítear don AE síniú a chur le Conradh Bhéising ar Léirithe Closamhairc

### Conclúidí ón gComhairle

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialáil Chliste
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Beartas Tionsclaíoch Spáis
- Conclúidí ón gComhairle lena bhformhuinítear straitéis nua AE maidir le "Comhar Idirnáisiúnta sa taighde agus nuálaíocht a Fheabhsú agus a Spriocdhíriú: cur chuige straitéiseach"
- Conclúidí ón gComhairle a bhaineann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta: Áit na hEorpa i Rás Domhanda"
- Conclúidí ón gComhairle maidir le caidreamh cuí a bhunú idir an AE agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa

### Treoracha/Rialacháin a Glacadh

- Glacadh Treoir maidir le Réiteach Malartach Díospóidí agus Rialachán maidir le Réiteach Díospóide Ar Líne
- Glacadh Rialacháin maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha agus cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha
- Glacadh Rialachán ón gComhairle ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) maidir le dáta a chur i bhfeidhm

### Eile

- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i leith Togra le haghaidh Cinnidh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – lena mBunófar Clár Tacaíochta maidir le Faireachas agus Rianú Spáis
- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn agus Díospóireacht Treoshuímh ar Thogra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasófar Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchtaí reachtacha ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite (an Treoir Iniúchóireachta); agus Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí (an Rialachán Iniúchóireachta).
- Plé ón gComhairle maidir le foilseacháin le déanaí i dtaobh na Rialachán Ceimiceáin a bhaineann leis an Athbhreithniú REACH, an Dara hAthbhreithniú Rialála ar nana-ábhair agus Treochlár an Choimisiúin le haghaidh Substaintí arb Údar Mór Imní iad faoi REACH
- Plé polaitiúil ag na Comhairlí Iomaíochais neamhfhoirmiúla agus foirmiúla maidir le saincheisteanna a bhaineann le cóipcheart d'fhonn an clár oibre nuachóirithe um chóipcheart a chur chun cinn
- Plé domhain sa Chomhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Fiontraíochta 2020
- Bhí díospóireacht ar siúl sa Chomhairle maidir le feidhmíocht iomaíochais i dtaobh déantúsaíochta san Eoraip agus tugadh aghaidh ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha

ar nós srianta maoinithe agus beartais um Státchabhair, bearnaí scileanna agus tarraingteacht na déantúsaíochta do dhaoine óga. Go háirithe, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin (KETS) agus ar thiomantas an lucht Tionscail dá bhforbairt maidir lena thábhachtaí atá siad le haghaidh fáis agus post agus rannpháirtíocht FBManna atá nuálach.

- Seimeastar an AE – D'ullmhaigh an Uachtaránacht, tríd an nGrúpa Ardleibhéil um Iomaíochas, an plé i dtaobh Iomaíochais i Suirbhé Bliantúil Fáis an Choimisiúin don bhliain 2013 lenar seoladh an Seimeastar Eorpach 2013 i dtaobh chomhordú an bheartais gheilleagraigh. Lena chois sin, chuir an Uachtaránacht san áireamh sa phlé Tuarascáil ar chomhtháthú an Mhargaidh Aonair den chéad uair riamh. Ina theannta sin, chuir an díospóireacht feabhas ar ról na Comhairle Iomaíochais i dtaobh faireacháin agus i dtaobh treoir pholaitiúil a thabhairt maidir le bearta den sórt sin.

- Rinneadh an chéad léamh ar na tograí maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltóirí agus faireachas margaidh, atá araon mar chuid den phacáiste SMA II.

- Comhaontú polaitiúil ag Grúpa Ardleibhéil um Iomaíochas ar Chairt dheonach do na Pointí Teagmhála Aonair faoin Treoir um Sheirbhísí

## AN CHOMHAIRLE UM FHOSTAÍOCHT, BEARTAS SÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ (EPSCO)

### Forbairtí Reachtacha:

- Glacadh na Treorach maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (Réimsí leictreamaighnéadacha)

- Comhaontú polaitiúil i dtaobh na Treorach maidir le ceanglais íosta le haghaidh feabhas a chur ar shoghluaisteacht oibrithe trí fheabhas a chur ar fháil agus ar chaomhnú ceart forlíontach pinsin.

- Cur Chuige Ginearálta maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

- Thángthas ar chomhaontú polaitiúil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le clár an AE um Fhostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI)

### Seimeastar Eorpach:

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis 2013

- Glacadh Thuarascáil Chomhpháirteach Fhostaíochta 2013

- Glacadh Cinnidh lena gceadaítear na treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát do 2013

- Ceadú na nDréachtmholtaí ón gComhairle maidir leis na Cláir Athchóirithe Náisiúnta 2013 do gach Ballstát, lena n-áirítear an Nós Imeachta um Míchothromaíocht Mhacra-eacnamaíochta

- Formhuiniú na dtuairimí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le scrúdú ar na Cláir um Athchóiriú Náisiúnta (2013) agus cur chun feidhme Mholtaí 2012 is Sonrach do Thír Áirithe

- Tabhairt dá haire na tuairiscí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le measúnú ar phacáiste na bliana 2013 de Mholtaí na Comhairle, lena n-áirítear saincheisteanna leathana

- Formhuiniú ar an Monatóireacht ar Fheidhmíocht Fostaíochta (a d'ullmhaigh an Coiste Fostaíochta)

**Comhaontú ón gComhairle:**

- Comhaontú ón gComhairle maidir le Cinneadh lena n-údaraítear do Bhallstáit an Coinbhinsiún (Ceimiceáin) EIS 170 a dhaingniú

- Comhaontú ón gComhairle maidir le Cinneadh lena n-údaraítear do Bhallstáit daingniú a dhéanamh, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, ar Choinbhinsiún 189 maidir le hobair chuibhiúil d'oibrithe tí, 2011, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair

- Comhaontú ón gComhairle maidir le Treoirlínte an AE do chruinniú Airí Saothair agus Airí Fostaíochta an G20 a bheidh ar siúl i Moscó idir an 18-19 Iúil

**Moltaí/Conclúidí ón gComhairle:**

- Moladh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a Bhunú

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Cumarsáid: I dTreo Infheistíocht Shóisialta le haghaidh Fáis agus Comhtháthaithe

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Róil na mBan mar Chinnteoirí sna Meáin a Bhrú Chun Cinn

**Tugtha chun cinn ag an Uachtaránacht:**

- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i dtaobh an Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hOibrithe a Phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar

- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i dtaobh an Rialacháin maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí.

- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i dtaobh an Togra le haghaidh Treorach ar fheabhas a chur ar chothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin na gcuideachtaí atá liostaithe ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara

- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i dtaobh an Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an phrionsabail um chóir chomhionann idir daoine beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach

**Department of Jobs, Enterprise and Innovation**
**23 Kildare Street**
**Dublin 2**

**www.enterprise.gov.ie**
**Email: info@djei.ie**
**Tel: +353 1 631 2121**
**LoCall: 1890 220 222**